IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 299 de 2007**

---

# NA RIALACHÁIN UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR (FEIDHM GHINEARÁLTA) 2007

**(Prn. A7/1129)**

I.R. Uimh. 299 de 2007

# NA RIALACHÁIN UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR (FEIDHM GHINEARÁLTA) 2007

## RIAR NA RIALACHÁN

CUID 1

Léiriú agus Ginearálta

1. Lua agus tosach Feidhme

2. Léiriú

3. Cúlghairmeacha agus agúis

CUID 2

Áit Oibre agus Trealamh Oibre

Caibidil 1

*Áit oibre*

4. Léiriú do Chaibidil 1.

5. Cobhsaíocht agus daingne.

6. Aerú áiteanna iata oibre.

7. Teocht an tseomra.

8. Soilsiú nádúrtha agus saorga.

9. Urláir, ballaí, síleálacha agus díonta seomraí.

10. Fuinneoga agus spéirléasacha.

11. Doirse agus geataí.

12. Bealaí agus slite amach éalaithe.

13. Brath agus comhrac dóiteáin.

14. Gluaiseacht coisithe agus feithiclí i limistéir chontúirteacha.

15. Bearta sonracha le haghaidh staighrí creasa agus taistealaí.

16. Bánna lastála agus rampaí.

17. Toisí seomraí agus aerspás i seomraí agus saoirse ghluaiseachta ag an stáisiún oibre.

18. Ceanglais ghinearálta leasa.

19. Seomraí agus limistéir scíthe.

20. Saoráidí sláintíochta agus níocháin.

21. Seomraí gléasta agus taisceadáin.

22. Limistéir chóiríochta in áit oibre.

23. Áiteanna oibre faoin aer, forálacha speisialta.

24. Fostaithe torracha, iarbhreithe nó atá i mbun beathú cíche.

25. Fostaithe faoi mhíchumas.

26. Comhaontuithe maidir le háitribh a úsáidtear mar áit oibre.

Caibidil 2

*Úsáid Trealaimh Oibre*

27. Léiriú do Chaibidil 2.

28. Dualgais fostóra, úsáid trealaimh oibre.

29. Faisnéis agus treoir.

30. Iniúchadh ar threalamh oibre.

31. Cothabháil.

32. Feistí rialaithe.

33. Gardaí agus feistí cosanta.

34. Ceangal le foinsí fuinnimh.

35. Teagmháil le rothaí nó rianta trealaimh shoghluaiste oibre.

36. Córais tiomána trealaimh shoghluaiste oibre.

37. Innill dócháin trealaimh shoghluaiste oibre.

38. Iompú trealaimh shoghluaiste oibre.

39. Gabhaltrucailí ardaithe.

40. Sábháilteacht trealaimh fhéinghluaiste oibre.

41. Rialacha tráchta le haghaidh trealamh soghluaiste oibre.

42. Trealamh oibre chun ualaí a ardú.

43. Craenacha.

44. Tacaí ag trealamh ardaithe.

45. Trealamh oibre chun earraí nó daoine a ardú.

46. Crocháin agus ardaitheoirí.

47. Crocháin agus ardaitheoirí crangaidoibrithe.

48. Coinníollacha maidir le daoine a ardú.

49. Gabhálais ardaithe.

50. Trealamh oibre chun ualaí neamhthreoraithe a ardú.

51. Trealamh oibre — comharthaíocht agus oibríocht.

52. Scrúdú agus tástáil trealaimh ardaithe.

53. Tuarascálacha ó dhaoine inniúla.

54. Coimeád taifead agus clár de threalamh ardaithe.

55. Ualaí sábháilte oibre le haghaidh tochaltóirí, línte tarraingthe, teilealáimsitheoirí, luchtóirí nó tochaltóirí agus lódairí comhcheangailte nuair a úsáidtear iad mar chraenacha.

56. Ceanglais shonracha le haghaidh craenacha deirice dinge agus teanntráin.

57. Tógáil, tástáil, scrúdú agus ualach sábháilte oibre gabhálas ardaithe.

58. Seachadadh ualaí le gabhálais ardaithe ceangailte.

59. Dualgas daoine a thugann trealamh ardaithe ar cíos do dhaoine eile.

60. Dualgas an mháistir loinge i leith trealamh ardaithe a scrúdú.

61. Dualgas úinéara árthaigh iascaireachta i leith trealamh ardaithe a scrúdú.

Caibidil 3

*Trealamh Cosanta Pearsanta*

62. Trealamh cosanta pearsanta a sholáthar.

63. Measúnú ar threalamh cosanta pearsanta.

64. Coinníollacha úsáide agus comhoiriúnacht.

65. Úsáid phearsanta.

66. Cothabháil agus athsholáthar.

67. Faisnéis, oiliúint agus treoir.

Caibidil 4

*Láimhsiú Ualaí*

68. Léiriú do Chaibidil 4.

69. Dualgais fostóra.

Caibidil 5

*Trealamh Scáileán Taispeána*

70. Léiriú do Chaibidil 5.

71. Neamhfheidhm Chaibidil 5.

72. Dualgais fostóra.

73. Tástálacha súl agus fearais cheartaitheacha a sholáthar.

CUID 3

Leictreachas

74. Léiriú do Chuid 3.

75. Feidhm Chuid 3.

76. Oiriúnacht trealaimh leictrigh agus suiteálacha leictreacha.

77. Timpeallachtaí dochracha nó guaiseacha.

78. Sainaithint agus marcáil.

79. Cosaint in aghaidh turraing leictreach faoi ghnáthchoinníollacha.

80. Cosaint ar thurraing leictreach faoi fhabhtchoinníollacha.

81. Trealamh iniompartha.

82. Ceangail agus cáblaí.

83. Cosaint forshrutha.

84. Soláthar ó ghineadóir cúnta agus ó cheallra.

85. Lascadh agus leithlisliú le haghaidh oibre ar threalamh déanta neamhbheo.

86. Réamhchúraimí le haghaidh oibre ar threalamh leictreach.

87. Spás oibre, rochtain agus soilsiú.

88. Daoine le bheith inniúil chun contúirt a chosc.

89.Tástáil agus iniúchadh.

90. Cosaint talamhligin le haghaidh voltais níos airde.

91. Fostáisiún agus príomh-lascsheomra.

92. Fálú trealaimh faoin aer.

93. Línte lastuas agus cáblaí faoi thalamh.

CUID 4

OBAIR AR AIRDE

94. Léiriú do chuid 4.

95. Eagrúchán, pleanáil agus measúnú baoil.

96. Seiceáil áiteanna oibre ar airde.

97. Dálaí aimsire.

98. Seachaint baoil ó obair ar airde.

99. Cosaint áiteanna oibre ar airde.

100. Roghnú trealaimh oibre le haghaidh oibre ar airde.

101. Bail dromchlaí le haghaidh déanmhais taca.

102. Cobhsaíocht déanmhais taca.

103. Ráillí cosanta, coschláir, baic, srl.

104. Cobhsaíocht ardán oibre.

105 Sábháilteacht ardán oibre.

106. Lastáil ardán oibre agus déanmhas taca.

107. Scafall, ceanglais bhreise.

108. Cosaintí cnuasaitheacha chun titimí a chosc.

109. Córais choisc phearsanta titime.

110. Córais suite oibre.

111. Rochtain rópa nó teicníocht suite.

112. Córais chun titim a chosc.

113. Córais srianta oibre.

114. Dréimirí.

115. Dromchlaí sobhriste.

116. Rudaí ag titim.

117. Limistéir bhaolacha.

118. Léiriú do Rialachán 119.

119. Iniúchadh ar threalamh oibre.

CUID 5

Gníomhaithe Fisiceacha

Caibidil 1

*Rialú Torainn ag an Obair*

120. Léiriú.

121. Feidhm.

122. Idirthréimhsí.

123. Uasluachanna teagmhas faoi lé agus gníomhluachanna teagmhas faoi lé.

124. Cinneadh agus measúnú na mbaol os cionn íos-ghníomhluach teagmhas faoi lé.

125. Forálacha atá ceaptha chun teagmhas faoi lé a sheachaint nó a laghdú.

126. Feidhm uas-ghníomhluachanna teagmhas faoi lé.

127. Cosc ar theagmhas faoi lé os cionn leibhéal torainn de 85dB(A).

128. Feidhm an uasluacha teagmhas faoi lé.

129. Cosaint phearsanta.

130. Faisnéis, oiliúint agus comhairliúchán don fhostaí.

131. Faireachas sláinte, taifid agus éifeachtaí.

132. Díolúintí.

Caibidil 2

*Rialú Tonnchreatha ag an Obair*

133. Léiriú.

134. Idirthréimhsí.

135. Uasluachanna teagmhas faoi lé agus gníomhluachanna teagmhas faoi lé.

136. Cinneadh agus measúnú baol.

137. Forálacha atá ceaptha chun teagmhas faoi lé a sheachaint nó a laghdú.

138. Feidhm ghníomhluachanna teagmhas faoi lé.

139. Feidhm uasluachanna teagmhas faoi lé.

140. Faisnéis agus oiliúint don fhostaí.

141. Faireachas sláinte, taifid agus éifeachtaí.

142. Díolúintí.

CUID 6

Grúpaí Leochaileacha Ardbhaoil

Caibidil 1

*Cosaint Leanaí agus Daoine Óga*

143. Léiriú do Chaibidil 1.

144. Measúnú baoil.

145. Imthosca a choisceann fostaíocht linbh nó duine óig.

146. Faireachas sláinte.

Caibidil 2

*Cosaint fostaithe torracha, iarbhreithe nó atá i mbun beathú cíche.*

147. Léiriú do Chaibidil 2.

148. Feidhm Chaibidil 2.

149. Measúnú baoil.

150. Bearta cosanta nó coisctheacha.

151. Obair oíche.

152. Faisnéis.

Caibidil 3

*Obair oíche agus Sealobair*

153. Léiriú do Chaibidil 3.

154. Feidhm Chaibidil 3.

155. Measúnú baoil le haghaidh obair oíche.

156. Bearta cosanta nó coisctheacha maidir le hoibrithe oíche agus sealoibrithe.

157. Measúnú sláinte agus aistriú chuig obair lae.

CUID 7

Comharthaí Sábháilteachta agus Garchabhair

Caibidil 1

*Comharthaí Sábháilteachta in Áiteanna Oibre*

158. Léiriú do Chaibidil 1.

159. Feidhm Chaibidil 1.

160. Soláthar comharthaí sábháilteachta.

161. Faisnéis agus treoir d'fhostaithe.

162. Cosc ar fhaisnéis neamhúdaraithe ar chomharthaí.

Caibidil 2

*Garchabhair*

163. Léiriú do Chaibidil 2.

164. Feidhm Chaibidil 2.

165. Soláthar garchabhrach.

166. Seomraí garchabhrach.

CUID 8

Atmaisféir Phléascacha in Áiteanna Oibre

167 Léiriú do Chuid 8.

168 Feidhm Chuid 8.

169. Measúnú baoil phléisce agus doiciméad um chosaint ar phléasc.

170. Aicmiú áiteanna ina bhféadfadh atmaisféir phléascacha tarlú.

171. Cosaint ar phléasc.

172. Sábháilteacht ghléasra, trealaimh agus chóras cosanta.

173. Oiliúint, treoracha, ceadanna oibre.

174. Cosaint fostaithe ar phléasc.

175. Comhordú in áiteanna oibre.

## SCEIDEAL 1

### Ceanglais le hAghaidh Trealamh Oibre

### CUID A

Díolúine Ó Fhorálacha Áirithe de Rialacháin 46

### CUID B

Tréimhse de Mhionscrúdú ar Threalamh Ardaithe, ar Threalamh Gabháltais Ardaithe nó ar Threalamh Ilghnéitheach eile

### CUID C

Imthosca a Éilíonn Tástáil Trealaimh Ardaithe mar chuid de Mhionscrúdú

### CUID D

Tá Trealamh a Bhfuil Feidhm Ardaithe aige faoi réir Rialachán 30 agus níl sé faoi réir Rialachán 52.

### CUID E

Faisnéis le chur i dTuarascáil Mhionscrúdaithe

## SCEIDEAL 2

### Trealamh Pearsanta Cosanta

### CUID A

Treoirliosta de Ghníomhaíochtaí agus Réimsí Gníomhaíochta a d'Fhéadfadh Soláthar Trealaimh Phearsanta Chosanta a Éileamh

### CUID B

Treoirliosta de Threalamh Pearsanta Cosanta

## SCEIDEAL 3

Fachtóirí Baoil le hAghaidh Láimhsiú Ualaí

## SCEIDEAL 4

Ceanglais Íosta do gach Trealamh Scáileán Taispeána

## SCEIDEAL 5

Sonraí le cur i dTuarascáil Iniúchta

## SCEIDEAL 6

### Creathadh Lámh agus Creathadh Coirp Uile

### CUID A

Tonnchrith Lámh

### CUID B

Tonnchrith Coirp Uile

## SCEIDEAL 7

### Cosaint Leanaí agus Daoine Óga

### CUID A

Treoirliosta d'Oibreáin, de Phróisis agus d'Obair

### CUID B

Próisis agus Obair

## SCEIDEAL 8

### Liosta d'Oibreáin agus de Choinníollacha Oibre a Bhaineann le Fostaithe Torracha, Iarbhreithe agus atá i mBun Beathú Cíche

### CUID A

Fostaithe Torracha, Iarbhreithe agus atá i mBun Beathú Cíche

### CUID B

Fostaithe Torracha

### CUID C

Fostaithe atá i mBun Beathú Cíche

## SCEIDEAL 9

### Comharthaí Sábháil Teachta ag an Obair

### CUID A

Ceanglais Ghinearálta

## CUID B

### Cláir Chomharthaí

## CUID C

### Comharthaí ar Shoithigh agus ar Phíopaí

## CUID D

### Sainaithint agus Suíomh Trealaimh Chomhraicthe Dóiteáin a Úsáidtear chun Dóiteáin a Chomhrac

## CUID E

### Comharthaí a Úsáidtear do Chonstaicí agus do Shuíomhanna Contúirteacha agus chun Bealaí Tráchta a Mharcáil

## CUID F

### Comharthaí Soilsithe

## CUID G

### Comharthaí Fuaimiúla

## CUID H

### Cumarsáid Bhriathartha

## CUID I

### Comharthaí Láimhe

## SCEIDEAL 10

### Atmaisféir Phléascacha

## CUID A

### Aicmiú Suíomhanna ina bhFéadfadh Atmaisféir Phléascacha Tarlú

## CUID B

### Comhartha Rabhaidh do Shuíomhanna ina bhFéadfadh Atmaisféir Phléascacha Tarlú

I.R. Uimh. 299 de 2007

# NA RIALACHÁIN UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR (FEIDHM GHINEARÁLTA) 2007

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 58 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005) agus leis an Ordú Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Tarmligean Feidhmeanna Aire) 2005 (I.R. Uimh. 316 de 2005), agus tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, déanaimse, Tony Killeen, an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, na rialacháin seo a leanas—

## CUID 1

### Léiriú agus Ginearálta

*Lua agus tosach feidhme.*

1. (1) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 is teideal do na Rialacháin seo.

(2) Tagann na Rialacháin seo i ngníomh ar 1 Samhain 2007.

*Léiriú.*

2. (1) Sna Rialacháin seo:

ciallaíonn “Acht” an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005);

ciallaíonn “trealamh ardaithe” trealamh oibre chun rudaí a ardú, ualaí a ísliú nó chun pílí a shá agus áireofar aon rud a úsáidtear chun an trealamh seo a chur ar ancaire, a dheisiú nó tacaíocht a thabhairt dó.

ciallaíonn “trealamh cosanta pearsanta” gach trealamh atá ceaptha le caitheamh nó bheith i sealúchas fostaí mar chosaint ar ghuais amháin nó níos mó is dócha a chuirfeadh sábháilteacht agus sláinte an fhostaí ag an obair i mbaol, agus áirítear aon bhreisithe nó aon ghabhálas trealaimh, más mar sin a ceapadh, ach ní áirítear—

(*a*) gnáthéadaí oibre agus éidí nár cheapadh go sonrach d’fhonn sábháilteacht agus sláinte an fhostaí a chosaint,

(*b*) trealamh pearsanta cosanta le haghaidh iompair ar bhóthar,

(*c*) trealamh spóirt,

(*d*) trealamh féinchosanta nó bactha, nó

*Foilsíodh fógra maidir le déanamh na hIonstraime Reachtúla seo in Iris Oifigiúil an* 3 *Iúil* 2007.

(*e*) feistí iniompartha chun baoil nó núiseanna a bhrath nó a chomharthú;

ciallaíonn "bóthar poiblí", bóthar a bhfuil a chuid freagrachta leagtha ar údarás bóithre;

ciallaíonn "údarás bóithre" comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle baile (de réir bhrí Acht an Rialtais Áitiúil 2001 (Uimh. 37 de 2001)) seachas comhairle baile a luaitear i gCuid 2 de Sceideal 6 a ghabhann leis an Acht sin;

ciallaíonn "trealamh oibre" aon innealra, fearas, gaireas, uirlis nó suiteáil le húsáid ag an obair.

(2) Áiritheoidh fostóir, áit a ndéanfar na gníomhaíochtaí a luaitear in alt 6 agus 11(5) den Acht, go gcosnófar sábháilteacht, sláinte agus leas fhostaithe an fhostóra, a mhéid is féidir, agus na forálacha iomchuí reachtaíochta á gcur i gcuntas.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht alt 19 den Acht, cuirfidh fostóirí guaiseacha áirithe i gcuntas agus iad ag sainaithint guaiseacha agus ag measúnú baol faon alt sin, más ann do na guaiseacha áirithe sin, ar guaiseacha iad a mbeadh éifeacht acu ar fhostaithe a oibríonn ina n-aonar san áit oibre nó a oibríonn ina n-aonar i suíomhanna iargúlta.

(4) Aon tagairt sna Rialacháin seo d'fhorálacha cuimsithe faoi ghinearáltacht an Achta is tagairt í gan dochar do cheanglais na bhforálacha sin san Acht.

*Cúlghairmeacha agus agúis.*

3. (1) Déantar iad seo a leanas a chúlghairm:

(*a*) Na Rialacháin Mhonarchan (Tuarascáil ar Scrúdú Crocháin agus Ardaitheoirí) 1956 (I.R. Uimh. 182 de 1956),

(*b*) An tOrdú um an Acht Monarchan 1955 (Díolúine) (Crocháin) 1957 (I.R. Uimh. 80 de 1957),

(*c*) An tOrdú um An Acht Monarchan 1955 (Ardaitheoirí) (Díolúine) 1960 (I.R. Uimh. 129 de 1960),

(*d*) Rialacháin 22 go 35 agus 37 agus 38 agus an Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin um na Dugaí (Sábháilteacht, Sláinte agus Leas) 1960 (I.R. Uimh. 279 de 1960),

(*e*) An tOrdú um an Acht Monarchan 1955 (Bealaí Ardaitheora) (Díolúine) 1962 (I.R. Uimh. 211 de 1962),

(*f*) Na Rialacháin Cairéal (Leictreachas) 1972 (I.R. Uimh. 50 de 1972),

(*g*) Na Rialacháin (Leictreachas) Mianach 1972 (I.R. Uimh. 51 de 1972),

(*h*) Na Rialacháin Cairéal (Ginearálta) 1974 (I.R. Uimh. 146 de 1974) go feadh an méid i Rialachán 3, na sainmhínithe le haghaidh "fearas ardaithe" agus "ualach sábháilte oibre", Rialacháin 40 agus 41, sa

Chéad Sceideal “FOIRM Uimh. 3” agus “FOIRM Uimh. 5” agus an Dara Sceideal,

(*i*) Na Rialacháin um Thógáil agus Cóiriú Long (Sábháilteacht, Sláinte agus Leas) 1975 (I.R. Uimh. 322 de 1975) go feadh an méid i Rialachán 3(1), na sainmhínithe le haghaidh “trealamh ardaithe” agus “gléasra ardaithe” agus Rialacháin 32 go 48,

(*j*) An tOrdú um an Acht Monarchan 1955 (Bealaí Ardaitheora) (Díolúine) 1976 (I.R. Uimh. 236 de 1976),

(*k*) An tOrdú um an Acht Monarchan (Crocháin) (Díolúine) 1977 (I.R. Uimh. 13 de 1977),

(*l*) Na Rialacháin Mianach (Leictreachas) (Leasú) 1979 (I.R. Uimh. 125 de 1979),

(*m*) Na Rialacháin Cairéal (Leictreachas) (Leasú) Cairéal 1979 (I.R. Uimh. 126 de 1979),

(*n*) Am tOrdú um na nAchtanna um Shábháilteacht i dTionscal 1955 agus 1980 (Crocháin agus Bealaí Ardaitheoirí) (Díolúine) 1985 (I.R. Uimh. 100 de 1985),

(*o*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 1993 (I.R. Uimh. 44 de 1993), seachas Cuid X agus an Dara Sceideal Déag,

(*p*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Comharthaí) 1995 (I.R. Uimh. 132 de 1995),

(*q*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Forálacha Ilghnéitheacha Leasa) (I.R. Uimh. 358 de 1995),

(*r*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Leanaí agus Daoine Óga) 1998 (I.R. Uimh. 504 de 1998),

(*s*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Obair Oíche agus Uain-Obair) 2000 (I.R. Uimh. 11 de 2000),

(*t*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Fostaithe Torracha, srl.) 2000 (I.R. Uimh. 218 de 2000),

(*u*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) 2001 (I.R. Uimh. 188 de 2001),

(*v*) Rialacháin 80 go 123 de Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2001 (I.R. Uimh. 481 de 2001),

(*w*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Atmaisféir Phléascacha) 2003 (I.R. Uimh. 258 de 2003),

(*x*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Obair ar Airde) 2006 (I.R. Uimh. 318 de 2006),

(*y*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialú Creathaidh ag an Obair) 2006 (I.R. Uimh. 370 de 2006), agus

(*z*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialú Torainn ag an Obair) 2006 (I.R. Uimh. 371 de 2006), seachas Rialacháin 11(3) de na Rialacháin sin.

(2) Déanfar Rialachán 11(3) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialú Torainn ag an Obair) 2006 (I.R. Uimh. 371 de 2006) a chúlghairm ar an 14 Feabhra, 2008.

## CUID 2

## Áit Oibre agus Trealamh Oibre

### Caibidil 1

### *Áit oibre*

*Léiriú do Chaibidil 1.*

4. Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn "áit oibre" áit oibre a bhfuil sé ar intinn í a úsáid mar áitreabh le haghaidh stáisiúin oibre in áitreabh an ghnóthais agus aon áit eile laistigh de limistéir an ghnóthais a bhfuil rochtain ag an bhfostaí uirthi le linn a c(*h*)uid fostaíochta ach ní áirítear—

(*a*) modhanna iompair a úsáidtear lasmuigh den ghnóthas nó áit oibre laistigh de mhodh iompair,

(*b*) suíomhanna sealadacha nó soghluaiste oibre, suíomhanna tógála san áireamh,

(*c*) tionscail eastóscacha,

(*d*) báid iascaireachta,

(*e*) páirceanna, coillte agus talamh atá mar chuid de ghnóthas talmhaíochta nó foraoiseachta ach atá lonnaithe in áit eile seachas foirgnimh an ghnóthais.

*Cobhsaíocht agus Daingne.*

5. Áiritheoidh fostóir go mbeidh foirgnimh ina bhfuil áiteanna oibre ina ndéanmhais agus den daingne a thagann lena sprioc úsáide.

*Aerú áiteanna iata oibre.*

6. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go soláthrófar go leor aeir úr in áiteanna iata oibre, ag féachaint do na modhanna oibre a úsáidfear agus na héilimh fhisiceacha a leagtar ar fhostaithe an fhostóra,

(*b*) má úsáidtear córas aeráil fhórsáilte, go gcoinneofar i ngléas é agus go léireofar aon teip sa chóras rialaithe más gá do shábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe,

(*c*) má úsáidtear suiteálacha aerchóirithe nó suiteálacha aeraithe mheicniúil, go n-oibreoidh siad sa chaoi nach gcuirfear isteach ar chompord na bhfostaithe le siorraí, agus

(*d*) go mbainfear gan mhoill aon spruadar nó salachar is dócha a d'fhéadfadh bheith ina chontúirt láithreach do shábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe tríd an atmaisféar a thruailliú.

*Teocht an tseomra.*

7. (1) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go mbeidh an teocht i seomraí ina bhfuil stáisiúin oibre iomchuí don duine, ag féachaint do na modhanna oibre a úsáidtear agus na héilimh fhisiceacha a leagtar ar na fostaithe le linn uaireanta oibre,

(*b*) go mbainfear amach, d'obair ar suí, íosteocht de 17.5°C, a mhéid is féidir le réasún agus go gcothófar í ag gach stáisiún oibre i ndiaidh na chéad uaire oibre,

(*c*) go mbainfear amach, d'obair ar suí eile, íosteocht de 16°C, a mhéid is féidir le réasún, agus go gcothófar í ag gach stáisiún oibre i ndiaidh na chéad uaire oibre ag a gcaitear cuid shubstaintiúil den lá i gcomhair oibre ar suí agus nach bhfuil iarracht fhisiceach mhór i gceist,

(*d*) go mbeidh acmhainn ar fáil le cur ar chumas daoine ag an obair an teocht a mheas ag áit oibre ar bith laistigh d'fhoirgneamh,

(*e*) go mbeidh an teocht i limistéir scíthe, seomraí don fhoireann dualgais, saoráidí sláintíochta, bialanna agus seomraí garchabhrach ina teocht iomchuí chun na críche beartaithe,

(*f*) i ndáil le fuinneoga, spéirléasacha agus spiaraí gloine go seachnófar éifeachtaí iomarcacha ó sholas na gréine in áiteanna oibre, ag féachaint do chineál na hoibre agus tréithe na láithreach oibre.

(2) Teocht tirimbholgáin, dá dtagraítear i míreanna (1)(*b*) agus (*c*), a bheidh sa teocht a thomhaisfear ag suíomh oibre an fhostaí ag 1.1m os cionn dhromchla an urláir.

(3) I gcás ina dteastódh teocht in áit oibre níos ísle ná 16°C de bharr riachtanais phróisis, déanfaidh fostóir measúnú ar na baoil agus déanfaidh aon bheart is gá le sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe a chinntiú.

*Soilsiú nádúrtha agus saorga.*

8. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go bhfaighidh áiteanna oibre, a mhéid is féidir, go leor solas nádúrtha agus go mbeidh siad feistithe le soilsiú saorga leordhóthanach d'fhonn sábháilteacht agus sláinte fostaithe an fhostóra a chosaint,

(*b*) go gcuirfear suiteálacha soilsithe i seomraí ina bhfuil stáisiúin oibre agus i bpasáistí sa gcaoi nach baol timpiste d'fhostaithe an fhostóra iad de bharr chineál an tsoilsithe a suiteáladh,

(*c*) go soláthrófar áiteanna oibre le soilsiú éigeandála de chumhacht leordhóthanach, áit ina gcuirfí fostaithe an fhostóra in ardbhaol i gcás theip an tsoilsithe shaorga.

*Urláir, ballaí, síleálacha agus díonta seomraí.*

9. (1) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) nach mbeidh meallta, poill, nó fánaí contúirteacha in urláir na seomraí agus go mbeidh siad suite, seasmhach, agus a mhéid is féidir le réasún, neamhsciorrach,

(*b*) go mbeidh dromchlaí na n-urlár, ballaí agus síleálacha i seomraí ar chaighdeán is féidir a ghlanadh nó a athchóiriú ag leibhéal cuí sláinteachais,

(*c*) nach gceadófar rochtain ar dhíonta agus ar shíleálacha crochta déanta as ábhair nach bhfuil daingean go leor ach amháin—

(i) má chuirtear trealamh ar fáil le cinntiú gur féidir an obair a dhéanamh ar bhealach sábháilte, agus

(ii) má chuirtear comharthaí rabhaidh iomchuí de réir Chuid 7, Caibidil 1 ag na pointí rochtana sin,

(*d*) go mbeidh ballaí trédhearcacha tréshoilseacha, spiaraí lánghloine go háirithe, i seomraí nó i bhfoisceacht stáisiúin oibre agus bealaí tráchta—

(i) léirithe go soiléir,

(ii) déanta as ábhar sábháilte, nó

(iii) cumhdaithe ó na háiteanna nó bealaí tráchta sin,

le fostaithe a chosc ó theagmháil leis na ballaí nó d'fhonn gortuithe a sheachaint dá bpléascfadh na ballaí, agus

(*e*) go mbeidh áiteanna oibre, ina bhfuil stáisiúin oibre, teirminslithe go leordhóthanach, ag meabhrú an chineáil ghnóthais atá i gceist agus ghníomhaíocht fhisiceach na bhfostaithe.

(2) Níl feidhm ag alt (1)(*e*) maidir le háiteanna oibre a úsáideadh roimh 31 Nollaig 1992, ach amháin i ndáil le hathruithe, sínte nó athchóirithe a rinneadh tar éis an dáta sin.

*Fuinneoga agus Spéirléasacha*

10. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) más féidir le fostaithe fuinneoga, spéirléasacha agus aerthóirí a oscailt, a dhúnadh, a shocrú nó á dhaingniú—

(i) gur féidir é seo a dhéanamh go sábháilte, agus

(ii) nach mbeidh na fuinneoga, spéirléasacha agus aerthóirí sin suite in áit a bheadh baolach d'fhostaithe agus iad ar oscailt, agus

(*b*) gur féidir na fuinneoga agus spéirléasacha a ghlanadh gan bhaol do shábháilteacht, shláinte nó leas na ndaoine a dhéanann an obair seo nó na ndaoine eile atá i láthair—

(i) de bharr an dearaidh,

(ii) de bhíthin bheith feistithe le feistí, nó

(iii) in éineacht le húsáid trealaimh.

*Doirse agus geataí.*

11. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go dtagann suíomh, lion agus toisí doirse agus geataí, agus na hábhair a úsáidtear le n-iad a thógáil, le cineál agus úsáid na seomraí nó limistéar agus go mbeidh said iomchuí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe,

(*b*) go mbeidh luascdhoirse agus luascgheataí trédhearcach nó feistithe le painéil thrédhearcacha,

(*c*) go marcálfar doirse trédhearcacha go cuí ag leibhéal feiceálach,

(*d*) go gcosnófar dromchlaí trédhearcacha nó tréshoilseacha doirse agus geataí ó bhriseadh murar úsáideadh ábhair shábháilteachta ina ndéantúis agus má tá an baol ann go ngortófaí fostaithe dá bpléascfadh doras nó geata,

(*e*) go bhfeisteofar doirse agus geataí sleamhnáin le feiste sábháilteachta chun iad a chosaint ar dhíráilliú nó ar thitim,

(*f*) go bhfeisteofar doirse nó geataí a osclaíonn ina airde, le meicníocht chun iad a chosc ar thitim siar,

(*g*) go mbeidh doirse nó geataí do thrácht coisithe díreach i gcóngaracht gheataí atá ceaptha go príomha do thrácht feithiclí, ach amháin má tá sé sábháilte do choisithe gabháil tríothu, agus go marcálfar na doirse nó geataí seo go soiléir agus go gcoinneofar iad ó bhacadh gach uile thráth, agus

(*h*) maidir le doirse nó geataí meicniúla—

(i) go bhfeidhmeoidh siad sa gcaoi nach baol timpiste d'fhostaithe iad,

(ii) go mbeidh siad feistithe le feistí múchta éigeandála atá so-aitheanta agus inrochtana, agus

(iii) gur féidir iad a oscailt leis na lámha i gcás go bhfeidhmíonn siad mar bhealach éalaithe, ach amháin má osclaíonn siad go huathoibríoch i gcás cliseadh cumhachta.

*Bealaí agus slite amach éalaithe.*

12. Gan dochar d'alt 11 den Acht, d'Achtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003 (Uimh. 30 de 1981 agus Uimh. 15 de 2003) agus do reachtaíocht iomchuí eile, áiritheoidh fostóir—

(*a*) go gcoinneofar bealaí éalaithe chuig slite amach agus na bealaí amach féin soar ó bhacadh ag am ar bith agus go n-osclóidh siad amach faoin aer nó chuig áit shábháilte chomh díreach agus is féidir,

(*b*) gur féidir le fostaithe gach stáisiún oibre a thréigean i gcás práinne chomh luath agus chomh sábháilte agus is féidir,

(*c*) go mbeidh lion, dáileadh agus toisí na mbealaí agus na slite amach éalaithe oiriúnach d'úsáid, trealamh agus toisí na háite oibre agus don uaslíon daoine a d'fhéadfadh a bheith i láthair,

(*d*) go n-osclóidh doirse éalaithe amach,

(*e*) nach úsáidfear aon doirse sleamhnáin nó roithleánacha atá feistithe, nó nach bhfuil sé i gceist iad a úsáid, mar shlite amach éalaithe,

(*f*) nach nglasálfar nó nach ndaingneofar doirse agus geataí amach éalaithe sa gcaoi nach féidir le duine iad a oscailt go héasca ar an toirt faoi mar a theastódh i gcás práinne,

(*g*) go léireofar bealaí agus slite amach éalaithe le comharthaí de réir Chuid 7, Caibidil 1 agus go gcuirfear a leithéid de chomharthaí in áiteanna cuí agus go mbeidh siad leormharthanach,

(*h*) go gcoinneofar bealaí agus slite amach éalaithe, agus na bealaí tráchta agus doirse a dtugtar rochtain dóibh, saor ó bhacadh ionas gur féidir iad a úsáid gach uile tráth gan bhac, agus

(*i*) go soláthrófar bealaí agus slite amach éalaithe, a dteastaíonn soilsiú uathu, le soilsiú éigeandála a bheadh leordhóthanach i gcás go gclisfeadh an soilsiú.

*Brath agus comhrac dóiteáin.*

13. Gan dochar d'alt 11 den Acht, d'Achtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003 (Uimh. 30 de 1981 agus Uimh. 15 de 2003) agus do reachtaíocht iomchuí eile, áiritheoidh fostóir—

(*a*) go mbeidh áit oibre feistithe leis an trealamh cuí comhraicthe dóiteáin agus, de réir mar is gá, brathadóirí dóiteáin agus córas aláraim, ag cur na nithe seo a leanas i gcuntas—

(i) toisí agus úsáid na bhfoirgneamh,

(ii) an trealamh iontu,

(iii) tréithe fisiceacha agus ceimiceacha na substaintí atá i láthair, agus

(iv) an t-uaslíon daoine a d'fhéadfadh bheith i láthair,

(*b*) agus go mbeidh trealamh comhraicthe dóiteáin—

(i) inrochtana agus éasca le húsáid, agus

(ii) go ndéanfaidh duine inniúil seirbhísiú air chomh minic agus is gá.

*Gluaiseacht coisithe agus feithiclí i limistéir chontúirteacha.*

14. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go n-eagrófar áiteanna oibre laistigh agus lasmuigh sa gcaoi gur féidir le coisithe agus feithiclí dul timpeall ar bhealach sábháilte,

(*b*) go ndearfar, suífear agus dtoiseofar bealaí tráchta, lena n-áirítear staighrí, dréimirí socraithe agus bánna agus rampaí lastála, sa gcaoi a chinnteoidh rochtain éasca shábháilte chuí do choisithe nó d'fheithiclí ionas nach gcuirfear fostaithe a oibríonn i gcóngaracht na mbealaí seo i mbaol,

(*c*) go dtoiseofar bealaí a úsáidtear do thrácht coisithe nó earraí, nó don dá rud de réir líon na n-úsáideoirí a d'fhéadfadh a bheith ann agus de réir an chineáil ghnóthais,

(*d*) go soláthrófar scóip shábháilteachta do choisithe má úsáidtear modhanna iompair ar bhealaí tráchta,

(*e*) go dtabharfar scóip leordhóthanach idir bealaí tráchta feithiclí agus doirse, geataí, pasáistí do choisithe, dorchlaí, agus staighrí,

(*f*) go léireofar bealaí coisithe agus tráchta go soiléir d'fhonn fostaithe a chosaint, i gcás go n-éileodh úsáid agus trealamh na n-áiteanna oibre é, agus

(*g*) má tá limistéir bhaolacha sna háiteanna oibre agus má tá an baol ann go dtitfeadh fostaí nó rudaí de bharr chineál na hoibre, go mbeidh siad—

(i) feistithe oiread agus is féidir le feistí a choisceann iontráil fostaithe neamhúdaraithe, agus

(ii) léirithe go soiléir agus

go ndéanfar an beart cuí d'fhonn fostaithe atá údaraithe le dul isteach i limistéir bhaolacha a chosaint.

*Bearta sonracha le haghaidh staighrí creasa agus taistealaí.*

15. Áiritheoidh fostóir go bhfeidhmeoidh staighrí creasa agus taistealaí—

(*a*) go sábháilte,

(*b*) go mbeidh siad feistithe le haon fheiste sábháilteachta is gá, agus

(*c*) go mbeidh siad feistithe le feistí múchta éigeandála atá so-aitheanta agus inrochtana.

*Bánna lastála agus rampaí.*

16. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go dtiocfaidh bánna lastála agus rampaí le toisí na lastas le hiompar,

(*b*) go mbeidh rampaí lastála, a mhéid is féidir, sábháilte go leor ionas nach dtitfeadh fostaithe díobh,

(*c*) go mbeidh ar a laghad pointe amháin amach ag bánna lastála, agus

(*d*) go mbeidh pointí amach ó cheann ceann ag bánna lastála atá níos faide ná leithead 5 fheithicil, oiread agus is féidir go teicniúil, nó murach sin go soláthrófar oileán iomchuí sábháilteachta is féidir a úsáid ionas nach mbuailfeadh nó nach mbrúfadh feithicil daoine ag an obair.

*Toisí seomraí agus aerspás i seomraí agus saoirse ghluaiseachta ag an stáisiún oibre.*

17. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go mbeidh a ndóthain achair dhromchla, airde agus aerspáis ag stáisiúin oibre ionas gur féidir le fostaithe a gcuid oibre a dhéanamh gan a sábháilteachta, sláinte nó leas a chur i mbaol, agus

(*b*) go n-áireofar toisí an limistéir shaoir neamhshealbhaithe de stáisiún oibre ionas gur féidir le fostaithe gluaiseacht ar bhealach saoráideach go leor d'fhonn a gcuid oibre a dhéanamh agus, nuair nach féidir é seo a chur i gcrích de bharr cúiseanna a bhaineann leis an stáisiún oibre, go soláthrófar saoirse ghluaiseachta leordhóthanach don fhostaí taobh lena stáisiún oibre.

*Ceanglais ghinearálta leasa.*

18. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go gcoinneofar gach áit oibre glan agus go mbainfear aon chruachadh de shalachar, de bhruscar, de thrádbhruscar agus de dhramhaíl, trí mhodh oiriúnach, a mhinice is gá, le caighdeán cuí sábháilteachta agus sláinte a choinneáil,

(*b*) go nglanfar, de mhodh oiriúnach, urlár gach stáisiúin oibre, a mhinice is gá, le caighdeán cuí sábháilteachta agus sláinte a choinneáil,

(*c*) i gcás go mbeidh deiseanna réasúnta ag fostaithe le linn a gcuid oibre le suí gan cur isteach ar a gcuid oibre nó, más féidir cuid shubstaintiúil d'obair ar bith de chuid na bhfostaithe a dhéanamh go hiomchuí agus iad ina suí,

(i) go soláthrófar saoráidí suite cuí agus go gcothófar iad dá n-úsáid, nó

(i) mura bhfuil sé indéanta, go dtacófar iad, go heirgeanamaíoch, ar bhealach eile.

(*d*) go soláthrófar agus go gcoinneofar uisce oiriúnach óil a dhóthain in áiteanna cuí a bhfuil rochtain éasca ag gach fostaí air.

(*e*) go soláthrófar agus go gcothófar saoráidí oiriúnacha cuí d'fhonn uisce a bhruith agus béilí a chaitheamh d'úsáid na bhfostaithe, nó go mbeidh rochtain réasúnta ag fostaithe ar shaoráidí eile atá oiriúnach agus cuí d'fhonn béilí a chaitheamh, agus

(*f*) go gcoiscfear fostaithe ar bhéilí a chaitheamh in aon limistéar san áit oibre ina bhfuil baol dóchúil ann don tsábháilteacht, sláinte nó leas.

*Seomraí agus limistéir scíthe.*

19. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) I gcás, toisc—

(i) chineál na gníomhaíochta a dhéantar, nó

(ii) láithreachta níos mó ná líon áirithe fostaithe, agus

(iii) go n-éilíonn sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe é,

go soláthrófar fostaithe le seomra scíthe inrochtana nó limistéar cuí scíthe, ach amháin má tá na fostaithe ag feidhmiú in oifigí nó seomraí oibre cosúil leosan ina soláthraítear scíth le linn amanna sosa.

(*b*) go mbeidh seomraí scíthe mór a ndóthain agus feistithe le boird le dromchlaí inghlanta agus suíocháin le cúil a thagann leis an líon fostaithe, agus

(*c*) má bhristear isteach ar na huaireanta oibre go rialta agus go minic, agus mura bhfuil seomra scíthe ann, go soláthrófar seomraí eile inar féidir le fostaithe fanacht le linn na mbristeacha seo, áit a dteastaíonn a leithéid do shábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe.

*Saoráidí sláintíochta agus níocháin.*

20. Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas a sholáthar agus a chothabháil agus a choinneáil i mbail ghlan—

(*a*) saoráidí cuí sláintíochta agus níocháin leordhóthanacha d'úsáid na bhfostaithe,

(*b*) líon leordhóthanach leithreas agus báisíní níocháin le huisce reatha te agus fuar, i gcóngaracht na stáisiún oibre, seomraí scíthe, seomraí gléasta agus seomraí ina bhfuil cithfholcadáin,

(*c*) úsáid dheighilte leithreas nó báisíní níocháin d'fhir agus do mhná, nuair a theastaítear ar chúiseanna na cuibhiúlachta,

(*d*) cithfholcadáin chuí leordhóthanacha d'fhostaithe, má éilíonn cineál na hoibre é nó de bharr cúiseanna sláinte a bhfuil baint acu leis, agus sa chás sin—

(i) seomraí cithfholctha ar leith nó úsáid dheighilte d'fhir agus do mhná,

(ii) seomraí cithfholctha atá mór go leor d'fhonn ligean do gach fostaí é/í féin a ní gan bhacadh, faoi choinníollacha sásúla sláinteachais, agus

(iii) cithfholcadáin atá feistithe le huisce reatha te agus fuar, agus

(*e*) rochtain éasca idir na seomraí ina bhfuil na cithfholcadáin nó báisíní níocháin, i gcás go bhfuil siad scartha ó na seomraí gléasta.

*Seomraí gléasta agus taisceadáin.*

21. (1) Soláthróidh fostóir na nithe seo a leanas nó cúiseoidh a soláthar—

(*a*) seomraí gléasta cuí do dhaoine ag an obair má tá orthu feistis speisialta oibre a chaitheamh agus, ar son na cuibhiúlachta nó na sláinte, murar féidir a bheith ag súil go n-athróidís a gcuid éadaí in áit eile, seomraí atá

(i) inrochtana,

(ii) de thoilleadh dóthanach, agus

(iii) feistithe le suíocháin,

(*b*) seomraí gléasta ar leith nó úsáid dheighilte d'fhir agus do mhná, agus

(*c*) deiseanna leordhóthanacha le héadaí oibre fliucha nó taise a thriomú.

(2) Má éilíonn na himthosca é, nuair is dócha go n-éilleofaí na héadaí oibre le substaintí contúirteacha, dálaí an atmaisféir nó coinníollacha na háite oibre, soláthróidh fostóir, nó cúiseoidh soláthar, saoráidí sna seomraí gléasta a chumasaíonn éadaí oibre a choinneáil in áit scartha ó éadaí agus sealúchas pearsanta.

(3) Mura dteastaíonn seomraí gléasta, dá dtagraítear i mír (1), áiritheoidh fostóir go soláthrófar gach duine ag an obair le háit lena c(*h*)uid éadaí agus sealúchais phearsanta a stóráil.

*Limistéir chóiríochta in áit oibre.*

22. Áiritheoidh fostóir go mbeidh na limistéir shocraithe chóiríochta a chuirfear ar fáil d'fhostaithe in áit oibre—

(*a*) sábháilte agus saor ó bhaol don tsláinte, agus

(*b*) ach amháin má úsáidtear iad i gcásanna eisceachtúla—

(i) go mbeidh a ndóthain trealaimh sláintíochta iontu,

(ii) go mbeidh siad feistithe le leapacha, cófraí, boird agus suíocháin le cúil, ag cur líon na ndaoine ag an obair i gcuntas, agus

(iii) go ndáilfear iad ag cur i gcuntas, áit is cuí, go bhfuil idir fhir agus mhná i láthair.

*Áiteanna oibre faoin aer, forálacha speisialta.*

23. Áiritheoidh fostóir, i gcás go bhfeidhmíonn fostaithe ag stáisiúin oibre faoin aer, go mbeidh na stáisiúin oibre, a mhéid is féidir, leagtha amach ionas go mbeidh fostaithe—

(*a*) cosanta ar dhálaí aimsire,

(*b*) saor ó thionchair dhochracha, cosúil le gáis, gala nó deannach, de réir na bhforálacha iomchuí reachtúla, agus

(*c*) saor ó shleamhnú nó titim.

*Fostaithe torracha, iarbhreithe nó atá i mbun beathú cíche.*

24. Áiritheoidh fostóir go mbeidh fostaithe torracha, iarbhreithe nó atá i mbun beathú cíche in ann luí síos le scíth a ghlacadh faoi choinníollacha cuí.

*Fostaithe faoi mhíchumas.*

25. Áiritheoidh fostóir go n-eagrófar áiteanna oibre, más gá, le daoine faoi mhíchumas ag an obair a chur i gcuntas, go háirithe maidir le doirse, pasáistí, staighrí, cithfholcadáin, báisíní níocháin, leithris agus stáisiúin oibre a mbaineann na daoine sin úsáid dhíreach astu.

*Comhaontuithe maidir le háitribh a úsáidtear mar áit oibre.*

26. (1) Má choisctear úinéir nó fostóir ó athruithe struchtúir nó eile a chur i gcrích in áitreabh atá ag teastáil leis an bhfostóir a chumasú leis na Rialacháin

seo a chomhlíonadh, de bharr comhaontaithe idir úinéir áitribh a úsáidtear d'obair agus an fostóir,

(*a*) féadfaidh an t-úinéir nó an fostóir iarratas a dhéanamh sa Chúirt Chuarda d'ordú faoin Rialachán seo, agus

(*b*) féadfaidh an Chúirt, tar éis éisteacht leis na páirtithe agus aon fhinnéithe is mian leo a ghairm, ordú a dhéanamh a chuirfidh i leataobh téarmaí an chomhaontaithe nó a athraíonn iad, mar a mheasann an Chúirt bheith oiriúnach ó thaobh thosca an cháis de.

(2) I gcás, in aon áitreabh, ar cuireadh ar cíos an áit oibre ar fad nó aon chuid di,

(*a*) a theastaíonn aon athruithe struchtúir nó eile le haon fhoráil sna Rialacháin seo a chomhlíonadh, agus

(*b*) go líomhnaíonn an t-úinéir nó an fostóir, mar a tharlaíonn sé, gur chóir don úinéir nó don fhostóir cuid de nó costais iomlána an athraithe a íoc,

féadfaidh an t-úinéir nó an fostóir iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Chuarda le haghaidh ordaithe faoin Rialachán seo agus, tar éis éisteacht leis na páirtithe agus aon fhinnéithe is main leo a ghairm, féadfaidh an Chúirt—

(i) ordú a dhéanamh maidir leis na costais, nó a gcionroinnt, mar a mheasann an Chúirt bheith oiriúnach ó thaobh thosca an cháis de, ag féachaint do théarmaí an chonartha idir na páirtithe, nó,

(ii) mar mhalairt, i ndiaidh iarratais ón úinéir nó fostóir, féadfaidh an Chúirt an léas a shocrú ar cibé téarmaí, ag féachaint d'fhorálacha an léasa, mar a chinneann an Chúirt bheith oiriúnach.

## Caibidil 2

### *Úsáid Trealaimh Oibre*

*Léiriú do Chaibidil 2.*

27. Sa Chaibidil seo:

ciallaíonn "iompróir" an fheiste a thacaíonn na daoine nó na hearraí, nó iad araon, d'fhonn iad a ardú, a ísliú nó a bhogadh;

ciallaíonn "limistéar baolach" aon chrios laistigh de nó timpeall trealaimh oibre ina gcuirfear fostaí i mbaol dá s(*h*)ábháilteacht nó s(*h*)láinte;

tagraíonn "Dearbhú AE Comhréireachta" do dhearbhú comhréireachta arna eisiúint de réir Threoir 98/37/CE[1] nó Threoir 2006/42/CE[2] de chuid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar neasúchán de dhlíthe na mBallstát maidir le hinnealra;

[1] O.J. Uimh L 207, 23.7.98, l. 1-46;
[2] O.J. Uimh L 157, 9.6.2006, l. 24-86

ciallaíonn "fostaí neamhchosanta" aon fhostaí a oibríonn go páirtaimseartha nó go lánaimseartha i limistéar baolach;

ciallaíonn "soitheach iascaireachta" aon soitheach lena bhfeidhmíonn na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Árthaí Iascaireachta) 1999 (I.R. Uimh. 325 de 1999);

ciallaíonn "crocán nó ardaitheoir" inneall ardaithe a bhfuil a threo gluaiseachta srianta ag treoraí nó treoraithe ach chun críche na Caibidle seo, ní áirítear gabhaltrucail ardaithe, bainteoir orduithe, trucail réimse athraíoch féinghluaiste nó aon trealamh mar seo,

folaíonn "hoiriúintí ardaithe" clampaí agus ceangaltáin mar iad, crocháin slabhra, crocháin rópa, fáinní, lúba, geimhle, sclóinte, bíomaí leatachta, frámaí leatachta, agus aon rud eile a chuirtear idir trealamh ardaithe agus an lastas nó ar an lastas chun é a cheangal, ach ní fholaítear gnéithe den lastas a úsáidtear d'fhonn ardaithe;

folaíonn "lastas" duine freisin;

ciallaíonn cás nó ciseán neamhchomhtháite, ceann nach bhfuil feistithe le rialaitheoirí a rialaíonn a ghluaiseacht;

ciallaíonn "roghnú, suiteáil agus úsáid trealaimh oibre" aon ghníomhaíocht a úsáideann trealamh oibre, agus áirítear leis, an trealamh a thosú nó a stad, a úsáid, a iompar, a dheisiú, a athrú, a chothabháil agus a sheirbhísiú agus a ghlanadh;

folaíonn 'mionscrúdú' tástáil"—

(*a*) má cheapann duine inniúil go bhfuil sé riachtanach chun críche an scrúdaithe, nó

(*b*) má tá an tástáil riachtanach de réir Rialachán 52 agus Sceideal 1.

*Dualgais an fhostóra, úsáid trealaimh oibre.*

28. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go mbeidh an trealamh oibre a sholáthrófar d'úsáid na bhfostaithe in áit oibre, a mhéid is féidir, de réir fhorálacha aon achtacháin ionchuí a chuireann aon Treoir iomchuí de na Comhphobail Eorpacha i gcrích a bhaineann le trealamh oibre, maidir le sábháilteacht agus sláinte,

(*b*) agus an trealamh á roghnú, go gcuirfear i gcuntas na coinníollacha sonracha oibre, na saintréithe agus guaiseacha a bhaineann leis an áit oibre, ag féachaint do shábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe agus aon ghuaiseacha breise a tharraingíonn úsáid an trealaimh anuas,

(*c*) go nglacfar na bearta is gá le go suiteálfar agus go lonnófar an trealamh oibre agus go mbeidh sé oiriúnach don obair atá le déanamh,

nó go n-athchóireofar é i gceart chun na críche sin, agus gur féidir le fostaithe é a úsáid gan bhaol dá sábháilteacht agus sláinte,

(*d*) i gcás nach féidir a chinntiú ar fad go n-úsáidfidh fostaithe trealamh oibre gan bhaol dá sábháilteacht agus sláinte, go nglacfar an beart cuí leis an mbaol sin a laghdú,

(*e*) go gcuirfear a dhóthain spáis ar fáil idir páirteanna gluaisteacha de threalamh oibre agus páirteanna socraithe nó gluaisteacha sa timpeallacht leis na baoil sin a laghdú,

(*f*) i gcás go bhfuil baol dóchúil faoi leith ag baint le húsáid trealaimh oibre do shábháilteacht nó do shláinte na bhfostaithe—

(i) go dteorannófar úsáid an trealaimh oibre sin do na fostaithe a chaithfidh úsáid a bhaint as, agus

(ii) go mbeidh na fostaithe a dhéanann deisiúcháin, athruithe, cothabháil nó seirbhísiú ar an trealamh oibre sin inniúil leis an obair seo a dhéanamh,

(*g*) go gcuirfear san áireamh staidiúir agus suíomh oibre na bhfostaithe agus iad ag úsáid an trealaimh oibre, agus aon cheanglais eirgeanamaíocha atá ann, ag féachaint do shábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe,

(*h*) go lasfar mar is cuí na limistéir agus pointí le hobair ar threalamh oibre, nó chun é a chothabháil, ag féachaint don oibriú atá le déanamh,

(*i*) go gcosnófar páirteanna de threalamh oibre ag teocht ard nó fíor-íseal, más iomchuí, leis an mbaol go ndéanfadh fostaithe teagmháil leo nó go dtiocfaidís ró-ghar dóibh a sheachaint,

(*j*) go mbeidh rabhaidh agus comharthaí ag trealamh oibre atá riachtanach le sábháilteacht, agus sláinte na bhfostaithe a chinntiú,

(*k*) maidir leis na limistéir ar fad atá riachtanach d'oibrithe a bhaineann le táirgeadh, ceartú agus cothabháil, go mbeidh fostaithe in ann teacht isteach iontu agus dul amach astu agus fanacht iontu go sábháilte,

(*l*) go n-úsáidfear trealamh oibre do na hoibrithe agus faoi na coinníollacha amháin dá bhfuil sé oiriúnach,

(*m*) go mbeidh gach trealamh oibre oiriúnach d'fhonn fostaithe a chosaint ar an mbaol go rachadh an trealamh oibre trí thine nó go róthéifeadh sé, nó ar sceitheadh gáis, deannaigh, leachta, gaile nó substaintí eile a tháirgtear, a úsáidtear nó a stóráiltear sa trealamh oibre,

(*n*) go mbeidh gach trealamh oibre oiriúnach chun an baol go bpléascfadh an trealamh oibre a chosc nó na substaintí a tháirgtear, a úsáidtear nó a stóráiltear sa trealamh oibre,

(*o*) go gcuirfear trealamh oibre suas nó go mbaintear anuas é faoi choinníollacha sábháilte, go háirithe ag leanúint aon treoracha a chuir an déantóir ar fáil,

(*p*) go gcosnófar trealamh oibre a bhfuil an baol ann go mbuailfeadh tintreach é le linn a úsáide le feistí nó modhanna cearta i gcoinne éifeachtaí na tintrí, agus

(*q*) go soláthrófar agus go mbainfear gach cineál fuinnimh, substaintí agus earraí a úsáidtear nó a tháirgtear le trealamh oibre, ar bhealach sábháilte.

*Faisnéis agus treoir.*

29. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go rachfar i mbun na mbeart oiriúnach le go mbeidh faisnéis leordhóthanach ag fostaithe agus, más iomchuí, treoracha scríofa ar an trealamh oibre a bhfuil, ar a laghad, faisnéis leordhóthanach sábháilteachta agus sláinte maidir le—

(i) coinníollacha úsáide an trealaimh oibre,

(ii) cúinsí mínormálta intuartha, agus

(iii) na tátail atá le baint, más iomchuí, as taithí leis an trealamh oibre sin a úsáid, agus

(*b*) go gcuirfear fostaithe ar an eolas faoi bhaoil sábháilteachta agus sláinte a bhaineann leo ó threalamh oibre atá suite ag a stáisiún oibre nó gar dó nó faoi aon athruithe atá bainteach leis an trealamh oibre sin, fiú mura n-úsáideann siad an trealamh féin.

*Iniúchadh ar threalamh oibre.*

30. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) i gcás go mbraitheann sábháilteacht trealaimh oibre ar na coinníollacha suiteála—

(i) go ndéanfar iniúchadh tosaigh i ndiaidh chur i gcrích na suiteála agus roimh an trealamh a chur á fheidhmiú, agus

(ii) go ndéanfar iniúchadh i ndiaidh cóimeála ag aon suíomh nó ar aon láthair nua, agus go suiteálfar an trealamh oibre faoi mar is ceart agus go bhfeidhmeoidh sé go cuí,

(*b*) i gcás trealaimh oibre a chuirtear faoi choinníollacha a chúisíonn meathlúchán a d'fhéadfadh baol do shábháilteacht nó do shláinte a chruthú—

(i) go ndéanfar iniúchtaí tréimhsiúla agus, más iomchuí, tástáil thréimhsiúil agus,

(ii) go ndéanfar iniúchtaí speisialta i gcás tosca eisceachtúla a d'fhéadfadh bail bhaolach a chur ar an trealamh oibre, lena n-áirítear obair athraithe, timpistí, feiniméin nádúrtha nó neamhghníomhaíocht fhada, agus

(iii) go n-aimseofar agus go leigheasfar meathlúchán gan rómhoill,

(*c*) go ndéanfaidh duine atá inniúil na hiniúchtaí faoi mhíreanna (*a*) agus go dtiocfaidh siad le cineál, suíomh agus úsáid an trealaimh oibre,

(*d*) go dtaifeadfar torthaí na n-iniúchtaí a dhéanfar faoi mhíreanna (*a*) agus (*b*) agus go gcoinneofar ar fáil iad ar feadh 5 bliana ó dháta an iniúchta, ionas gur féidir le cigire iad a iniúchadh, agus gur féidir le lucht úsáidte an trealaimh oibre teacht ar na taifid seo ach iad a iarraidh, agus

(*e*) nuair a úsáidfear an trealamh oibre in áit oibre eile, go ndéanfar é a thionlacan le fianaise an iniúchta deiridh a rinneadh faoi mhír (*a*) agus (*b*),

*Cothabháil.*

31. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go gcoinneofar trealamh oibre, le linn a thréimhse feidhme, trí chothabháil leordhóthanach, ag a leithéid de chaighdeán le go mbeidh sé ag teacht le forálacha na Caibidle seo,

(*b*) go ndéanfar oibríochtaí cothabhála nuair atá trealamh oibre múchta nuair is féidir, agus nuair nach féidir, go ndéanfar bearta cosanta cuí d'fhonn na hoibríochtaí seo a chur i gcrích nó go ndéanfar na hoibríochtaí sin lasmuigh den limistéar baolach,

(*c*) go gcothófar trealamh oibre i gcaoi a laghdaíonn na baoil dá lucht úsáidte agus do dhaoine eile ag an obair, agus

(*d*) go gcoinneofar cuntas nuashonraithe cothabhála d'aon inneall.

*Feistí rialaithe.*

32. (1) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go mbeidh na feistí rialaithe do threalamh oibre, a bhfuil tionchar acu ar shábháilteacht agus sláinte, feiceálach agus so-aitheanta agus marcáilte go cuí más gá,

(*b*) go mbeidh feistí rialaithe lonnaithe lasmuigh de limistéir bhaolacha ach amháin más gá a mhalairt,

(*c*) nach féidir le hoibriú feistí rialaithe guais bhreise a chruthú,

(*d*) nach féidir le hoibriú gairis rialaithe aon ghuais a chruthú de bharr aon oibriú neamhbheartaithe,

(*e*) gur féidir neamhláithreacht daoine sa limistéar baolach a dheimhniú ón bpríomhshuíomh rialaithe, más gá,

(*f*) nuair atá sé dofheidhmithe mír (*e*) a chomhlíonadh, go gcuirfear córas sábháilte i bhfeidhm ina dtugtar comhartha rabhaidh inchloiste nó infheicthe, b'fhéidir, nó a leithéid de chomhartha atá inchloiste agus infheicthe araon go huathoibríoch aon uair atá an t-innealra ar tí tosú,

(*g*) go mbeidh an t-am, an acmhainn, nó an dá rud ag fostaí neamchosanta le guaiseacha atá cúisithe ag tosú nó stad trealaimh oibre, nó an dá rud, a sheachaint go tapa,

(*h*) go mbeidh na córais rialaithe sábháilte, agus go roghnófar iad ag cur san áireamh na teipeanna, fabhtanna, agus srianta a mbeifí ag súil leo faoi thosca beartaithe a n-úsáide,

(*i*) nach mbeidh sé indéanta trealamh oibre a thosú ach amháin trí ghníomhaíocht bheartaithe ar rialaitheoir a chuirfear ar fáil chun na críche seo,

(*j*) go gcuimseoidh trealamh oibre rialaitheoir—

(i) chun é a atosú tar éis dó stad ar chúis ar bith, agus

(ii) le hathrú suntasach sna coinníollacha oibríochtaí a rialú, ach amháin mura gcuireann atosú nó athrú mar seo fostaithe neamhchosanta i mbaol ar bith.

(*k*) go mbeidh gach trealamh oibre feistithe le rialaitheoir chun é a stad go hiomlán agus go sábháilte,

(*l*) go bhfeisteofar gach stáisiún oibre le rialaitheoir le cuid den trealamh oibre nó é ar fad a stad, ag brath ar an gcineál guaise, ionas go mbeidh an trealamh i mbail shábháilte,

(*m*) go mbeidh tosaíocht ag stadrialtán an trealaimh ar na rialaitheoirí tosaithe agus, nuair atá an trealamh oibre, nó na codanna baolacha de, stadta, go mbeidh soláthar fuinnimh na ngníomhróirí atá i gceist múchta, agus

(*n*) más iomchuí, agus ag brath ar na guaiseacha a d'fhéadfadh an trealamh a bheith ina chúis leo agus a ghnáthamanna stadta, go bhfeisteofar an trealamh oibre le feiste stadta éigeandála.

(2) Níl feidhm ag alt (1)(*j*) maidir le hatosú nó athrú sna coinníollacha oibrithe mar thoradh ar ghnáththimthriall oibrithe feistr uathoibríoch.

*Gardaí agus feistí cosanta.*

33. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go bhfeisteofar trealamh oibre a d'fhéadfadh baol a chruthú de bharr baill nó teilgin a bheith ag titim leis na feistí cuí sábháilteachta a thagann leis an gcineál baoil sin,

(*b*) go bhfeisteofar trealamh oibre a d'fhéadfadh guaiseacha a chruthú de bharr astúchán gáis, gaile, leachta no deannaigh le feistí cuí coimeádta nó eastósctha, nó an dá rud, gar d'fhoinsí na guaise,

(*c*) go gcobhsófar trealamh oibre agus codanna den trealamh sin le clampáil nó modh eile, i gcás go bhfuil sé riachtanach do shábháilteacht, shláinte agus leas na bhfostaithe,

(*d*) i gcás go bhfuil an baol ann go réabfaí nó go ndíscaoilfí codanna den trealamh oibre, a d'fhéadfadh bheith ina bhaol suntasach do shábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe, go ndéanfar na bearta cosanta cuí,

(*e*) i gcás go bhfuil baol ann de theagmháil fhisiceach le páirteanna gluaisteacha den trealamh oibre a d'fhéadfadh timpistí a chruthú, go soláthrófar na páirteanna sin le gardaí nó feistí cosanta le rochtain ar na criosanna baolacha a chosc nó le gluaiseacht pháirteanna baolacha a stad sula mbainfear na criosanna baolacha amach.

(*f*) maidir le gardaí agus feistí cosanta, i gcás go n-éilítear é faoi alt (*e*),—

(i) go mbeidh siad tógtha go láidir,

(ii) nach gcúiseoidh siad aon ghuais bhreise,

(iii) nach mbeidh sé éasca iad a bhaint nó a chur as feidhm,

(iv) go mbeidh siad suite ag achar leordhóthanach ón gcrios baolach,

(v) nach srianfaidh siad, níos mó ná mar is gá, radharc timthriall oibríochta an trealaimh,

(vi) nach gcoiscfidh siad oibríochtaí is gá d'fhonn páirteanna a fheistiú nó a athrú, agus

(vii) go srianfaidh siad rochtain d'obair chothabhála ar an limistéar sin amháin ina ndéantar an obair, más féidir, gan an garda nó an feiste chosanta a bhaint,

(*g*) go mbeidh feistí rabhaidh ar threalamh oibre glan soiléir agus so-inbhraite agus intuigthe, agus go mbeidh aon chuid de bharra stoic, a theilgeann thar an gceannstoc de dheil fálaithe go daingean ach amháin má tá sé ina leithéid de shuíomh is go bhfuil sé sábháilte d'fhostaithe oiread is dá mbeadh sé fálaithe go daingean.

*Ceangal le foinsí fuinnimh.*

34. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go bhfeisteofar gach trealamh oibre le modh soiléir inaitheanta chun é a leithlisiú óna chuid foinsí fuinnimh ar fad, agus

(*b*) nach aon bhaol atá in athcheangal an trealaimh oibre lena chuid foinsí fuinnimh do na fostaithe lena mbaineann.

*Teagmháil le rothaí nó rianta trealaimh shoghluaiste oibre.*

35. Áiritheoidh fostóir go bhfeisteofar trealamh oibre a bhfuil fostaithe marcaíochta aige sa chaoi is go laghdófar na baoil d'fhostaithe le linn an aistir, lena n-áirítear an baol teagmhála le rothaí nó raonta nó sáinniú iontu.

*Córais tiomána trealaimh shoghluaiste oibre.*

36. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) i gcás go gcruthófar baol sonrach trí urghabháil gan chuimhneamh an aonaid tiomána idir eiseamláir trealaimh shoghluaiste oibre agus a chuid gabhálas nó aon rud atá tarraingthe, nó an dá rud, go mbeidh an trealamh oibre feistithe nó oiriúnaithe le blocáil an aonaid oibre a chosc agus nuair nach féidir a leithéid d'urghabháil a sheachaint, go ndéanfar gach beart is féidir le haon dochar d'fhosaithe a sheachaint, agus

(*b*) i gcás gur féidir le fearsaidí tiomána do tharchur fuinnimh idir míreanna trealaimh shoghluaiste oibre éirí salaithe nó go ndéanfar dochar dóibh de bharr a sraoillte ar an talamh, go mbeidh saoráidí ar fáil chun iad a dheisiú.

*Innill dócháin trealaimh shoghluaiste oibre.*

37. Áiritheoidh fostóir nach n-úsáidfear trealamh soghluaiste oibre le hinneall dócháin i limistéir oibre ach amháin–

(*a*) má chuirtear an soláthar sonrach ar fáil d'fhonn na gáis sceite ón inneall a thabhairt amach faoin aer, nó

(*b*) má aeraítear an limistéar oibre go cuí le baol sláinte ó na gáis sceite a chosc.

*Iompú trealaimh soghluaiste oibre.*

38. (1) Áiritheoidh fostóir go ndearfar trealamh soghluaiste oibre le fostaithe marcaíochta leis na baoil, faoi fhíorchoinníollacha na húsáide, a eascraíonn as iompú trealaimh oibre a shrianadh trí—

(*a*) struchtúr cosanta le cinntiú nach gclaonfaidh an trealamh níos mó ná ceathrú rothlaithe,

(*b*) struchtúr a thabharfaidh a dhóthain scóipe timpeall ar na fostaithe marcaíochta má fhéadann an ghluaiseacht chlaonta leanúint ar aghaidh thar ceathrú rothlaithe, nó

(*c*) modh eile leis an éifeacht chéanna.

(2) Féadfaidh na struchtúir chosanta dá dtagraítear in alt (1) bheith mar bhunchuid den trealamh oibre ach ní gá iad nuair a chobhsaítear an trealamh oibre le linn a oibríochta nó áit ina gcoisceann an dearadh aon iompú.

(3) Áiritheoidh fostóir go suiteálfar córas srianta do na fostaithe marcaíochta, i gcás go bhfuil an baol ann go mbainfeadh brúchán d'fhostaithe marcaíochta idir páirteanna den trealamh oibre agus an talamh, dá n-iompódh an trealamh.

*Gabhaltrucailí ardaithe.*

39. Áiritheoidh fostóir go mbeidh gabhaltrucail ardaithe a iompraíonn fostaí amháin, nó níos mó, feistithe nó oiriúnaithe leis an mbaol go dtarmchasfadh sí a theorannú—

(*a*) trí chró dá tiománaí a shuiteáil,

(*b*) trí struchtúr a choiscfidh aon tarmchasadh den ghabhaltrucail ardaithe,

(*c*) trí struchtúr a chinnteoidh, má tharmchasann an ghabhaltrucail ardaithe, go bhfanfaidh a dhóthain scóipe idir an talamh agus páirteanna cuí den ghabhaltrucail ardaithe don fhostaí atá á iompar, nó

(*d*) trí struchtúr a shrianfaidh na fostaithe ar an suíochán tiomána chun iad a chosc ó bhrúchán ag páirteanna den ghabhaltrucail ardaithe a tharmchasann.

*Sábháilteacht trealaimh fhéinghluaiste oibre.*

40. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) nach n-oibreoidh ach daoine inniúla amháin, a bhfuil oiliúint chuí faighte acu, aon trealamh féinghluaiste oibre, agus

(*b*) maidir le trealamh féinghluaiste oibre a d'fhéadfadh baoil a chruthú do dhaoine agus é ag gluaiseacht—

(i) go mbeidh saoráidí aige a choiscfidh tosú neamhúdaraithe;

(ii) go mbeidh saoráidí cuí aige d'fhonn torthaí imbhuailte a laghdú; i gcás go bhfuil níos mó ná eiseamláir amháin de threalamh oibre ar raon agus ag gluaiseacht in aon am amháin;

(iii) go mbeidh feiste aige le trealamh a choscánú agus a stad;

(iv) i gcás theip na príomhháise do choscánú agus don trealamh a stad, i gcás go dteastódh de réir na srianta sábháilteachta, go mbeidh saoráidí éigeandála oibríochta ag rialaitheoirí so-inrochtana nó córais uathoibríocha do choscánú agus d'fhonn an trealamh a stad;

(v) go mbeidh go leor feistí cúnta suiteáilte le hinfheictheacht a i gcás nach bhfuil léargas díreach an tiománaí leordhóthanach;

(vi) go mbeidh sé feistithe le soilsiú oiriúnach don obair atá le déanamh agus go gcinnteoidh sé sábháilteacht leordhóthanach d'fhostaithe, nuair atá sé ceaptha d'úsáid san oíche nó in áiteanna dorcha;

(vii) go mbeidh sé feistithe le fearais comhraicthe dóiteáin chuí, áit nach bhfuil a leithéid d'fhearais ar fáil gar go leor don ionad úsáide, i gcás go bhfuil an trealamh oibre ina ghuais tine, as féin nó maidir le pé ní atá á tharraingt nó á iompar aige, nó an dá rud, agus go bhféadfaí fostaithe a chur i mbaol;

(viii) más cianrialaithe, go stadfaidh sé go huathoibríoch a luaithe is a fhágfaidh sé an raon rialaithe;

(ix) má,

(I) tá sé cianrialaithe, agus

(II) chruthaíonn, faoi ghnáthchoinníollacha guais bhrúcháin nó imbhuailte, go bhfuil saoráide aige le cosaint ar an nguais sin, ach amháin má tá feistí eile cuí ann leis an nguais a smachtú.

*Rialacha tráchta le haghaidh trealamh soghluaiste oibre.*

41. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) i gcás go bhfuil trealamh oibre ag gluaiseacht thart faoi limistéar oibre, go ndréachtófar rialacha cuí tráchta agus go gcloífear leo,

(*b*) go nglacfar bearta eagrúcháin le fostaithe atá de chois a chosc ó theacht isteach i limistéar oibríochta trealaimh oibre fhéinghluaiste agus, murar féidir an obair a dhéanamh mar is ceart ach má tá fostaithe atá de chois i láthair, go ndéanfar na bearta cuí chun iad a chosaint ó ghortú de bharr an trealaimh, agus

(*c*) nach gceadófar fostaithe a iompar ar threalamh oibre soghluaiste a thiomáintear go meicniúil, ach amháin i gcás go soláthrófar saoráidí sábháilteachta chuige agus má dhéantar obair le linn an aistir, déanfar luas a athrú mar is gá.

*Trealamh oibre chun ualaí a ardú.*

42. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go mbeartófar gach oibríocht ardaithe i gceart, go maoirseofar iad mar is cuí agus go ndéanfar iad d'fhonn sábháilteacht na bhfostaithe a chosaint,

(*b*) i gcás go bhfuil trealamh oibre chun ualaí a ardú suiteáilte go buan, go gcinnteofar a dhaingne agus a chobhsaíocht le linn a úsáide, ag

féachaint do na hualaí le hardú agus an strus a chruthaítear ag na pointí feiste nó socraithe den déanmhas,

(*c*) nach suiteálfar trealamh ardaithe atá ceaptha d'úsáid ar mhinicíocht íseal áit ina ndéanfaidh a úsáid réamh-mheasta an trealamh mí-oiriúnach,

(*d*) go marcálfar go soiléir innealra d'ualaí a ardú leis an ualach sábháilte oibre a léiriú, agus más iomchuí, an t-ualach sábháilte oibre do gach cumraíocht den innealra,

(*e*) go marcálfar trealamh oibre nach bhfuil ceaptha le daoine a ardú go cuí agus go soiléir maidir leis seo,

(*f*) go mbeidh gach druma nó ulóg timpeall a iompraítear an slabhra nó rópa sreanga d'aon trealamh ardaithe de thrastomhas cuí agus de thógáil chuí don slabhra nó don rópa a úsáidtear,

(*g*) go ndaingneofar gach slabhra nó rópa a chríochnaíonn ag an druma tochrais d'aon trealamh ardaithe go cuí leis agus go bhfanann ar a laghad dhá chasadh de na slabhraí nó rópaí sin ar an druma seo i ngach suíomh oibríochta den trealamh,

(*h*) go suiteálfar trealamh oibre buanshuiteáilte sa chaoi is go laghdófar, ó thaobh an ualaigh de, an baol—

(i) go mbuailfí fostaithe,

(ii) go síobfadh sé go contúirteach nó go dtitfeadh sé go saor,

(iii) go scaoilfí leis go neamhbheartaithe,

(*i*) go n-úsáidfear trealamh oibre atá soghluaiste nó gur féidir é a bhaint anuas agus atá ceaptha le hualaí a ardú sa chaoi is go gcinnteofar cobhsaíocht an trealaimh oibre le linn a úsáide faoi na coinníollacha intuartha ar fad, ag cur i gcuntas cineál na talún,

(*j*) nach úsáidfear trealamh ardaithe thar a ualach sábháilte ardaithe ach i gcás go dtástálfar é faoi stiúir duine inniúil,

(*k*) go ndéanfar bearta le cinntiú nach mbeidh fostaithe i láthair faoi ualaí crochta, ach amháin má theastaítear é d'oibriú éifeachtach na hoibre,

(*l*) nach mbogfar ualaí thar ionaid oibre neamhchosanta a mbíonn fostaithe iontu de ghnáth, agus

(*m*) murar féidir na guaiseacha dá dtagraítear i míreanna (*k*) agus (*l*) a sheachaint, go leagfar síos nósanna imeachta cuí, agus go gcuirfear i ngníomh iad, nuair nach féidir an obair a dhéanamh i gceart ar bhealach ar bith eile.

*Craenacha.*

43. (1) Áiritheoidh fostóir, gan dochar do Rialacháin 42 agus 45,

(*a*) maidir le gach craein de gha oibríochta athraíoch, sula gcuirfear i bhfeidhm í—

(i) go mbeidh sé marcáilte go soiléir uirthi nó laistigh den chábán, an t-ualach sábháilte oibre ag gathanna éagsúla den ghéag, ulóg nó crúbaire tógála agus, i gcás craenacha le géag deirice, an t-uasgha ag ar féidir an ghéag a oibriú,

(ii) go bhfeisteofar í le táscaire oiriúnach ualaigh sábháilte cruinn uathoibríoch nó táscaire toilleadh measta, a bhfuil léargas soiléir ag an tiománaí air agus a thaispeánann in am ar bith, ga na géige, ulóige nó an chrúbaire agus an t-ualach sábháilte oibre a fhreagraíonn don gha sin ach amháin—

(I) más craein teanntráin deirice atá ann (is é sin le rá craein ina gcoinnítear an crann díreach le rópaí amháin leis na gabhálais riachtanacha agus scriúnna teannta),

(II) más craein láimhe atá ann a úsáidtear d'fhonn craein eile a chur suas nó a bhaint anuas amháin, nó

(III) má leag duine inniúil ualach sábháilte oibre uirthi de 1,000 Cileagram nó faoina bhun, agus

(iii) go mbeidh táscaire ualaigh sábháilte uathoibríoch nó táscaire toilleadh measta aige, más gá faoi fho-mhír (ii),

(I) a chothaítear go cuí,

(II) a úsáidtear i gceart, agus

(III) a dtástálann duine inniúil é i ndiaidh don chraein a bheith curtha suas, suiteáilte nó athraithe d'obair ar bith sula gcuirfear an chraein i bhfeidhm nó go dtugtar ar ais in úsáid í, mar a fheileann an cás,

(*b*) i gcás craenacha a dhíchóimeáiltear ar uaire, nó go ndíchóimeáiltear cuid di, go marcálfar go soiléir aon ghéag nó aon chrann scóide a scartar ón gcraein le linn na díchóimeála, le léiriú cén chraein lena mbaineann,

(*c*) go soláthrófar craenacha a bhfuil géaga deirice acu—

(i) leis an modh a laghdódh an baol go n-ardófaí nó go n-ísleofaí an ghéag de thimpiste, agus

(ii) le géag nach dtéann thar an uasgha atá sonraithe ag an déantóir, nó ag duine inniúil i dtuarascáil atá de réir Rialachán 53,

(*d*) go soláthrófar craein a thaistilíonn ar ráillí le plátaí sraonta le haon ábhar scaoilte is dócha a dhéanfadh díobháil a bhaint de na ráillí,

(*e*) nuair a bhraitheann sábháilteacht trealaimh oibre ar na coinníollacha suiteála ar láthair tógála—

(i) go gcuirfear túrchraein faoi réir tástáil statach le comhéifeacht tástála de 1.25 agus tástáil dhinimiciúil le comhéifeacht tástála de 1.1, ag cur i gcuntas aon treoir ó dhéantóir an innill, i ndiaidh gach cóimeála de thúrchraein nó i ndiaidh aon athraithe do bhall ar bith, agus sula gcuirtear in úsáid é, a d'fhéadfadh dul i gcion ar láidreacht nó chobhsaíocht na craenach, agus

(ii) nuair a dhaingnítear cobhsaíocht crainn tógála le meáchain inaistrithe, go ngreamófar léaráid nó fógra den chraein a léireoidh méid agus suíomh an mheáchain sin, sa chaoi is go bhfeictear go héasca é agus go marcálfar gach meáchan inaistrithe go soiléir leis an meáchan ceart, agus

(*f*) d'ainneoin aon fhorálacha eile de chuid na Caibidle seo, go scrúdóidh an t-úsáideoir trealamh ardaithe a úsáidtear ar láthair tógála go seachtainiúil maidir le gnéithe a bhaineann lena oibríocht shábháilte agus go gcoinneofar taifead de na torthaí i bhfoirm oiriúnach a choinneofar ar fáil ar feadh 3 mhí ó dháta an iniúchta, ionas gur féidir le cigire iad a iniúchadh.

(2) Tá úsáid tochaltóra, teilealáimsitheora, luchtóra nó tochaltóra agus luchtóra comhcheangailte mar chraein faoi réir Chuid C de Sceideal 1.

*Tacaí ag trealamh ardaithe.*

44. Áiritheoidh fostóir go mbeidh gach ardán nó taca, idir shocraithe agus shoghluaiste, a bhfuil trealamh ardaithe suite ar nó tacaithe uaidh tógtha go hoiriúnach chun na críche a bhí beartaithe.

*Trealamh oibre chun earraí nó daoine a ardú.*

45. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) gur féidir daoine a ardú trí threalamh oibre agus gabhálais atá oiriúnach chun na críche seo, agus

(*b*) go soláthrófar trealamh oibre a ardaíonn nó a bhogann daoine nó a ardaíonn earraí, i gcás inarb infheidhme é, ionas—

(i) go gcoiscfear an baol go dtitfeadh an t-iompróir, nuair atá a leithéid ann, trí fheistí cuí a úsáid,

(ii) go gcoiscfear an baol go dtitfeadh an t-úsáideoir den iompróir, nuair atá an baol seo ann,

(iii) go gcoiscfear an baol go mbainfeadh brúchán, sáinniú nó bualadh de dhaoine, trí theagmháil gan chuimhneamh le réada ach go háirithe,

(iv) nuair atá díon ag an iompróir, go mbeidh sé feistithe le stáisiún iniúchta agus feiste stadta chuí,

(v) i gcás, maidir le hiompróir le díon, go bhfuil guais ann de bharr an achair shaoir sa phlána cothrománach thar agus ingearach d’imeall lasmuigh an iompróra atá os cionn 0.30 m, go ndeá far bearta le tabhairt faoin nguais seo, agus

(vi) go gcinnteofar nach gcuirfear daoine a sháinnítear san iompróir i gcás timpiste i mbaol, gur féidir leo rabhadh a thabhairt agus gur féidir iad a shaoradh, agus

(*c*) nuair, de bharr cúiseanna a bhaineann go dlúth leis na difríochtaí suímh agus airde, nach féidir na baoil dá dtagraítear i bhfo-mhír (*b*)(i) a sheachaint trí bhearta sábháilteachta eile, go suiteálfar rópa crochta comhéifeacht sábháilteachta breisithe agus go scrúdófar é gach lá oibre.

*Ardaitheoirí.*

46. (1) Gan dochar do Rialacháin 42 agus 45, tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hardaitheoir, sreang-ardaitheoir, bealach ardaithe nó sreang-ardaithe atá faoi réir na ndíolúintí coinníollacha faoi Chuid A de Sceideal 1.

(2) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go gcosnófar gach bealach ardaitheora a dhóthain le cró tathagach atá suiteáilte le geataí le go gcoiscfear, nuair atá na geataí dúnta,

(i) go dtitfeadh aon duine síos an bealach, nó

(ii) go dtiocfaí i dteagmháil le haon chuid ghluaiste den sreang-ardaitheoir nó den ardaitheoir,

(*b*) go bhfeisteofar aon gheata dá dtagraítear i bhfo-mhír (*a*) le feistí éifeachtacha comhghlasáilte nó eile le cinntiú nach féidir an geata a oscailt ach amháin nuair atá an t-iompróir ag an gciumhais agus nach féidir leis an iompróir gluaiseacht ón gciumhais go ndúntar an geata.

(*c*) go dtógfar gach crochán nó ardaitheoir agus gach cró ar an gcaoi dá dtagraítear i bhfo-mhír (*a*) ionas go gcoiscfear aon chuid d’aon duine nó aon earraí a iompraítear san ardaitheoir nó sreang-ardaitheoir le bheith sáinnithe idir—

(i) aon chuid den chrochán nó ardaitheoir agus aon struchtúr shocraithe, nó

(ii) an meáchan frithchothromaithe agus aon chuid ghluaisteach den chrochán nó ardaitheoir,

(*d*) go soláthrófar agus go gcothófar, más indéanta, feistí éifeachtacha a thacóidh an t-iompróir i bpáirt lena ualach sábháilte oibre i gcás teipe den chóras ardaithe, i dtaca le gach crochán nó ardaitheoir,

(*e*) go soláthrófar agus go gcothófar feistí uathoibríocha éifeachtacha i dtaca le gach crochán nó ardaitheoir a chinnteoidh nach rachaidh an t-iompróir thar an uasphointe atá socraithe dá thaisteal beartaithe,

(*f*) go suiteálfar gach crochán nó ardaitheoir sa chaoi gur féidir é a oibriú díreach ó shuíomh amháin ag aon am agus nach n-oibrítear ón iompróir é ach amháin má chomhlíontar ceanglais fhomhír (*h*),

(*g*) go mbeidh pláta sofheicthe ag an iompróir a léiríonn go soiléir an t-ualach measta i gcileagraim agus, más infheidhme, an t-uasmhéid paisinéirí is féidir a iompar, agus

(*h*) i gcás crochán nó ardaitheoirí a úsáidtear d'fhonn daoine a iompar, bíodh sé i bpáirt le hearraí nó scartha uaidh,

(i) go soláthrófar agus go gcothófar feistí uathoibríocha éifeachtacha d'fhonn an t-iompróir a chosc ó fhorthiomáint,

(ii) go bhfeisteofar gach iompróir le geata ar gach taobh a dtugtar rochtain do chiumhais agus, i dtaca le gach geata mar seo, go soláthrófar feistí éifeachtacha le cinntiú nach féidir an t-iompróir a ardú nó a ísliú nuair atá daoine nó earraí san iompróir, ach amháin má tá an geata dúnta agus go stadann sé nuair atá an geata oscailte,

(iii) i gcás crocháin nó ardaitheora ina bhfuil an t-iompróir crochta ag rópa nó slabhra, go mbeidh ar a laghad dhá rópa nó shlabhra ceangailte go scoite leis an iompróir, agus é ar chumas gach rópa nó slabhra agus a fhorbhaill, an meáchan ar fad den iompróir agus a uas-ualach oibre a iompar,

(iv) go soláthrófar agus go gcothófar feistí éifeachtacha a thacóidh an t-iompróir agus a uas-ualach oibre i gcás go mbrisfidh na rópaí nó slabhraí nó aon dá bhforbhaill, agus

(v) go soláthrófar feistí uathoibríocha éifeachtacha oiriúnacha a chinnteoidh go stadfaidh an t-iompróir ag pointe thar íosphointe taistil an iompróra.

(3) Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le crochán, ardaitheoir nó bealach ardaithe faoi réir na ndíolúintí coinníollacha faoi Chuid A de Sceideal 1, agus aon tagairt do gheata is tagairt í do dhoras, i gcás go n-éilíonn an comhthéacs a leithéid.

(4) Áiritheoidh fostóir go dtiocfaidh crocháin nó ardaitheoirí nó bealaí ardaitheora nó de rangú nó de chur síos atá sonraithe i gCuid A de Sceideal 1 faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos ann.

*Crocháin agus ardaitheoirí crangaidoibrithe.*

47. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) i gcás go n-úsáidtear crangaid leis an gcrochán nó ardaitheoir a oibriú, go dtógfar an chrangaid sa chaoi go ngníomhófar an coscán nuair nach bhfuil an fheiste rialaithe sa suíomh oibrithe, agus

(*b*) nach n-oibreoidh crangaid an t-ardaitheoir i gcás go bhfuil sé feistithe le giar ceapachóra agus raicín, ar is gá an ceapachóir a scaoileadh roimh gur féidir an t-iompróir a ísliú.

*Coinníollacha maidir le daoine a ardú.*

48. (1) Áiritheoidh fostóir nach n-úsáidfear trealamh oibre nár ceapadh go sonrach chun daoine a ardú ach amháin faoi thosca eisceachtúla agus faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(*a*) go dtéitear i mbun gníomh iomchuí, lena n-áirítear maoirsiú, leis an tsábháilteacht a chinntiú;

(*b*) go gcuirtear foireann ar an suíomh rialaithe aon uair a bhfuil fostaithe ar threalamh oibre atá ceaptha d'fhonn ualaí a ardú;

(*c*) go bhfuil modh cumarsáide iontaofa ag daoine atá á n-ardú;

(*d*) i gcás baoil, go bhfuil modh iontaofa ag daoine an trealamh ardaithe a thréigean;

(*e*) go bhfuil an talamh faoin trealamh cothrom agus réasúnta leibhéalta;

(*f*) go bhfuil an trealamh daingean faoi thosca ar bith;

(*g*) nach féidir le daoine i gcás nó gciseán neamhchomhtháite na rialaitheoirí nó coda contúirteacha den trealamh ardaithe a shroicheadh;

(*h*) go ndaingnítear an cás/ciseán i gceart leis an inneall ardaithe;

(*i*) go bhfuil an t-ualach iomlán faoi bhun leath an toillte mheasta den trealamh ardaithe;

(*j*) go bhfuil toilleadh nach bhfuil faoi bhun 1,000 Cileagram ag an trealamh ardaithe ach amháin má chuireann an déantóir in iúl go bhfuil an t-inneall oiriúnach chun na críche sin;

(*k*) go bhfeistítear innill atá oibrithe go hiodrálach le comhlaí coiscthe ar na sorcóirí ardaithe hiodrálacha, nó gaireas eile oiriúnach, a choisceann titim imtharraingthe an ualaigh i gcás teip hiodrálach.

(2) Áiritheoidh fostóir nach úsáidfear trealamh oibre le deis shaorthitime d'fhonn daoine a ardú.

*Gabhálais ardaithe.*

49. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go roghnófar gabhálais ardaithe mar fheidhm de na hualaí, pointí greamaithe, tácla forbhaill, agus na coinníollacha atmaisféir, ag féachaint don modh agus cumraíocht teilgthe,

(*b*) go stórálfar gabhálais ardaithe ar bhealach a chinnteoidh nach dtarlóidh díobháil nó táireach dóibh, agus

(*c*) go marcálfar gabhálais ardaithe ar bhealach ar féidir na saintréithe atá riachtanach d'úsáid shábháilte a aithint, ag féachaint do Rialachán 57.

*Trealamh oibre d'fhonn chun neamhthreoraithe a ardú.*

50. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) nuair a shuiteálfar nó nuair a chuirfear suas dhá eiseamláir de threalamh oibre a úsáidtear d'fhonn ualaí neamhthreoraithe a ardú ar láthair, sa chaoi is go dtéann a ngathanna oibre thar a chéile, go ndéanfar bearta iomchuí le himbhualadh idir ualaí nó na páirteanna trealaimh oibre féin, nó an dá rud, a sheachaint,

(*b*) i gcás go n-úsáidfear trealamh soghluaiste oibre d'fhonn ualaí neamhthreoraithe a ardú,

(i) go ndéanfar bearta a choiscfidh an trealamh ó chlaonadh, tharmchasadh nó, más gá, gluaiseacht nó sciorradh, agus

(ii) go ndéanfar seiceáil le cinntiú go gcuirtear na bearta i gcrích mar is cuí,

(*c*) murar féidir leis an oibreoir trealamh oibre, atá ceaptha d'fhonn ualaí neamhthreoraithe a ardú, bealach iomlán an ualaigh a fheiceáil go díreach nó trí fheiste chúnta a chuireann an fhaisnéis riachtanach ar fáil,

(i) go rachaidh duine inniúil i gcumarsáid leis an oibreoir chun é/í a threorú, agus

(ii) go ndéanfar bearta eagrúcháin le himbhualadh an ualaigh a sheachaint, ar imbhualadh é a d'fhéadfadh fostaithe a chur i mbaol,

(*d*) go n-eagrófar an obair sa chaoi is, i gcás go bhfuil fostaí ag ceangal nó ag dícheangal ualaigh de láimh, gur féidir é a dhéanamh go sábháilte, go háirithe agus rialú díreach nó neamhdhíreach den trealamh oibre á choinneáil ag an bhfostaí,

(*e*) más gá dhá eiseamláir trealaimh oibre nó os a chionn sin d'fhonn ualaí neamhthreoraithe a ardú ag an am céanna, go leagfar síos nós imeachta, agus go gcuirtear i bhfeidhm é, le comhordú maith a chinntiú ó thaobh na n-oibreoirí de,

(*f*) murar féidir le trealamh oibre a cheaptar d'fhonn ualaí neamhthreoraithe a ardú, a ghreim a choinneáil ar an ualach i gcás cliseadh cumhachta iomlán nó i bpáirt, go ndéanfar bearta iomchuí chun go seachnófaí fostaithe a bheith curtha in aon bhaol a eascraíonn as sin,

(*g*) nach bhfágfar ualaí crochta gan mhaoirsiú ach amháin má choisctear rochtain ar an gcrios baolach agus go bhfuil an t-ualach crochta agus coinnithe go sábháilte,

(*h*) go stadfar úsáid trealaimh oibre faoin aer atá ceaptha d'fhonn ualaí neamhthreoraithe a ardú nuair a théann cúinsí aimsire an oiread sin in olcas is go gcuirtear úsáid shábháilte an trealaimh i mbaol agus go gcuirtear fostaithe i gcontúirt, agus

(*i*) go ndéanfar na bearta cosanta cuí, go áirithe le go gcoiscfí tarmchasadh den trealamh oibre, le baoil d'fhostaithe a sheachaint.

*Trealamh oibre — comharthaíocht agus oibríocht.*

51. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go n-oibreoidh duine inniúil, nó duine atá faoi stiúir dhíreach dhuine inniúil d'fhonn oiliúint, an trealamh ardaithe,

(*b*) nach bhfostófar duine faoi bhun aois a 18 d'fhonn—

(i) comharthaí a thabhairt d'oibreoir trealaimh ardaithe faoi thiomáint chumhacht mheicniúil, nó

(ii) chun an trealamh sin a oibriú,

(*c*) maidir le gach comhartha a thugtar d'fhonn gluaiseacht trealaimh ardaithe a threorú—

(i) go mbeidh sé suaithinseach, agus

(ii) gur féidir leis an duine ar a bhfuil sé dírithe é a chloisteáil nó a fheiceáil go soiléir, agus

(*d*) maidir le feistí comharthaíochta—

(i) go gcothófar i gceart iad, agus

(ii) go gcosnófar an modh cumarsáide, mar is cuí, ar thrasnaíocht thionóisceach.

*Scrúdú agus tástáil trealaimh ardaithe.*

52. (1) Áiritheoidh fostóir, gach dochar do Rialachán 30,

(*a*) nach gcuirfear trealamh socraithe oibre d'fhonn ualaí a ardú, trealamh oibre ar ráille d'fhonn ualaí a ardú san áireamh, in úsáid don chéad uair ach amháin—

(i) má thástálann agus scrúdaíonn duine inniúil go grinn é, agus

(ii) má fhaightear teastas tástála agus scrúdaithe a shonraíonn an t-ualach sábháilte oibre agus, más cuí, an t-uaslíon daoine a cheadaítear,

(*b*) nach gcuirfear trealamh soghluaiste d'fhonn ualaí a ardú in úsáid in aon áit oibre den chéad uair, ach amháin—

(i) más rud é gur scrúdaíodh agus teistíodh é de réir an Rialacháin seo, nó

(ii) más inneall nua atá ann agus—

(I) go bhfuil comhartha CE air de réir threoracha iomchuí na gComhphobal Eorpach,

(II) go ngabhann dearbhú comhréireachta CE leis de réir threoracha iomchuí na gComhphobal Eorpach,

(III) go ngabhann dearbhú tástála agus scrúdaithe leis don inneall sin atá sínithe ag an duine a rinne an tástáil agus a shonraíonn an t-ualach sábháilte oibre, agus

(IV) nár athchóimeáladh ó sheoladh ón déantóir é,

(*c*) nuair

(i) a dhéantar aon athrú nó deisiú ar threalamh nó gabhálas ardaithe, agus

(ii) a bhaineann na hathruithe le hoibriú sábháilte an trealaimh, go scrúdaíonn duine inniúil an trealamh de réir an Rialacháin seo sula bhfilleann sé ar sheirbhís, agus

(*d*) nuair atá tuarascáil scrúdaithe de réir mír (3) a shonraíonn coinníollacha d'oibriú sábháilte an trealaimh, go n-úsáidfear an trealamh de réir na gcoinníollacha sin amháin

(2) I gcás trealaimh oibre a bhfuil feidhm ag alt (1)(*b*)(ii) maidir leis, cinnfear an tréimhse go dtí an chéad scrúdú de réir alt (3) faoi threoir dháta an teastais dá dtagraítear i mír (1)(*b*)(ii)(III).

(3) Gan dochar do Rialachán 30, áiritheoidh fostóir nach úsáidfear trealamh oibre de chineál nó d'aicmiú a liostáiltear i gcolún 1 de Chodanna B nó C de

Sceideal 1 go scrúdaíonn duine inniúil é ar a laghad uair amháin sa tréimhse atá sonraithe i gcolún 2 de Chodanna B nó C den Sceideal sin nó mar atá de cheangal faoi na tosca eile dá sonraítear i gCuid C.

(4) Nuair atá scrúdú grinn déanta cheana ar an trealamh dá dtagraítear i mír (3) de réir na bhforálacha iomchuí reachtúla a bhí i bhfeidhm roimh na Rialacháin seo a thabhairt isteach, measfar gur ionann tús na tréimhse dá dtagraítear i mír (3) agus dáta an scrúdaithe dheireanaigh.

(5) Níl feidhm ag ceanglais an Rialacháin seo maidir leis an trealamh oibre a liostáiltear faoi Chuid D de Sceideal 1.

(6) I gcás go bhfuil grinnscrúdú déanta cheana ar an trealamh dá dtagraítear i mír (3) de réir na bhforálacha iomchuí reachtúla a bhí i bhfeidhm díreach roimh na Rialacháin seo a thabhairt isteach, féachfar ar an scrúdú mar scrúdú atá faoi réir na Caibidle seo agus ní fheidhmeoidh an Rialachán seo go dtí tar éis don tréimhse a shonraítear faoi na forálacha reachtúla sin dul in éag.

(7) Áiritheoidh fostóir go ndéanfar grinnscrúdú a luaithe is atá sé infheidhmithe, má tá ceann dlite faoi na forálacha iomchuí reachtúla ón tréimhse roimh na Rialacháin seo a thabhairt isteach.

*Tuarascálacha ó dhaoine inniúla.*

53. (1) Áiritheoidh duine inniúil, a dhéanann scrúdú faoi Rialachán 52,—

(*a*) go ndréachtófar tuarascáil ar thoradh gach scrúdaithe agus tástála, dá dtagraítear faoi Rialachán 52, a chlúdaíonn na sonraí a leagtar amach i gCuid E de Sceideal 1,

(*b*) i gcás go scrúdófar trealamh oibre de réir Rialachán 52 agus i gcás go léireoidh an scrúdú nach féidir an trealamh a úsáid go sábháilte ach amháin má dhéantar deisiúcháin áirithe nó má fheiceann duine déanta an scrúdaithe gá lena leithéid de dheisiúcháin ag teacht,—

(i) go gcuirfear an t-úinéir agus an t-úsáideoir ar an eolas i scríbhinn faoin ngá atá leis an deisiúchán sin nó faoin ngá féideartha a bheith ann,

(ii) go seolfar macasamhail den tuarascáil chuig an Údarás gan 20 lá a shárú tar éis an scrúdú a chríochnú, nuair a mholtar an obair a stad láithreach, agus

(iii) i gcás gur féideartha an gá atá le deisiúcháin, go sonraítear an tréimhse, de réir a t(h)uairime, ina ndéanfar na deisiúcháin sin,

(2) Féadfaidh duine inniúil a dhéanfaidh scrúdú faoi Rialachán 52(3) tréimhse a shonrú atá níos lú ná mar a luaitear i gcolún 2 de Chodanna B nó C de Sceideal 1, má shíleann an duine sin gur gá scrúdú níos minice a bheith ann ach, má dhéantar é seo, cuirfear fáth na tuairime seo a thabhairt i scríbhinn d'úinéir agus úsáideoir an trealaimh oibre.

*Coimeád taifead agus clár de threalamh ardaithe.*

54. (1) Áiritheoidh fostóir, go gcoinneofar tuarascáil a dhréachtófar faoi Rialachán 53, nó a macasamhail—

(*a*) ar an áit oibre nuair is uirthi a lonnaítear an trealamh ardaithe go buan,

(*b*) i gcás trealaimh ardaithe ar láithreán tógála, in oifig an láithreáin nó ag seoladh gnó an chonraitheora a ndearnadh an tuarascáil dó, agus

(*c*) i gcás trealamh soghluaiste, ar an trealamh, maille le bheith ar fáil le haghaidh iniúchta ag seoladh úinéir an trealaimh.

(2) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go gcoimeádfar clár trealaimh oibre agus gabhálas ardaithe a shonraíonn an trealamh féin, an uimhir shainaitheanta, dáta na céadúsáide, agus dáta an ghrinnscrúdaithe dheireanaigh agus go gcoinneofar ar fáil é le haghaidh iniúchta ag cigire, agus

(*b*) mura bhfuil uimhir nó marcáil shainaitheanta ag an trealamh, go soláthrófar ceann de mharthanacht fhada.

*Ualaí sábháilte oibre le haghaidh tochaltóirí, línte tarraingthe, teilealáimhsitheoirí, luchtóirí nó tochaltóirí agus lódairí comhcheangailte nuair a úsáidtear iad mar chraenacha.*

55. (1) Aon tagairt sa rialachán seo do "inneall" is tagairt í do "thochaltóir, líne tharraingthe, teilealáimsitheoir, lódaire nó tochaltóir agus lódaire comhcheangailte nuair a úsáidtear iad mar chraenacha".

(2) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) sula n-úsáidfear inneall a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis, go ndéanfaidh duine inniúil na rudaí seo a leanas—

(i) an t-ualach nó ualaí sábháilte oibre a shonrú ar féidir leis an inneall a ardú agus a ísliú, nó nuair a bhraitheann a ualach sábháilte oibre ar chumraíocht an innill, a ualach sábháilte oibre do na cumraíochtaí éagsúla a shocrú, agus

(ii) teastas sínithe a sholáthar a shonraíonn an t-ualach sábháilte oibre agus aon fhorálacha riachtanacha sábháilteachta,

(*b*) go gcoinneofar an teastas dá dtagraítear i bhfomhír (*a*)(ii) ar fáil le haghaidh iniúchta leis an inneall,

(*c*) nach lódálfar inneall thar an ualach sábháilte oibre iomchuí a shonraítear sa teastas a éilítear faoi fhomhír (*a*)(ii),

(*d*) go marcálfar an t-ualach nó ualaí sábháilte oibre sonraithe agus suíomh na seach-chabhlach agus fad na géige nó an chrainn scóide a

dtagraíonn na hualaí sábháilte oibre dó go soiléir ar an inneall nó go ngreamaítear macasamhail den tábla a léiríonn na hualaí sábháilte oibre de réir an fhaid a oibrítear d'áit fheiceálach i gcábán an tiománaí,

(*e*) i ndiaidh eisiúint an teastais a éilítear faoi fhomhír (*a*)(ii), má chuirtear inneall faoi aon athrú nó deisiúchán substaintiúil is dócha a chuirfidh ar na hualaí sábháilte oibre atá sonraithe, go gcuirfear ar ceal an teastas sin agus go bhfaighfear teastas nua,

(*f*) go bhfeisteofar innill a oibrítear go hiodrálach, ach amháin innill le huasthoilleadh measta ardaithe de 1,000 Cileagram nó faoina bhun sin, le comhlaí coiscthe ar na sorcóirí a úsáidtear le haghaidh ardaithe nó trí mhodh eile a choiscfidh titim imtharraingthe den ualach i gcás teip hiodrálach,

(*g*) i gcás teilealáimhsitheora, nach bhfuil an t-ualach sábháilte oibre os cionn 1,000 Cileagram ach amháin má fheistítear é le táscaire uathoibríoch ualaigh sábháilte nó táscaire thoilleadh measta,

(*h*) ach amháin má fheistítear inneall le táscaire uathoibríoch ualaigh sábháilte nó táscaire thoilleadh measta, gur ionann an t-ualach sábháilte oibre do gach ga ag a n-oibrítear géag nó crann agus nach mó é ná an t-ualach a bhfuil an t-inneall ceaptha ardú leis an ngéag nó an gcrann sin leis an gcumraíocht is lú cobhsaíochta,

(*i*) go marcálfar deis ionnanaithe go soiléir ar innill a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo, agus

(*j*) go scrúdófar agus go dtástálfar innill a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo go tráthrialta de réir chodanna B agus C de Sceideal 1.

*Ceanglais shonracha do chraenacha deirice dinge agus teanntráin.*

56. Áiritheoidh fostóir, nuair a úsáidfear craen deirice dinge agus teanntráin,

(*a*) nach gcuirfear suas géag craenach deirice dinge idir cúlstaghanna na craenach,

(*b*) nach mbogfaidh craein deirice dinge lasta atá suite san uillinn idir cúlstaghanna na craenach sin

(*c*) go ndéanfar na bearta cuí chun go gcoiscfear bun ríphosta d'aon chraein deirice dinge ardú as soicéad nó taca agus é á úsáid, agus

(*d*) nuair nach féidir dingeacha craenach dinge a shocrú agus iad claonta cuíosach comhionann i dtreo an chrainn ionas go mbeadh na huillinneacha idir péirí cóngaracha cuíosach comhionann, go ndéanfar bearta eile a chinnteoidh cobhsaíocht na craenach.

*Tógáil, tástáil, scrúdú agus ualach sábháilte oibre gabhálas ardaithe.*

57. (1) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) faoi réir mhír (2) nach n-úsáidfear slabhra, téad ná aon ghabhálas eile ardaithe le haghaidh ardaithe nó íslithe nó mar mhodh crochta ach amháin—

(i) má tá sé de dhea-thógáil, d'ábhar slán, de threise dhóthanach, de chaighdeán oiriúnach agus saor ó fhabht follasach,

(ii) má shuiteáiltear agus úsáidtear mar is cuí é,

(iii) má chothaítear mar is cuí é,

(iv) má úsáidtear é chun na críche a bhí beartaithe,

(v) ach amháin i gcás téide nó crochán téide snáithín, má rinne duine inniúil tástáil agus scrúdú air agus má fuarthas teastas dá leithéid de thástáil agus scrúdú a shonraíonn an t-ualach sábháilte oibre, agus atá sínithe ag duine a rinne, nó a bhí freagrach as, cur i gcrích na tástála agus scrúdaithe,

(vi) i gcás téide nó crochán téide snáithín, má tá eolas ón déantóir ar fáil ar a ualach sábháilte oibre, agus

(vii) má tá sé marcáilte i bhfigiúirí agus litreacha soiléire soléite leis an ualach sábháilte oibre agus bealach aitheanta, mura bhfuil feidhm ag mír (2) maidir leis an ualach sábháilte oibre,

(*b*) nach lódálfar slabhra, téad nó fearas ardaithe thar a ualach sábháilte oibre ach amháin chun tástála mar a shonraíonn duine inniúil, agus faoina t(*h*)reoir, a ceapadh leis na tástálacha a dhéanamh.

(*c*) maidir le lúb a úsáidtear d'ardú nó d'ísliú nó mar mhodh crochta—

(i) go soláthrófar é le feiste éifeachtach le heasáitiú an chrocháin nó ualaigh den lúb, nó

(ii) go mbeidh sé dá leithéid de chruth a laghdódh, a mhéid is féidir, baol a leithéid d'easáitiú,

(*d*) go gceanglófar crochán a úsáidtear d'ardú nó d'ísliú ar dheis ardaithe go daingean leis an deis sin agus nach úsáidfear modh ceangailte is dócha a dhéanfadh díobháil mar gheall air d'aon chuid den chrochán nó d'aon fhearas ardaithe a thacaíonn é,

(*e*) nach úsáidfear déchrochán ná ilchrochán d'ardú ná d'islíú—

(i) mura bhfuil taobhanna uachtaracha chosa an chrocháin ceangailte ag geimheal, fáinne nó nasc atá leorthréan, nó

(ii) má théitear thar ualach sábháilte oibre aon choise de chuid an chrocháin de bharr na huillinn idir cosa an chrocháin,

(*f*) i gcás go bhfuil ualach á ardú nó á aistriú ar bhealach eile, go ndéanfar na bearta iomchuí trí úsáid pacála oiriúnaí, nó eile, le cosc a chur ar imill an ualaigh teacht i dteagmháil le crochán, téad nó slabhra, áit a chiallódh sé sin baol gortaithe pearsanta,

(*g*) nach n-ardófar, nach n-ísleofar ná nach gcrochfar ualach ar shlabhra nó théad sreinge a bhfuil snaidhm in aon chuid den slabhra nó téad atá faoi theannas díreach,

(*h*) nach n-úsáidfear slabhra atá giorraithe nó ceangailte le slabhra eile ag boltaí agus cnónna atá ionsáite trí na naisc d'fhonn aon ualach a ardú, a ísliú nó a chrochadh, agus

(*i*) i gcás go bhfuil slabhra nó fearas ardaithe déanta as a leithéid d'ábhar a theastódh ainéaladh nó cineál éigin chóir theasa uaidh lena shábháilteacht a chinntiú, oiread is a bhaineann leis an slabhra nó fearas ardaithe—

(i) go n-ainéalfar go héifeachtach é nó go gcuirfear faoi réir chóir theasa chuí é, faoi stiúir dhuine inniúil agus ag séalaí a shonraíonn duine inniúil, agus

(ii) nach n-úsáidfear é d'ardú nó d'ísliú nó mar chóir chrochta mufa ndréachtófar tuarascáil scríofa de gach ainéaladh nó cóir theasa chuí, sínithe ag an duine inniúil a ndearnadh an t-ainéaladh nó cóir theasa faoin stiúir.

(2) i gcás go bhfuil ualach sábháilte téide nó chrochán téide—

(*a*) taifeadta sa tuarascáil a dhréachtófar de réir Rialachán 53 agus i gcás go bhfuil an téad marcáilte sa chaoi gur féidir a ualach sábháilte oibre mar atá sonraithe sa tuarascáil sin a bhaint as, nó

(*b*) i gcás téad snáithín nó crocháin téide snáithín, taifeadta ar thábla d'ualaí sábháilte oibre atá le feiceáil go soiléir in áit shuntasach ar an áit oibre

ní gá na téada a mharcáil lena n-ualach sábháilte oibre.

*Seachadadh ualaí le gabhálais ardaithe ceangailte.*

58. Nuair—

(*a*) a sheachadtar aon bhall, ábhar nó ualach eile a cheaptar d'úsáid in obair thógála chuig, nó cóngarach do, láithreán tógála le slabhra, téad nó hoiriúint eile ardaithe ceangailte leis/léi agus a cheaptar d'úsáid mar chóir ardaithe agus íslithe don rangú ualaigh sin, nuair atáthar á t(*h*)ógáil ón áit sheachadta go suíomh ar an láithreán, agus

(*b*) atá an slabhra, téad nó fearas saor ó locht follasach, bíodh sé de bharr tógála nó caighdeáin agus nach le haon chonraitheoir é atá ag gabháil d'obair tógála ar an láithreán, nó nach ligeann sé ar cíos é,

ní fheidhmíonn an Chaibidil seo maidir le húsáid a leithéid de shlabhra, théad nó fearas d'ardú nó d'ísliú an ualaigh fad a fhanann an slabhra, téad nó fearas ceangailte leis an mball, ábhar nó ualach.

*Dualgas daoine a thugann trealamh ardaithe ar cíos do dhaoine eile.*

59. Gan dochar d'alt 16 den Acht, déanfaidh duine a thugann trealamh oibre ar cíos do dhaoine eile i gcomhair úsáide de réir na ndualgas atá leagtha amach i Rialacháin 52 agus 54.

*Dualgas an mháistir loinge i leith trealamh ardaithe a scrúdú.*

60. Déanfaidh máistir loinge de réir na ndualgas atá leagtha amach i Rialacháin 52 agus 54.

*Dualgas úinéara árthaigh iascaireachta i leith trealamh ardaithe a scrúdú.*

61. Déanfaidh úinéir árthaigh iascaireachta de réir na ndualgas a leagtar amach i Rialacháin 52 agus 54.

## Caibidil 3

## *Trealamh Cosanta Pearsanta*

*Trealamh cosanta pearsanta a sholáthar.*

62. (1) Áiritheoidh fostóir, gan dochar d'alt 8 den Acht, go soláthrófar trealamh cosanta pearsanta d'úsáid fhostaithe an fhostóra, áit nach féidir baoil do shábháilteacht nó sláinte na bhfostaithe san áit oibre a sheachaint nó a theorannú go leordhóthanach trí chóir theicniúil chosaint chnuasaitheach nó trí bhearta, modhanna nó nósanna imeachta eagrúcháin oibre.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht alt (1), agus an fostóir ag soláthar trealamh cosanta pearsanta, cuirfidh sé na nithe iomchuí a sonraítear i Sceideal 2 i gcuntas.

(3) Gan dochar d'alt 16 den Acht, Áiritheoidh fostóir go ndéanfaidh trealamh cosanta pearsanta a sholáthraítear faoi na Rialacháin seo de réir na dtreoracha ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le dearadh agus déantús trealaimh chosanta phearsanta ó thaobh sábháilteachta agus sláinte de.

*Measúnú ar threalaimh pearsanta cosanta.*

63. (1) Sula roghnófar trealamh cosanta pearsanta, a bhfuil sé de cheangal a sholáthar faoi Rialachán 62, déanfaidh fostóir measúnú le cinneadh go sásóidh a leithéid de threalamh ceanglais an Rialacháin seo agus Rialacháin 62 agus 64.

(2) Beidh sa mheasúnú a éilítear faoi alt (1)—

(*a*) anailís agus measúnú ar na baoil atá ann nach féidir a sheachaint ar bhealach ar bith eile,

(*b*) sainmhíniú ar na tréithe ar ghá a bheith ag trealamh cosanta pearsanta le bheith éifeachtach i gcoinne na mbaol dá dtagraítear i bhfomhír (*a*), ag cur aon bhaoil a d'fhéadfadh an trealamh féin a chruthú san áireamh agus

(*c*) comparáid thréithe an trealaimh chosanta phearsanta atá ar fáil leis na tréithe dá dtagraítear i bhfomhír (*b*).

(3) Déanfaidh fostóir athbhreithniú den mheasúnú ar ghá faoi alt (1) ar an bpointe, má tharlaíonn aon athrú ar aon cheann de na nithe dá dtagraítear in alt (2) agus, i gcás, mar thoradh ar an athbhreithniú seo, gur ghá athruithe a dhéanamh den mheasúnú, déanfar a leithéid d'athruithe.

*Coinníollacha úsáide agus comhoiriúnacht.*

64. (1) I gcás go bhfuil sé riachtanach go n-úsáidfeadh fostaí trealamh cosanta pearsanta, socróidh an fostóir coinníollacha úsáide don trealamh sin, an fad a chaitear é go háirithe, ar bhonn--

(*a*) thromchúis an bhaoil,

(*b*) minicíocht theagmhas an bhaoil,

(*c*) saintréithe stáisiún oibre an fhostaí, agus

(*d*) leordhóthanacht an trealaimh chosanta phearsanta.

(2) Áiritheoidh fostóir go n-úsáidfear trealamh cosanta pearsanta chun na críche beartaithe, ach amháin, le linn tosca sonracha agus eisceachtúla.

(3) I gcás go bhfuil sé riachtanach go gcaithfeadh fostaí amháin níos mó ná ball amháin de threalamh cosanta pearsanta ag aon am amháin, áiritheoidh fostóir go mbeidh baill den trealamh cosanta pearsanta sin de réir a chéile agus go leanfaidh siad de bheith éifeachtach i gcoinne na mbaol atá i gceist.

*Úsáid phearsanta.*

65. (1) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go srianfar úsáid bhall threalamh cosanta pearsanta a sholáthróidh an fostóir faoi Rialachán 62 d'fhostaí amháin de ghnáth, agus

(*b*) más gá go gcaithfeadh níos mó ná fostaí amháin ball de threalamh cosanta pearsanta, nach gcruthóidh a leithéid d'úsáid fadhbanna sláinte nó sláinteachais d'úsáideoir ar bith.

(2) Glacfaidh fostaí a soláthraítear trealamh cosanta pearsanta dó/di faoi na Rialacháin seo na céimeanna atá réasúnta lena chinntiú go gcuirfear a leithéid de threalamh ar ais á stóráil i ndiaidh a úsáide.

*Cothabháil agus athsholáthar.*

66. Áiritheoidh fostóir go gcothófar aon trealamh cosanta pearsanta a sholáthróidh an fostóir faoi Rialachán 62 i ngléas maith an t-am ar fad agus bail

shásúil sláinteachais air trí aon stóráil, cothabháil, deisiúchán nó athsholáthar is gá.

*Faisnéis, oiliúint agus treoir.*

67. I gcás go soláthróidh fostóir trealamh cosanta pearsanta d'úsáid fostaí faoi Rialachán 62, áiritheoidh fostóir, gan dochar d'ailt 9 agus 10 den Acht,—

(*a*) go gcuirfear an fostaí ar an eolas maidir leis na baoil a chosnaíonn caitheamh an trealaimh é/o orthu,

(*b*) go soláthrófar an fostaí le heolas leordhóthanach ar an trealamh cosanta pearsanta a sholáthraítear,

(*c*) go gcuirfear an fostaí ar an eolas maidir leis an gcaighdeán cosanta a chuireann an trealamh cosanta pearsanta a thugtar dá úsáid ar fáil,

(*d*) go dtabharfar treoir don fostaí maidir le húsáid a leithéid an trealaimh chosanta phearsanta sin, agus

(*e*) go n-eagrófar oiliúint agus, más cuí, taispeántais maidir le caitheamh an trealaimh sin.

## Caibidil 4

## *Láimhsiú Ualaí*

*Léiriú do Chaibidil 4.*

68. Sa Chaibidil seo, ciallaíonn "láimhsiú ualaí" aon iompar nó tacú d'ualach ag fostaí amháin nó níos mó agus airítear leis ardú, cur síos, brú, tarraingt, iompar, nó aistriú ualaigh, a mbaineann baol d'fhostaithe leis de bharr a shaintréithe nó dhroch-choinníollacha eirgeanamaíocha, gortú droma ach go háirithe,

*Dualgais fostóra*

69. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go ndéanfar na bearta eagrúcháin cuí, nó go n-úsáidfear an modh cuí, trealamh innealra go háirithe, leis an ngá atá ag fostaithe an fhostóra le hualaí a láimhsiú a sheachaint,

(*b*) i gcás nach féidir an gá atá le láimhsiú ualaí ag fostaithe an fhostóra a sheachaint go ndéanfar bearta eagrúcháin cuí, go n-úsáidfear na modhanna cuí nó go soláthrófar fostaithe an fhostóra lena leithéidí de mhodh a laghdódh an baol atá i gceist leis an láimhsiú ualaí sin, ag féachaint do na guaiseacha atá sonraithe i Sceideal 3,

(*c*) i gcás nach féidir an gá atá le láimhsiú ualaí ag fostaithe an fhostóra a sheachaint, go n-eagrófar na stáisiúin oibre sa chaoi is go gcinnteofar a leithéidí de láimhsiú a bheith chomh sábháilte agus sláintiúil agus is féidir, agus—

(i) ag cur i gcuntas na guaiseacha do láimhsiú ualaí atá sonraithe i Sceideal 3, go ndéanfar coinníollacha sláinte agus sábháilteachta an chineáil oibre atá i gceist a mheasúnú agus go ndéanfar na bearta cuí leis an mbaol d'fhostaithe an fhostóra a laghdú nó a sheachaint, de ghortú droma go háirithe,

(ii) go gcinnteofar buíonta fíorleochaileacha d'fhostaithe atá i nguais a chosaint ar aon chontúirtí a imríonn tionchar orthu go sonrach maidir le láimhsiú ualaí agus na guaiseacha faoi leith, ag féachaint do na guaiseacha a leagtar amach i Sceideal 3,

(iii) i gcás go leagtar tascanna ar fhostaí, go gcuirfear a c(h)umais maidir le sábháilteacht agus sláinte san áireamh, lena airítear, maidir le láimhsiú ualaí ag fostaithe, na guaiseacha faoi leith a leagtar amach i Sceideal 3, agus

(iv) i gcás go bhfuil breathnadóireacht shláinte maidir le láimhsiú ualaí ag fostaithe á cur i gcrích, go gcuirfear san áireamh na guaiseacha iomchuí atá leagtha amach i Sceideal 3, agus

(*d*) gan dochar d'alt 9 den Acht, go gcinnteofar go bhfaighidh fostaithe an fhostóra atá bainteach le láimhsiú ualaí noda ginearálta agus, más féidir, faisnéis chruinn ar—

(i) mheáchan gach ualaigh, agus

(ii) mheáchanlár an taoibh is troime nuair atá beart luchtaithe go héalárnach.

## Caibidil 5

### *Trealamh Scáileán Taispeána*

*Léiriú do Chaibidil 5.*
70. Sa Chaibidil seo:

ciallaíonn "trealamh scáileán taispeána" aon scáileán taispeána grafach nó uimh-aibítreach, beag beann ar an bpróiseas taispeána atá i gceist,

ciallaíonn "fostaí", fostaí a úsáideann trealamh scáileán taispeána de ghnáth mar chuid shuntasach dá ghnáthobair,

ciallaíonn "stáisiún oibre" cóimeáil déanta as trealamh scáileán taispeána, a sholáthraítear seans le méarchlár nó feiste ionchuir nó bogearra, nó meascán de bhfuil roimhe, a shocraíonn an comhéadan oibritheora agus innill, agus a n-airítear leis

(*a*) cathaoir agus bord nó dromchla oibre,

(*b*) aon ghabhálais agus forimeallaí roghnacha, agus

(*c*) timpeallacht ghar-raonach oibre an trealaimh scáileán taispeána.

*Neamhfheidhm Chaibidil 5.*

71. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le—

(*a*) cábáin tiománaí nó rialaitheacha d'fheithiclí nó innealra,

(*b*) córais ríomhaireachta ar bord modh iompair,

(*c*) córais ríomhaireachta a cheaptar go príomha d'úsáid phoiblí,

(*d*) trealamh soghluaiste scáileán taispeána ag stáisiún oibre nach n-úsáidtear ar bhonn fada,

(*e*) áireamháin, scipéid airgid agus aon trealamh a bhfuil taispeáint bheag sonraí nó tomhais a theastaítear d'úsáid dhíreach an trealaimh, agus

(*f*) clóscríobháin de dhearadh traidisiúnta, den chineál "clóscríobhán le fuinneog".

*Dualgais fostóra.*

72. (1) Áiritheoidh fostóir, agus é ag soláthar trealaimh scáileáin taispeána d'úsáid fhostaí ag stáisiún oibre,—

(*a*) go gcinnteofar nach cúis bhaoil don fhostaí atá in úsáid ghinearálta an trealaimh,

(*b*) go gcuirfear anailís i gcrích den stáisiún oibre leis na coinníollacha sábháilteachta agus sláinte a eascraíonn as do na fostaithe, go háirithe maidir le guaiseacha féideartha do radharc na súl, fadhbanna fisiceacha agus fadhbanna struis meabhraigh, agus, ar bhonn an mheasúnaithe sin, go ndéanfar na bearta cuí le haon bhaoil a aimsítear a réiteach, ag cur san áireamh—

(i) íosriachtanais atá sonraithe i Sceideal 4, agus

(ii) aon tionchair bhreise nó chomhcheangailte ó na baoil a aimsíodh,

(*c*) go leagfar amach gníomhaíochtaí fhostaithe an fhostóra ar bhealach ina mbristear ar obair laethúil ar threalamh scáileán taispeána go tráthrialta trí shosanna nó athruithe gníomhaíochta a laghdaíonn an t-ualach oibre ag an scáileán taispeána,

(*d*) gan dochar d'alt 9 den Acht, go soláthrófar eolas d'fhostaithe an fhostóra maidir leis na bearta a bhaineann le stáisiúin oibre a cuireadh i bhfeidhm faoin Rialachán seo agus Rialachán 73,

(*e*) gan dochar d'alt 10 den Acht, go soláthrófar oiliúint d'fhostaithe maidir le húsáid stáisiún oibre roimh dóibh tosú ag obair le trealamh scáileáin taispeána agus aon uair a athraítear eagrúchán an stáisiúin oibre go suntasach, agus

(*f*) go ndéanfar anailís bhreise ar an stáisiún oibre dá dteagtraítear i bhfomhír (*b*) i gcás—

(i) go n-aistríonn fostaí ar stáisiún oibre nua, nó

(ii) go dtugtar isteach trealamh suntasach oibre nua, athrú trealaimh nó nua theicneolaíocht ag stáisiún oibre an duine.

(2) Tá feidhm ag Sceideal 4 go feadh an méid is atá na comhbhaill i gceist i láthair ag stáisiún oibre agus nach gcoisceann bunriachtanais nó saintréithe na hoibre a leithéid d'fheidhm.

*Tástálacha súl agus fearais cheartaitheacha a sholáthar*

73. Áiritheoidh fostóir, ag cur i gcuntas aon teideal ar aon tástálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfostóir agus deiseanna a sholáthraíonn an Stát maidir le radharc na súl agus deiseanna, go gcinnteofar—

(*a*) go gcuirfear gach fostaí ar an eolas faoi sholáthar tástála cuí súl agus radharc na súl, a dhéanfaidh duine inniúil, agus go gcuirfear ar fáil dó/di é—

(i) roimh thosú ar obair scáileán taispeána,

(ii) ag tráthanna rialta ina dhiaidh sin, agus

(iii) má fhulaingíonn fostaí deacrachtaí súl, a d'fhéadfadh gur obair scáileán taispeána is cúis leis,

(*b*) má léiríonn torthaí tástála faoin Rialachán seo go bhfuil sé riachtanach, go ndéanfar scrúdú oftailmeolaíoch ar an bhfostaí i gceist, agus

(*c*) nuair a léiríonn torthaí thástáil nó scrúdaithe faoin Rialachán seo go bhfuil sé riachtanach, agus murar féidir gnáthfhearais cheartaitheacha a úsáid, go soláthrófar don fhostaí i gceist fearais cheartaitheacha faoi leith a thagann lena c(*h*)uid oibre.

## CUID 3

### Leictreachas

*Léiriú do Chuid 3.*

74. Sa Chuid seo:

ciallaíonn "duine údaraithe" duine atá—

(*a*) inniúil chun críche na Coda seo, maidir lena úsáidtear an ráiteas sin,

(*b*) fostóir, duine féinfhostaithe, nó fostaí a cheapann nó a roghnaíonn an fostóir nó duine féinfhostaithe, agus

(*c*) ag gabháil do shaothrú nó do dhualgais a ghabhann le giniúint, claochlú, tiontú, lascadh, smachtú, rialú, coigeartú, stóráil, tarchur, dáileadh, soláthar, tomhas nó úsáid fuinnimh leictrigh,

ciallaíonn "ciorcad" cuid de shuiteáil leictreach a sholáthraítear ón bhfoinse chéanna, a d'fhéadfadh a bheith cosanta ó fhorshruthanna ag an bhfeiste chéanna chosanta;

ciallaíonn "scoradán ciorcaid" feiste leictrimheicniúil a bhfuil ar a chumas forshruthanna a dhéanamh, a iompar agus a bhriseadh faoi ghnáthchoinníollacha ciorcaid agus a bhfuil ar a chumas freisin forshruthanna a dhéanamh, a iompar ar feadh tréimhse shonraithe, agus a bhriseadh faoi choinníollacha sonraithe mínormálta ciorcaid leithéidí gearrchiorcaid;

ciallaíonn "páirt sheoltach" páirt atá in inmhe sruthú a sheoladh ach nach gá go n-úsáidfí í d'fhonn sruthú a iompar faoi ghnáthchoinníollacha,

ciallaíonn "seoltóir" seoltóir fuinnimh leictrigh,

ciallaíonn "contúirt" baol go dtarlódh gortú pearsanta ó—

(*a*) thurraing, dó, phléasc nó stuáil leictreachais,

(*b*) thine nó pléasc de bharr úsáid leictreachais, nó

(*c*) gluaiseacht mheicniúil trealaimh atá tiománaithe ag leictreachas,

agus breathnófar ar chontúirt a chosc sa chuid seo mar chontúirt a chosc a mhéid is infheidhmithe go praiticiúil;

ciallaíonn "talmhú" na páirteanna seoltacha nochta de shuiteáil a cheangal le toirt sheoltach na talún;

áirítear le "trealamh leictreachais" aon seoltóir nó aon chábla leictreachais agus aon chuid d'aon inneall, gaireas nó fearas a cheaptar le húsáid nó a shuiteáiltear le húsáid i nginiúint, gclaochlú, dtiontú, lascadh, smachtú, rialú, gcoigeartú, stóráil, dtarchur, ndáileadh, soláthar, dtomhas nó in úsáid fuinnimh leictrigh;

ciallaíonn "suiteáil leictreachais" cóimeáil de threalamh leictreachais comhthiomsaithe a bhfuil sprioc nó spriocanna sonracha léi agus go bhfuil saintréithe comhordaithe aici;

ciallaíonn "voltas níos airde" aon voltas thar—

(*a*) 1,000 volta de shruthú ailtéarnach, mó

(*b*) 1,500 volta de shruthú díreach;

ciallaíonn "aonrú" trealamh leictreachais a dhícheangal agus a scaradh ó gach foinse fhuinneamh leictreachais sa chaoi go bhfuil an dícheangal agus scaradh sin slán;

ciallaíonn "beo" fuinnmhithe go leictreach;

ciallaíonn "trealamh leictreachais leighis" trealamh leictreachais leighis mar a shainmhínítear sa cháipéis ó Chomhairle Leictri-Theicniúil na hÉireann (ETCI)

dar teideal “Rialacha Náisiúnta um Shuiteálacha Leictreachais i Seomraí d’Úsáid Leighis” nó trealamh eile a d’fhéadfadh an tAire a ordú;

ciallaíonn “forshruth” aon sruth a théann thar an luach measta don trealamh leictreachais i gceist;

ciallaíonn “líne lastuas” aon líne leictreachais atá crochta os cionn na talún a iompraíonn nó a cheaptar le fuinneamh leictreachais a iompar de voltas thar 80 volta go talamh;

ciallaíonn “trealamh soghluaiste” trealamh, lena n-áirítear trealamh soghluaiste láimhe,—

(*a*) de bharr na caoi a úsáidtear é ar ghá é a ghluaiseacht agus é á fheidhmiú,

(*b*) a cheaptar le gur féidir é a ghluaiseacht agus é á fheidhmiú, nó

(*c*) a ghluaistear ó am go céile idir na tréimhsí le linn dó bheith á fheidhmiú;

ciallaíonn “feiste srutha iarmharaigh” feiste lasctha leictri-mheicniúil a cheaptar le ciorcad a dhícheangal nuair a shroicheann an sruth iarmharach luach atá luaite faoi choinníollacha sonracha;

ciallaíonn “fostáisiún” aon fhoirgneamh, cró, nó struchtúr eile, nó aon chuid de,—

(*a*) atá mór a dhóthain le duine a cheadú dul isteach i ndiaidh don trealamh fuinnimh atá ann a bheith i suíomh, agus

(*b*) a bhfuil trealamh ann d’fhonn fuinneamh leictreachais a chlaochlú nó a thiontú go voltas níos airde nó uaidh (ach nach trealamh é i gcomhair fuinnimh leictrigh a chlaochlú nó a thiontú d’oibriú lascthrealaimh nó gléasanna),

agus áirítear leis an trealamh sin, maille le haon trealamh eile d’fhonn fuinneamh leictreachais a lascadh, a smachtú nó a rialú ar bhealach eile;

ciallaíonn “lascsheomra” seomra a cheaptar go príomha le trealamh lasctha agus dáilte d’fhoirgneamh a choinneáil ann;

ciallaíonn “cábla fo-thalún” aon chábla leictreachais faoin talamh a iompraíonn fuinneamh leictreachais, nó a cheaptar chun é a iompar, ag voltas thar 80 volta go talamh.

*Feidhm Chuid 3.*

75. (1) Tá feidhm ag an gCuid seo, gan dochar d’alt 16 den Acht, maidir le daoine cuí a dhearann, a shuiteálann, a chothaíonn, a úsáideann, nó atá i gceannas ar shlí ar bith ar—

(*a*) shuiteáil leictreachais nó cuid de shuiteáil leictreachais in áit oibre, nó

(*b*) ghréasán leictreachais, lena n-áirítear giniúint, claochlú, tiontú, lascadh, smachtú, rialú, coigeartú, stóráil, tarchur, dáileadh, soláthair, tomhas nó úsáid fuinnimh leictrigh in áit oibre.

(2) Níl feidhm ag an gCuid seo maidir le—

(*a*) haon trealamh nó suiteáil leictreachais a úsáidtear do thástáil leictreachais nó do spriocanna taighde amháin, nó

(*b*) trealamh leictreachais leighis,

ach áiritheoidh na daoine a úsáideann an trealamh dá dtagraítear i bhfomhír (*b*) go dtógfar, go suiteálfar, go gcothófar, go gcosnófar agus go n-úsáidfear an trealamh nó suiteáil le faichill chuí a dhéanamh d'fhonn an chontúirt a chosc.

*Oiriúnacht trealaimh leictrigh agus suiteálacha leictreacha.*
76. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) maidir le gach trealamh agus suiteáil leictreachais—

(i) go ndearfar,

(ii) go dtógfar,

(iii) go suiteálfar,

(iv) go gcothófar,

(v) go gcosnófar, agus

(vi) go n-úsáidfear é

ar bhealach a choisceann an chontúirt, agus

(*b*) go gcosnófar mar is ceart gach trealamh agus suiteáil leictreachais, lena n-áirítear cláir dáileacháin, soicéid, claochladáin agus ceangail ar ligean isteach taise nó cháithníní agus aon imbhualadh intuartha, mar is cuí don áit, gan dochar do Rialachán 77.

*Timpeallachtaí dochracha nó guaiseacha.*
77. Áiritheoidh fostóir, maidir le trealamh leictreachais a d'fhéadfaí a thuar go mbainfidh teagmhais le timpeallachtaí dochracha nó guaiseacha dó, lena n-áirítear ach go háirithe—

(*a*) díobháil mheicniúil,

(*b*) tionchar na haimsire, guaiseacha sa dúlra, teocht nó brú,

(*c*) tionchar ó choinníollacha fliucha, salacha, deannachúla nó creimneacha, agus

(*d*) aon atmaisféar inlasta nó a d'fhéadfadh a phléascadh, lena n-áirítear aon mheascán aeir agus substainte inlasta i bhfoirm gáis, gaile, ceobhráin nó deannaigh,

go dtógfar, go suiteálfar, go gcothófar agus go n-athrófar é leis an gcontúirt ón teagmhas a chosc, nó go gcosnófar é.

*Sainaithint agus marcáil.*

78. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go sainaithneofar gach trealamh leictreachais mar is cuí, más gá, leis an gcontúirt a chosc,

(*b*) go léireoidh gach trealamh oibre, seachas cáblaí agus línte lastuas, ainm an déantóra maille le gach grádú ar ghá le taispeáint go bhfuil sé oiriúnach chun na críche beartaithe dá úsáid, agus

(*c*) go sainaithneofar gach ciorcad leictreachais mar is cuí ag a bhfoinse le ligean do na ciorcaid sin bheith dífhuinnimithe agus aonraithe go slán, sábháilte.

*Cosaint in aghaidh turraing leictreach faoi ghnáthchoinníollacha.*

79. Áiritheoidh fostóir, maidir le gach páirt beo a d'fhéadfadh bheith ina contúirt—

(*a*) go gclúdófar le hábhar inslithe go cuí í agus go gcosnófar ar an gcaoi sin í ar bheith contúirteach, nó

(*b*) go gcuirfear faichill uirthi leis an gcontúirt a chosc, lena n-áirítear, más iomchuí, na páirteanna beo bheith suite go cuí leis an gcontúirt a chosc.

*Cosaint ar thurraing leictreach faoi choinníollacha fabht.*

80. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go ndéanfar faichill, bíodh sé—

(i) trí thalmhú agus dhícheangal uathoibríoch an tsoláthair leictreachais, nó

(ii) aon mhodh cuí eile,

nach dtarlódh an chontúirt, áit ina bhféadfadh le haon pháirt nochta sheoltach éirí beo,

(*b*) faoi choinníollacha dochracha nó guaiseacha go féideartha agus nuair atá suiteáil leictreachais ar fad ag brath ar fheiste srutha iarmharaigh amháin nó níos mó in aon suíomh amháin do chosaint talmhú fabht, go ndéanfar faichill d'fhonn an tarchur de chothroim chontúirteacha voltais sa tsuiteáil a chosc a eascraíonn as fabht atá níos faide suas an sruth ón bhfeiste chosanta—

(i) trí é nó iad a shuiteáil i gcró neamhsheoltach, nó

(ii) trí mhodh eile ar ionann a héifeacht, agus

(*c*) maidir le gach ciorcad leictreachais a sholáthraíonn—

(i) feistí leictreacha téimh uisce,

(ii) cithfholcadáin a théitear le hleictreachas, agus

(iii) caidéil do chithfholcadáin a oibrítear le hleictreachas,

atá suite i gcrios (1), mar a shainmhíníonn Comhairle Leictri-Theicniúil na hÉireann i "Rialacha Náisiúnta um Shuiteálacha Leictreachais",de sheomraí in áit oibre a bhfuil folcadán nó báisín cithfholcadáin, go gcosnófar iad ag feiste srutha iarmharaigh a bhfuil sruth tuisleach aige nach dtéann thar 30 miollaimpéar a oibríonn laistigh de thréimhse ama a sholáthraíonn an chosaint riachtanach leis an gcontúirt a chosc i leith aon duine a thagann i dteagmháil dhíreach nó neamhdhíreach le haon chuid bheo den ciorcad.

*Trealamh iniompartha.*

81. (1) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) maidir le ciorcad a sholáthraíonn trealamh iniompartha nó soicéad asraoin a cheaptar le trealamh iniompartha a sholáthar, lena n-áirítear aon chiorcad atá soláthraithe ag gineadóir leictreachais, agus a úsáidtear sruthú ailtéarnach ann de voltas—

(i) atá thar 125 volta, agus

(ii) nach bhfuil thar 1,000 volta,

go gcosnófar é le feiste srutha iarmharaigh amháin nó níos mó a bhfuil sruthú tuisleach aige/acu nach dtéann thar 30 miollaimpéar a oibríonn laistigh de thréimhse ama a sholáthraíonn an chosaint riachtanach leis an gcontúirt a chosc i leith aon duine a thagann i dteagmháil dhíreach nó neamhdhíreach le haon chuid bheo den ciorcad.

(*b*) go gcothófar trealamh iniompartha ar bhealach atá oiriúnach d'úsáid shábháilte, agus

(*c*) maidir le trealamh iniompartha—

(i) a chuirtear faoi choinníollacha a chúisíonn meathlúchán a bhfuil an baol ann bheith contúirteach, agus

(ii) atá soláthraithe ag voltas thar 125 volta de shruthú ailtéarnach,

(I) go dtástálfar leis na súile é roimh a úsáid, agus

(II) go scrúdóidh duine inniúil é go tráthrialta, ag teacht mar is cuí le nádúr, suíomh agus úsáid an trealaimh.

(2) Áiritheoidh fostóir, más iomchuí, do ndéanfaidh duine inniúil—

(*a*) aon trealamh iniompartha a bhfuil cur síos air in ailt (1)(*c*)(i) and (ii) a thástáil, agus

(*b*) a dheimhniú má bhí nó mura raibh an trealamh iniompartha (lena n-áirítear aon cháblaí agus plocóidí), ar lá na tástála, a mhéid is féidir a chinntiú go réasúnta, sábháilte agus gan bhaol do dhaoine a theacht i dteagmháil le haon chuid bheo den trealamh.

(3) i gcás go léireoidh teastas an duine inniúil dá dtagraítear in alt (2) nach raibh an trealamh iniompartha a tástáladh, ar lá na tástála, sábháilte agus gan bhaol, mar a shonraítear alt sin, áiritheoidh fostóir nach n-úsáidfear é go ndéantar sábháilte é agus go dteisteofar sin de réir alt (2).

(4) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) nach n-úsáidfear trealamh iniompartha atá soláthraithe ag voltas thar 125 volta de shruthú ailtéarnach, seachas claochladáin agus gineadóirí iniompartha—

(i) d'obair thógála,

(ii) do ghníomhaíochtaí seachtracha cairéalaithe, nó

(iii) i suíomhanna taise nó srianta,

ach amháin má tá a ghrádú thar 2 aimpéar cileavolta

(*b*) nach n-úsáidfear lampaí iniompartha atá soláthraithe ag voltas thar 25 volta de shruthú ailtéarnach nó 50 volta de shruthú díreach—

(i) d'obair thógála,

(ii) do ghníomhaíochtaí seachtracha cairéalaithe, nó

(iii) i suíomhanna taise nó srianta, agus

(*c*) i gcás go n-úsáidtear claochladán nó gineadóir le leictreachas a sholáthar chuig trealamh iniompartha de voltas atá os cionn 25 volta, ach faoi bhun 125 volta, de shruthú ailtéarnach go gceanglaítear,

(i) an lárphointe, go leictreach, nó

(ii) an pointe neodrach (réalta) i gcás trí phas den voltas aschuir nó tochrán tánaisteach,

le talamh agus go bhfuil an claochladán nó gineadóir den chineál déthochráin.

*Ceangail agus cáblaí.*

82. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go dtógfar alt agus ceangal leictreachais go hiomchuí maidir le seoltas, le hinsliú, le neart meicniúil agus le cosaint chun contúirt a chosc,

(*b*) i gcás go n-úsáidfear cábla le haghaidh obair thógála nó le haghaidh oibríochtaí seachtracha cairéalaithe, go mbeidh sé cosanta agus inslithe go hiomchuí le haghaidh voltas an chábla chun contúirt a chosc, agus

(*c*) go ndéanfar cábla le haghaidh trealamh iniompartha—

(i) a cheangal leis an trealamh agus leis an gcóras trí ailt éifeachtacha bhuana nó trí nascóir, ar nascóir é a tógadh go cuí, agus

(ii) go socrófar é ionas nach ndéanfar teannas an chábla a tharchur trí sheoltóirí chuig teirminéil ag an dá fhoirceann den chábla.

*Cosaint forshrutha.*

83. Áiritheoidh fostóir go soláthrófar modh éifeachtach a bheidh suite go hiomchuí chun gach trealamh agus suiteáil leictreach a chosaint ó fhorshruth chun contúirt a chosc.

*Soláthar ó ghineadóir cuntas agus ó cheallra.*

84. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go nglacfar réamhchúraimí chun contúirt a chosc—

(i) i gcás go mbeidh ceallraí nó gineadóirí cúnta soláthair chumhachta á n-oibriú, á suiteáil, á gcothabháil, á n-iompar nó á stóráil, agus

(ii) ar contúirt í a bheadh ann do dhaoine a bheadh ag suiteáil, ag cothabháil nó ag úsáid suiteáil leictreach i gcás gur feistíodh ceallraí nó gineadóirí cúnta nó i gcás go bhfuil sé i gceist ceallraí nó gineadóirí cúnta a fheistiú, agus

(*b*) i gcás gur feistíodh ceallraí nó gineadóirí cúnta nó a bhfuil sé beartaithe ceallraí nó gineadóirí cúnta a fheistiú, go nglacfar réamhchúraimí iomchuí chun contúirt a chosc, ar contúirt í a bheadh ann do dhaoine a bheadh ag obair ar an líonra leictreach seachtrach a sholáthraíonn an tsuiteáil leictreach.

*Lascadh agus leithlisiú le haghaidh oibre ar threalamh déanta neamhbheo.*

85. (1) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) faoi réir mhír (2), más iomchuí chun contúirt a chosc, go mbeidh modh oiriúnach (lena n-áirítear, más iomchuí, modh le ciorcaid a shainaithint) ar fáil chun soláthar leictreachais a mhúchadh, ar soláthar leictreachais é d'aon trealamh leictreach, agus go ndéanfar aon trealamh leictreach eile a leithlisiú,

(*b*) maidir le gach lasc, scoradán ciorcaid nó aon fheiste rialaithe eile a sholáthrófar faoi fhomhír (*a*), más iomchuí chun contúirt a chosc,

(i) go ndéanfar an lasc, an scoradán ciorcaid nó an fheiste sin a mharcáil go soiléir chun “Ar Siúl” agus “Múchta” a léiriú, mura bhfuil sé seo follasach ar bhealach éigin eile, agus

(ii) go mbeidh an lasc, an scoradán ciorcaid nó an fheiste inrochtana go héasca le haghaidh gach duine údaraithe agus go mbeidh sé i suíomh a bheidh soilsithe go hiomchuí, agus

(*c*) go nglacfar réamhchúraimí leordhóthanacha chun oibriú aon lasca a chosc fad is bheadh an lasc sin ag iompair i gcás nach mbeidh sé d’acmhainn ag an lasc sin an gnáthshruth ualaigh a idirbhriseadh.

(2) níl feidhm ag Mír (1) maidir le trealamh leictreach nach bhfuil ina fhoinse don fhuinneamh leictreach, ar an gcoinníoll go nglacfar réamhchúraimí chun contúirt a chosc.

*Réamhchúraimí le haghaidh oibre ar threalamh leictreach.*

86. (1) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go ndéanfar gníomhaíocht oibre, lena n-áirítear oibriú, úsáid agus cothabháil trealaimh leictrigh nó suiteálacha leictreacha, ar bhealach a choisceann contúirt,

(*b*) go ndéanfar neamhbheo trealamh leictreach roimh thús a chur ar obair ar an trealamh sin, más iomchuí, chun contúirt a chosc,

(*c*) go nglacfar réamhchúraimí leordhóthanacha chun contúirt a chosc, ar contúirt í a d’eascródh—

(i) ó threalamh leictreach a rinneadh neamhbheo roimhe sin ach a éireodh beo arís fad is a bheifí ag obair air nó ar an trealamh nó i gcóngar an trealaimh sin,

(ii) ó aon trealamh leictreach a d’éireodh beo de thaisme,

(*d*) I gcás go bhfuil gá obair a dhéanamh ar aon chuid bheo de threalamh leictreach, nó i gcóngar aon choda beo de threalamh leictreach, ach amháin trealamh leictreach a mbeadh ábhar inslithe air a choiscfeadh contúirt, ní iarrfar ar dhuine dul i mbun gníomhaíocht oibre ach amháin—

(i) má tá sé neamhréasúnta sa chás áirithe sin go mbeadh an sé neamhbheo,

(ii) má tá sé réasúnta sa chás áirithe sin don duine sin bheith ag obair air nó ina chóngar agus é beo, agus

(iii) má glacadh réamhchúraimí oiriúnacha chun contúirt a chosc, lena n-áirítear, más iomchuí, trealamh cosantach a sholáthar.

(2) Áiritheoidh fostóir go mbeidh aon trealamh atá i gcóngar trealamh leictreach a sholáthrófar faoin gCuid seo chun críche cosanta fostaithe, nó chun daoine eile a chosaint a mbeadh feidhm ag na forálacha iomchuí reachtúla ina leith—

(*a*) oiriúnach le húsáid ar an gcúis ar soláthraíodh é,

(*b*) coinnithe ar chaoi a bheadh oiriúnach don úsáid sin, agus

(*c*) go n-úsáidfear é go cuí.

*Spás oibre, rochtain agus soilsiú.*

87. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go soláthrófar spás oibre leordhóthanach, cóir leordhóthanach rochtana agus fágála, agus soilsiú leordhóthanach ag gach trealamh leictreach a bhfuil obair ar siúl air nó ina chóngar, i ndálaí a bhféadfadh contúirt eascairt astu, agus

(*b*) go bhfeisteofar soilsiú éigeandála i ngach lascsheomra d'fhonn méid leordhóthanach soilsithe a sholáthar i gcás go gcaillfí an soláthar leictreachais.

*Daoine le bheith inniúil chun contúirt a chosc.*

88. Áiritheoidh fostóir nach mbeidh aon duine i mbun gníomhaíocht oibre a mbeadh gá le heolas teicniúil nó taithí theicniúil chun contúirt a chosc mura bhfuil an duine sin inniúil nó faoin méid maoirseachta ba ghá mar is iomchuí, le haird ar chineál na hoibre.

*Tástáil agus iniúchadh.*

89. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go ndéanfaidh duine inniúil gach suiteáil nua leictreachais agus gach athrú mór ar an trealamh sin a iniúchadh agus a thástáil, tar éis chur i gcrích na suiteála sin nó an athraithe ar an tsuiteáil sin, agus go gcuirfí i gcrích tuarascáil ar an tástáil a fhíoródh go bhfuil ceanglais iomchuí an Choda seo á gcomhlíonadh,

(*b*) go ndéanfaí suiteáil leictreach atá ann cheana féin a iniúchadh agus a thástáil gach bliain nó dá n-éileodh cigire é, go ndéanfadh duine inniúil an t-iniúchadh agus an tástáil sin agus go gcuirfí tuarascáil den tástáil i gcrích a fhíoródh go bhfuil ceanglais iomchuí an Choda seo á gcomhlíonadh,

(*c*) go ngníomhófaí ar chomhairle an chigire, nó an duine inniúil, dá mbeadh gá le tuilleadh tástála ar an tsuiteáil leictreach le haird ar staid na suiteála agus ar thorthaí aon tástálacha dá dtagraítear i míreanna (*a*) agus (*b*), agus

(*d*) go ndéanfaí gach locht cheartú go pras, ar locht é a gheofaí le linn na tástála agus an iniúchta ar an tsuiteáil leictreach, d'fhonn contúirt a chosc.

*Cosaint talamhligin le haghaidh voltais níos airde.*

90. Áiritheoidh fostóir go soláthrófar modh éifeachtach i ndáil le haon chiorcad le voltas níos airde d'fhonn contúirt a chosc ar contúirt í d'eascródh as ligean srutha chun talún.

*Fostáisiún agus príomh-lascsheomra.*

91. (1) Áiritheoidh fostóir go mbeidh fostáisiún nó príomhsheomra lasc—

(*a*) tógtha go hoiriúnach,

(*b*) eagraithe, a mhéid is indéanta go praiticiúil, chun nach bhféadfadh aon duine rochtain a fháil air ach amháin tríd an mbealach isteach beartaithe,

(*c*) eagraithe, a mhéid is indéanta le réasún, chun nach bhféadfadh duine cur isteach ar an trealamh nó ar na seoltóirí ann ón taobh amuigh,

(*d*) soláthartha le modh éifeachtach aerála agus coinnithe tirim más faoi chlúdach é, agus

(*e*) mar is iomchuí do na tascanna a bheadh ar bun, faoi rialú duine údaraithe nó daoine údaraithe.

(2) Áiritheoidh fostóir nach mbeidh aon duine in ann dul isteach in aon chuid den fhostáisiún nó den lascsheomra a mbeadh baol contúirte ann, ach amháin duine údaraithe nó duine a bheadh ag feidhmiú lena t(h)oiliú nó faoina m(h)aoirseacht.

*Fálú trealaimh faoin aeir.*

92. Áiritheoidh fostóir, go ndéanfar aon chlaochladán nó lascthrealamh a bhfuil voltas níos airde aige a shuiteálfar in áit seachas foirgneamh, go ndéanfar an claochladán nó an lascthrealamh sin a chosaint go leordhóthanach le—

(*a*) fálú oiriúnach nach lú ná 2.4 m ar airde, nó

(*b*) modh éifeachtach éigin eile chun cosc a chur ar aon duine neamhúdaraithe eile ar rochtain a fháil ar an trealamh nó ar aon ní a bheadh nasctha leis an trealamh sin a úsáidfí mar sheoltóir

mura mbeadh an trealamh sin iata go hiomlán ag—

(i) cásáil mhiotail a bheadh ceangailte leis an talamh, nó

(ii) cásáil éigin eile neamh-mhiotail arb ionann a hoiriúnacht.

*Línte lastuas agus cáblaí faoi thalamh.*

93. (1) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go ndéanfar gach líne lastuas agus a struchtúir thacaíochta agus cáblaí faoi thalamh a thógáil, a shuiteáil, a cheangal agus a chothabháil de réir mar a oirfeadh don obair agus na dálaí faoina mbeidís á n-oibriú chun contúirt a chosc,

(*b*) i gcás go mbeadh cáblaí atá le suiteáil faoi thalamh le bheith iata i nduchtra aon ábhair, seachas duchtraí coincréite nó i bhfolúis urláir nó i leaca urláir, ní foláir don duchtra sin a bheith—

(i) dearg,

(ii) friotaíocht ard i gcoinne turrainge a bheith aige, agus

(iii) a bheith clúdaithe le téip théimh oiriúnach a bheadh leabaithe sa talamh os cionn an duchta,

(*c*) go ndéanfar gach líne lastuas agus gach cuid eile a iompraíonn sruth, ar cuid í atá ceangailte leis na línte lastuas nó eagraithe chun glanspás a sholáthar ón talamh chuig áit inrochtana eile chun nach dtiocfadh sé i dteagmháil go contúirteach le duine, le rud, le substaint nó le haon ábhar seolta,

(*d*) go soláthrófar cóir chun contúirt a chosc—

(i) i gcás go dtitfeadh aon seoltóir beo de thimpiste toisc briste nó ar chúis éigin eile, agus

(ii) ó iomarca voltais a bheith sna línte lastuas ag eascairt ó theagmháil trí thimpiste le haon líne lastuas eile nó ar bhealach éigin eile, agus

(*e*) i gcás go bhfuil obair thochailte ar siúl i gcóngar áite ina meastar cábla faoi thalamh a bheith—

(i) déanfar an soláthar leictreachais chuig an gcábla thalamh a leithlisiú, más indéanta go praiticiúil,

(ii) déanfar suíomh an chábla faoi thalamh a chinneadh go beacht, a mhéid is indéanta go praiticiúil, agus

(iii) ní dhéanfar an t-ábhar atá díreach mórthimpeall an chábla a thochailt ach amháin ag baint úsáide as córas sábháilte oibre chun contúirt a chosc.

(2) I gcás aon duine atá i bhfeighil áit oibre ar bhealach ar bith, nó atá i bhfeighil aon ruda ar an áit oibre sin, áiritheoidh sé/sí go ndéanfar an gníomh is gá, a mhéid is féidir le réasún, chun a chinntiú nach ndéanfar aon

ghníomhaíocht oibre is gá a dhéanamh i gcóngar línte lastuas beo a chiallódh go mbeadh daoine faoi lé aon bhaoil dá sábháilte agus sá sláinte, go dtí—

(*a*) go ndéanfar leithlisiú ar an soláthar chuig an líne lastuas,

(*b*) go ndéanfar an líne lastuas a atreorú mura bhfuil an leithlisiú sin indéanta,

(*c*) i gcás nach mbeadh an leithlisiú nó an t-atreorú sin indéanta, go gcuirfí—

(i) bacainní leordhóthanacha,

(ii) bearta cosantacha leordhóthanacha,

(iii) rabhaidh leordhóthanacha, nó

(iv) modh oiriúnach leordhóthanacha eile,

i bhfeidhm, a mhéid is indéanta le réasún, chun íoslaghdú a dhéanamh ar an mbaol teagmhála le líne lastuas.

(3) Cinnfidh úinéir cábla nua faoi thalamh, nó úinéir cábla atá ann cheana féin, más indéanta, suíomh an chábla agus coinneoidh taifead den suíomh sin ar phlean chun teagmháil chontúirteach a chosc le haon duine, aon rud, aon substaint nó aon ábhar seolta.

## CUID 4

### Obair ar airde

*Léiriú do Chuid 4*

94. (1) Sa Chuid seo:

folaíonn "rochtain" agus "fágáil" dul suas agus dul síos;

ciallaíonn "dromchla leochaileach" dromchla, lena n-áirítear feistí, a bheadh i mbaol teipthe dá gcuirfí meáchan an duine i bhfeidhm air i ndálaí is intuartha go réasúnta;

ciallaíonn "dréimire" dréimire daingnithe agus dréimire taca;

folaíonn "líne" rópa, slabhra nó caolrabhaisc;

ciallaíonn "córas coisc do thitim phearsanta"—

(*a*) córas chun titim a chosc, córas sriain oibre, córas suí oibre, nó córas eile ar córas é nach bhfuil aon chosaint eile ann ach amháin na cosaintí comhchoiteanna, nó,

(*b*) rópa rochtana agus teicnící suite;

ciallaíonn “scafall” aon struchtúr sealadach, lena n-áirítear comhpháirteanna tacaíochta, bíodh na comhpháirteanna sin ina gcomhpháirteanna daingnithe, ar crochadh nó soghluaiste, a úsáidtear—

(*a*) chun tacaíocht a sholáthar d’fhostaithe nó d’ábhair, nó

(*b*) chun rochtain a fháil ar aon struchtúr,

agus a áiríonn ardán oibre, stáitse oibre, stangairt, cúrsa agus dréimire nó dréimire taca (ach amháin dréimire neamhspleách nó dréimire taca nach bhfuil ina chuid den struchtúr sin), maille le haon ráille cosanta, aon choschlár nó aon chosaint eile mar sin agus aon fheistí orthusan, ach nach n-áiríonn—

(i) trealamh ardúcháin, nó

(ii) struchtúr nach n-úsáidtear ach chun taca a sholáthar do struchtúr nó do threalamh eile a (lena n-áirítear trealamh ardúcháin),

agus déanfar “scafall” a thógáil dá réir sin;

ciallaíonn “struchtúr taca” aon struchtúr a úsáidtear chun tacú le hardán oibre agus áiríonn sé aon ghléasra a úsáidtear chun na críche sin;

ciallaíonn “obair ar airde” obair in aon áit, lena n-áirítear—

(*a*) le linn rochtain a fháil ar aon áit nó dul amach as an áit sin, ach amháin trí mheán staighre, i láthair bhuan oibre,

(*b*) ag leibhéal na talún nó faoi thalamh, óna bhféadfadh fostaí achar a thitim, ar achar titime é a bhféadfadh díobháil phearsanta eascairt as, i gcás nach mbeadh mbeart arna n-éileamh faoin gCuid seo tógtha, agus áiríonn aon tagairt d’obair a dhéanamh ar airde rochtain a fháil ar áit nó an áit sin a fhágáil fad is atáthar ag obair;

ciallaíonn “trealamh oibre” aon mheaisín, aon fhearas, aon ghaireas, aon uirlis nó aon suiteáil a úsáidtear le haghaidh oibre (bíodh sé sin go heisíodh nó ná bíodh) agus a áiríonn aon ní a bhfuil feidhm ag Rialacháin 101 go 114 ina leith;

ciallaíonn “ardán oibre” aon ardán a úsáidtear mar áit oibre nó mar chóir chun rochtain a fháil ar áit oibre nó áit oibre a fhágáil, lena n-áirítear aon scafall, aon scafall ar crochadh, aon chliabhán, aon ardán soghluaiste, aon tristéal, stangairt, droichead agus staighre a úsáidtear.

(2) Áirítear in aon tagairt sa Chuid seo do chóip a choinneáil d’aon tuarascáil nó d’aon phlean an tuarascáil nó an chóip sin a choinneáil i bhfoirm—

(*a*) a d’fhéadfaí a atáirgeadh mar chóip chlóite dá n-éileofaí sin, agus

(*b*) a bheadh slán ó chaillteanas nó ó chur isteach neamhúdaraithe.

*Eagrúchán, pleanáil agus measúnú baoil.*

95. (1) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go ndéanfar obair ar airde a phlánáil go cuí, go ndéanfar maoirseacht iomchuí ar an obair sin agus go ndéanfar í, a mhéid is indéanta go réasúnta, go sábháilte gan baol don tsláinte, agus

(*b*) i gcás go bhfuil obair ar airde á pleanáil—

(i) go roghnófar trealamh oibre atá i gcomhréir le Rialachán 100,

(ii) go n-ullmhófar ráiteas iomchuí measúnaithe riosca agus sábháilteachta de bhun ailt 19 agus 20 den Acht, agus

(iii) go n-ullmhófar plean le haghaidh éigeandála agus tarrthálacha, gan dochar d'alt 11 en Acht.

(2) Cuirfidh an fostóir i gcuntas an measúnú baoil agus é/í ag comhlíonadh na Coda seo.

*Seiceáil áiteanna oibre ar airde.*

96. Áiritheoidh fostóir go ndéanfar seiceáil ó amharc ar gach uchtbhalla, gan ráille bhuan nó aon bheart eile atá i bhfeidhm chun titim a chosc ar an áit oibre ar airde sula n-úsáidfear é agus déanfar iad a sheiceáil ag idirthréimhsí iomchuí le linn úsáide.

*Dálaí aimsire.*

97. Áiritheoidh fostóir nach ndéanfar obair ar airde ach amháin mura gcuirfidh dálaí aimsire sábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe i mbaol.

*Seachaint baoil ó obair ar airde.*

98. Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas, ag cur i gcuntas na bprionsabal ginearálta maidir le cosc atá i Sceideal 3 den Acht—

(*a*) féachaint chuige nach ndéanfar obair ar airde i gcás go mbeadh an obair sin indéanta go réasúnta go sábháilte gan baol don tsláinte in áit seachas ar airde,

(*b*) gan dochar do ghinearáltacht mhír (*a*), féachaint chuige nach ndéanfar obair ar airde mura bhfuil sé indéanta go réasúnta go sábháilte gan baol don tsláinte,

(*c*) i gcás go bhfuil gá obair a dhéanamh ar airde, le haird ar mhíreanna (*a*) agus (*b*), cuirfidh bearta oiriúnacha leordhóthanacha i bhfeidhm chun cosc a chur le titim fostaí, a bhféadfadh díobháil phearsanta a tarlú dá bharr, lena n-áirítear—

(i) féachaint chuige go ndéanfar an obair—

(I) ó áit oibre atá ann cheana féin, nó

(II) i gcás rochtana a fháil nó láthair a fhágáil, trí úsáid a bhaint as na bealaí rochtana agus fágála atá ann cheana féin, i gcomhlíonadh na Coda seo, I gcás go bhfuil sin indéanta go sábháilte agus faoi dhálaí eirgeanamaíochta iomchuí, agus

(ii) i gcás nach bhfuil sé indéanta an obair a dhéanamh i gcomhréir le fomhír (i), áiritheoidh fostóir go soláthrófar trealamh oibre oiriúnach leordhóthanach, i gcomhlíonadh Rialachán 100, chun cosc a chur le titim,

(*d*) i gcás nach ndíchuireann na bearta arna dtógáil faoi mhír (*c*) an riosca titime—

(i) trealamh oibre leordhóthanach a sholáthar, i gcomhlíonadh Rialachán 100, chun íoslaghdú an achair a bheadh i gceist le titim fhéideartha agus íoslaghdú ar an riosca go dtarlódh díobháil phearsanta, agus

(ii) gan dochar do ghinearáltachta mhír (*c*), traenáil agus teagasc a sholáthar nó bearta breise oiriúnacha leordhóthanacha a sholáthar, a mhéid is indéanta go praiticiúil, chun cosc a chur le titim fostaí, ar titim í d'achar a chúiseodh díobháil phearsanta.

*Cosaint áiteanna oibre ar airde.*

99. Áiritheoidh fostóir go mbeidh áit oibre, nó bealaí rochtana nó fágála na láithreach sin, ag a bhfuil obair ar airde ag tarlú, nó ag a dtarlóidh an obair sin,—

(*a*) cobhsaí agus ar neart agus righne leordhóthanach chun na críche a bhí beartaithe dá húsáid nó dá húsáid amach anseo,

(*b*) i gcás arb infheidhme é, ag suí ar dhromchla cobhsaí ar neart leordhóthanach,

(*c*) ina láthair leis na toisí leordhóthanacha chun gluaiseacht shábháilte fostaithe a cheadú agus úsáid shábháilte aon ghléasra nó ábhar a éilítear a úsáid a cheadú agus limistéar sábháilte oibre a sholáthar le haird ar an obair atá le déanamh ann,

(*d*) soláthartha le cosaint oiriúnach leordhóthanach imill,

(*e*) ina láthair le dromchla nach bhfuil aon bhearna inti—

(i) trína bhféadfadh fostaí titim,

(ii) trína bhféadfadh aon ábhar nó rud titim agus fostaí a ghortú, nó

(iii) a chúiseodh riosca díobhála eile d'fhostaí, murar glacadh bearta lena chinntiú nach ndéanfaí díobháil d'aon fhostaí ar an gcaoi sin,

(*f*) tógtha, úsáidteá agus cothaithe sa chaoi is go gcuirfí cosc, a mhéid is indéanta go réasúnta, ar—

(i) an mbaol go sleamhnófaí nó go mbainfí tuisle as duine, nó

(ii) go gceanglófaí fostaí idir í agus struchtúr cóngarach, agus

(*g*) i gcás go mbeadh páirteanna gluaisteacha ann, go gcoiscfí í ó ghluaiseacht trí thaise le linn oibre ar airde, trí fheistí iomchuí a úsáid.

*Roghnú trealaimh oibre d'fhonn obair ar airde.*

100. Déanfaidh fostóir—

(*a*) agus é/í ag roghnú trealamh oibre le húsáid d'fhonn obair ar airde—

(i) tosaíocht a thabhairt do bhearta cosanta comhchoiteanna roimh bhearta cosanta pearsanta, agus

(ii) cuirfidh sé/sí na nithe seo a i gcuntas—

(I) na coinníollacha oibre agus rioscaí do shábháilteacht agus do shláinte na bhfostaithe I gcás go bhfuiltear chun trealamh oibre a úsáid;

(II) i gcás trealamh oibre le haghaidh rochtana agus fágála, an t-achar airde atá le sárú;

(III) an t-achar a bheadh i gceist le titim féideartha agus an baol go dtarlódh díobháil phearsanta;

(IV) fad agus minicíocht úsáid an trealaimh;

(V) an gá le haslonnú agus tarrtháil éasca thráthúil i gcás éigeandála;

(VI) aon riosca breise a bhainfeadh le húsáid, suiteáil nó baint an trealaimh oibre sin nó le haslonnú agus tarrtháil ón trealamh oibre sin;

(VII) aon cheanglais eile ón gCuid seo, agus

(*b*) trealamh oibre a roghnú d'fhonn obair ar airde—

(i) ag a bhfuil airíonna, lena n-áirítear toisí, atá oiriúnach do chineál na hoibre atá le déanamh agus lódálacha is intuartha,

(ii) ar trealamh é a cheadódh gluaiseacht shábháilte, agus

(iii) arb é an trealamh oibre is oiriúnaí é, ar bhealaí eile, le haird go háirithe ar Rialachán 98.

*Bail dromchlaí le haghaidh struchtúir thaca.*

101. Áiritheoidh fostóir go mbeidh dromchla ar a bhfuil aon struchtúr taca ag suí ina dhromchla den neart leordhóthanach agus atá comhdhéanta go

hoiriúnach chun tacú go sábháilte leis an struchtúr, leis an ardán oibre agus le haon lódáil atá beartaithe a chur ar an ardán oibre.

*Cobhsaíocht an struchtúir thaca.*

102. Áiritheoidh fostóir go mbeidh struchtúr taca—

(*a*) oiriúnach agus den neart agus doichte leordhóthanach chun na críche a bhí beartaithe dá úsáid,

(*b*) i gcás struchtúir seachas struchtúr soghluaiste, go gcuirfear cosc ar a ghluaiseacht trí thaisme le linn oibre ar airde trí úsáid a bhaint as feistí iomchuí,

(*c*) i gcás struchtúir seachas struchtúr soghluaiste, go gcuirfear cosc ar a shleamhnú trí fhorbhall daingean ceangailte leis an dromchla imthaca, trí fheiste éifeachtach frithshleamhnánach, nó ar bhealach eile arb ionann a éifeacht,

(*d*) cobhsaí fad is atá sé á chur suas, á úsáid agus á bhaint anuas, agus

(*e*) i gcás go ndéanfar athrú nó mothú air, go bhféachfar chuige go ndéanfar athrú agus modhnú air sa chaoi is go bhfanfaidh sé cobhsaí.

*Ráillí cosanta, coschláir, baic. srl.*

103. (1) Is ionann tagairt sa Rialachán seo do mhodhanna cosanta agus tagairt do ráille cosanta, coschlár, bacainn nó bealach cosanta comhchosúil eile.

(2) Áiritheoidh fostóir i gcás modh cosanta—

(*a*) go mbeidh sé ina mhodh le toisí leordhóthanach, den neart agus righneas leordhóthanach chun na críche a bhí beartaithe dá úsáid agus go mbeidh sé oiriúnach ar bhealaí eile,

(*b*) go suífear é, go ndéanfar é a dhaingniú agus go ndéanfar é a úsáid ag féachaint chuige, a mhéid is indéanta, nach aslonnófar é de thimpiste,

(*c*) go suífear é, a mhéid is indéanta, ionas go gcoiscfear titim aon fhostaí, nó aon ábhair nó aon ruda ó aon áit oibre,

(*d*) maidir le hobair ar airde go mbeidh sé san áireamh in obair thógála sa chaoi is—

(i) go mbeidh an ráille cosanta ag a mbarr nó modhanna comhchosúla cosanta ar a laghad 950 mm os cionn an imill óna mbeadh an baol ann go dtitfeadh fostaí,

(ii) go mbeidh na coschláir a sholáthrófar oiriúnach agus leordhóthanach chun titim aon fhostaí, aon ábhair nó aon ruda a shoc, ó aon áit oibre, agus

(iii) go suífear aon ráille cosanta idirmheánach nó aon mhodh cosanta comhchosúil ionas nach sáróidh an bhearna idir é agus modh cosanta eile 470 mm.

(3) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) i gcás aon struchtúir nó aon choda de struchtúr a thacaíonn modh cosanta, nó a bhfuil modh cosanta ceangailte de, go bhfuil den neart leordhóthanach agus go bhfuil sé oiriúnach chun na críche d'úsáid bheartaithe an taca nó an fheistis sin,

(*b*) faoi réir mhír (2)(*d*), nach mbeidh oscailt chliathánach sa mhodh cosanta ach amháin ag pointe rochtana ar dhréimire nó ar staighre i gcás go bhfuil gá le hoscailt,

(*c*) nach féidir modh cosanta a bhaint ach ar feadh tréimhse, agus a mhéid is gá, chun rochtain a fháil nó chun fágáil, nó chun tasc ar leith a dhéanamh, agus go gcuirfear ar ais é a luaithe is indéanta, agus

(*d*) nach ndéanfar an tasc ar leith fad is atá an modh cosanta bainte, mura bhfuil bearta cúiteacha éifeachtacha sábháilteachta i bhfeidhm.

*Cobhsaíocht ardán oibre.*

104. Áiritheoidh fostóir go mbeidh ardán oibre—

(*a*) oiriúnach agus den neart agus righneas chun na críche a bhí beartaithe ná úsáid nó don úsáid atá á bhaint as,

(*b*) curtha suas agus úsáidte sa chaoi is nach ndéanfar a chomhpháirteanna a dhíláithriú ar bhealach a bheadh baolach d'aon fhostaí,

(*c*) i gcás go ndéanfaí é a athrú nó a mhodhnú, go ndéanfar é a athrú nó a mhodhnú sa chaoi is go bhfanfadh sé cobhsaí,

(*d*) i gcás go bhfuil páirteanna gluaisteacha aige, go gcuirfear cosc ar ghluaiseacht na bpáirteanna sin le linn oibre ar airde trí fheistí iomchuí, agus

(*e*) go mbainfear anuas é sa chaoi is go gcoiscfear díláithriú de thimpiste.

*Sábháilteacht ardán oibre.*

105. Áiritheoidh fostóir i gcás ardán oibre—

(*a*) go mbeidh a thoisí leordhóthanach chun gluaiseacht shábháilte fostaithe a cheadú agus úsáid shábháilte aon ghléasra nó ábhar a éilítear a úsáid a cheadú, agus go soláthrófar spás sábháilte oibre, le haird ar an obair atá ar siúl ansin,

(*b*) go mbeidh dromchla oiriúnach aige, agus go háirithe, go dtógfar é ionas nach mbeidh aon bhearna ar an ardán oibre—

(i) trína bhféadfadh fostaí titim,

(ii) trína bhféadfadh aon ábhar nó rud titim agus fostaí a ghortú, nó

(iii) a chúiseodh riosca díobhála eile d'fhostaí, murar glacadh bearta lena chinntiú nach ndéanfaí díobháil d'aon fhostaí ar an gcaoi sin, agus

(*c*) tógtha, úsáidteá agus cothaithe sa chaoi is go gcuirfí cosc, a mhéid is indéanta le réasún, ar—

(i) an mbaol go sleamhnófaí nó go mbainfí tuisle as duine, nó

(ii) go gceanglófaí fostaí idir í agus struchtúr cóngarach.

*Lastáil ardán oibre agus struchtúr taca.*

106. Áiritheoidh fostóir nach ndéanfar ardán oibre nó struchtúr taca a lódáil sa shaoi is go mbeadh an baol ann go dtitfeadh an t-ardán nó go dtarlódh aon dírfhoirmiúcháin a mbeadh éifeacht aige ar a úsáid shábháilte.

*Scafall, ceanglais bhreise.*

107. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go mbeidh dearadh maith ag gach scafall agus ag gach cuid den scafall sin agus go ndéanfar an scafall agus gach cuid de a thógáil go maith, go mbeidh siad comhdhéanta d'ábhar oiriúnach slán agus go mbeidh siad den neart leordhóthanach chun na críche a bhí beartaithe dá n-úsáid agus dá n-úsáid bheartaithe,

(*b*) go ndéanfar áirimh chobhsaíochta le haghaidh scafaill ach amháin—

(i) má tá fáil ar thaifead de na háirimh a chlúdaíonn na socruithe struchtúrtha atá á mbeartú, nó

(ii) má dhéantar é a chur suas i gcomhréir le cumraíocht chaighdeánacha aitheanta,

(*c*) ag brath ar chastacht an scafaill a roghnófar, go ndéanfaidh duine inniúil plean a dhréachtú le haghaidh chur suas, úsáid agus bhaint anuas an scafaill, ar plean é a d'fhéadfadh bheith i bhfoirm plean caighdeánach le heolas breise ag gabháil leis i ndáil leis an scafall i gceist,

(*d*) go gcoinneofar ar fáil cóip den phlean dá dtagraítear i mír (*c*), lena n-áirítear aon treoracha a bheadh ann, le go bhféadfadh aon duine a bheadh bainteach lena chur suas, a úsáid, a bhaint anuas nó a athrú é a úsáid go dtí go mbeadh an scafall bainte anuas,

(*e*) go mbeidh toisí, foirm agus leagan amach an scafaill oiriúnach do chineál na hoibre atá le déanamh, oiriúnach le haghaidh na lód a bheadh le hiompar agus a cheadódh gluaiseacht shábháilte,

(*f*) sa tréimhse nach mbeadh an scafall ar fáil le haghaidh úsáide, lena n-áirítear le linn chur suas, bhaint anuas agus athrú an scafaill, go mbeadh sé marcáilte le comharthaí rabhaidh i gcomhréir le ceanglais Chuid 7, Caibidil 1 agus, más iomchuí, go gcosnófaí é trí bhacainní nó trí mhodhanna oiriúnacha eile ó rochtain nó úsáid neamhúdaraithe, agus

(*g*) nach ndéanfar scafall a chur suas, a bhaint anuas nó a athrú go suntasacha ach amháin faoi mhaoirseacht duine inniúil nó daoine inniúla a fuair oiliúint iomchuí shonrach sna hoibríochtaí a bheadh beartaithe agus ar oiliúint í a rachadh i ngleic le rioscaí sonracha a d'fhéadfadh bheith i gceist leis na hoibríochtaí agus le réamhchúraimí le glacadh, agus go háirithe—

(i) tuiscint ar an bplean dá dtagraítear i mír (*c*) le haghaidh chur suas, bhaint anuas nó athrú an scafaill i gceist,

(ii) an gá le sábháilteacht le linn chur suas, bhaint anuas nó athrú an scafaill i gceist,

(iii) bearta chun baol do thitim daoine, ábhar nó rudaí a chosc,

(iv) bearta sábháilteachta i gcás dálaí aimsire a bheith ag athrú, ar dálaí iad a bhféadfadh éifeacht dhochrach a bheith acu ar shábháilteacht an scafaill i gceist,

(v) lódálacha incheadaithe, agus

(vi) aon rioscaí eile a bheadh i gceist le cur suas, baint anuas agus athrú an scafaill.

*Cosaintí cnuasaitheacha eile chun titimí a chosc.*

108. (1) Sa Rialachán seo is ionann tagairt do chosaint agus tagairt do chosaint chnuasaitheach chun titimí a chosc.

(2) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) nach bhféadfar cosaint a úsáid ach amháin—

(i) má léirigh an measúnú baoil gur féidir an ghníomhaíocht oibre a dhéanamh, a mhéid is indéanta go réasúnta, go sábháilte fad is atá sí in úsáid agus gan éifeacht a bheith aici ar a éifeachtacht,

(ii) nach bhfuil sé in déanta úsáid a bhaint as trealamh oibre eile atá níos sábháilte, agus

(iii) go bhfuil dóthain daoine ar fáil, más gá, chun cuidiú le haon ghé d'oibriú na cosanta agus go bhfuarthas an oiliúint chuí ar an gcosaint, lena n-áirítear gnáthaimh tharrthála,

(*b*) má tá an chosaint oiriúnach agus den neart leordhóthanach chun titim aon fhostaí a chosc go sábháilte a mbeadh an baol ann go dtitfeadh sé/sí,

(*c*) cosaint—

(i) i gcás cosanta a dearadh chun í a cheangal—

(I) go daingean de gach ancaire a éilítear, agus

(II) a bhfuil ancairí aici, agus modhanna chun iad a cheangal leis, atá oiriúnach agus den neart agus cobhsaíocht leordhóthanach leis an aidhm tacú sábháilte a thabhairt don lódáil is intuartha cosc a chur le haon titim nó le haon tarrtháil ina dhiaidh sin,

(ii) i gcás mála aeir, mata landála nó cosaint chomhchosúil eile, go mbeidh sé cobhsaí, agus

(iii) i gcás cosanta a mhéadaíonn nuair atá titim á cosc, go gcuirfidh sí glanspás leordhóthanach ar fáil, agus

(iv) go nglacfar céimeanna oiriúnacha leordhóthanacha chun a chinntiú, a mhéid is indéanta, i gcás go dtitfeadh fostaí, nach gcúiseoidh an chosaint féin díobháil don fhostaí.

*Córais choisc phearsanta titime.*
109. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) nach n-úsáidfidh fostaí córas coisc do thitim phearsanta ach amháin—

(i) má léirigh an measúnú baoil—

(I) gur féidir an obair a dhéanamh, a mhéid is indéanta go réasúnta, fad is atá an córas á úsáid, agus

(II) nach bhfuil sé indéanta trealamh oibre níos sábháilte a úsáid, agus

(ii) má tá an t-úsáideoir agus líon leordhóthanach daoine ar fáil, má éilítear sin, chun cuidiú le haon ghné de na hoibríochtaí atá beartaithe agus go bhfuair siad oiliúint leordhóthanach a bhain go sonrach leis na hoibríochtaí atá beartaithe, lena n-áirítear gnáthaimh don tarrtháil láithreach,

(*b*) go mbeidh córas pearsanta titime oiriúnach agus den neart leordhóthanach agus chun na críche a bhí beartaithe dá úsáid, le haird ar an obair atá ar siúl agus aon lódáil is intuartha,

(*c*) más iomchuí, i gcás córais phearsanta titime—

(i) oirfidh sé don fhostaí,

(ii) déanfar é a fheistiú go cuí,

(iii) beidh sé inchoigeartaithe chun íoslaghdú a dhéanamh ar an díobháil don úsáideoir i gcás go dtarlódh titim, agus

(iv) go ndearfar é, go ndéanfar é a shuiteáil agus go n-úsáidfear é ar bhealach a choiscfeadh gluaiseacht neamhphleanáilte nó neamhrialaithe an úsáideora,

(*d*) I gcás go bhfuil an córas pearsanta titime deartha le go n-úsáidfí é le hancaire, déanfar é a cheangal go daingean le hancaire amháin ar a laghad, agus beidh gach ancaire agus an modh ceangail leis sin oiriúnach agus den neart leordhóthanach chun tacú le haon lódáil is intuartha,

(*e*) go nglacfar céimeanna leordhóthanacha chun chosc a chur le titim nó sleamhnú aon fhostaí ó chóras pearsanta titime, agus

(*f*) go nglacfar céimeanna oiriúnach leordhóthanacha lena chinntiú, a mhéid is indéanta, i gcás thitim aon fhostaí, go ndéanfar íoslaghdú ar dhíobháil ón gcóras pearsanta titime.

*Córais suite oibre*

110. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) nach n-úsáidfear córas suite oibre ach amháin sa chás—

(i) ina bhfuil córas taca oiriúnach san áireamh sa chóras le haghaidh titim a chosc, agus

(ii) áit a bhfuil líne san áireamh sa chóras mar chóras taca, go bhfuil an úsáideoir ceangailte leis, agus

(*b*) mura bhfuil sé indéanta alt (*a*) a chomhlíonadh, go ndéantar gach beart infheidhmithe chun a chinntiú nach dteipeann ar an gcóras suite oibre.

*Rochtain rópa nó teicníocht suite.*

111. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) nach n-úsáidfear rochtain rópa nó teicníocht suite ach amháin sa chás—

(i) ina bhfuil córas i gceist atá déanta suas de dhá líne, ar a laghad, atá daingnithe ar leithligh, a n-úsáidtear ceann amháin díobh (ar a dtugtar “an líne feidhmiúcháin” sa Rialachán seo) mar mheán teacht isteach, dul amach agus tacaíochta, agus gurb é líne sábháilteachta an líne eile.

(ii) go soláthrófar don úsáideoir úim chuí agus go gceanglófar an t-úsáideoir leis an líne feidhmiúcháin agus an líne sábháilteachta trí an úim seo,

(iii) go bhfuil an líne feidhmiúcháin trealmhaithe le meán sábháilte dul in airde agus tuirlingthe agus go bhfuil córas féin-ghlasta aige chun cosc a chur ar an úsáideoir titim má chaileann sé nó sí smacht ar a g/hluaiseachtaí, agus

(iv) go bhfuil an líne shábháilteachta trealmhaithe le córas cosanta titime soghluaiste atá ceangailte le húsáideoir an chórais, agus a thaistealaíonn leis nó léi,

(*b*) go soláthrófar do chathaoir le gabhálais chuí ag brath, go háirithe, ar fhad thréimhse an phoist agus ar na srianta eirgeanamaíochta, agus

(*c*) nach bhfuil an córas dá dtagraítear in alt (*a*)(i) déanta suas de líne singil amháin, ach amháin sa chás—

(i) gur léirigh an measúnú baoil go mbeadh baol níos mó d'fhostaithe i gceist le húsáid dara líne, agus

(ii) go ndearnadh bearta iomchuí chun sábháilteacht a chinntiú.

*Córais chun titim a chosc.*

112. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go gcuimseofar córas chun titim a chosc trí mheáin ionsúite fuinnimh agus meáin chun an fórsa a chuirtear ar chorp an úsáideora a theorannú, agus

(*b*) nach n-úsáidfear córas chun titim a chosc ar bhealach—

(i) ina mbeadh baol go ngearrfaí líne i gceist,

(ii) i gcás go bhfuil gá le crios glan (ag ligean d'aon éifeacht luascadánach) le haghaidh a úsáide sábháilte, nach gcuireann sé a leithéid de chrios ar fáil, nó

(iii) a choiscfeadh a fheidhmiú nó a dhéanfadh a úsáid neamhshábháilte.

*Córais srianta oibre.*

113. Áiritheoidh fostóir nach n-úsáidfear córas srianta oibre ach amháin má tá sé—

(*a*) deartha sa dóigh is go gcoiscfeadh sé, má úsáidtear i gceart é, an t-úsáideoir suíomh a ghlacadh ónar féidir titim, agus

(*b*) úsáidte i gceart.

*Dréimirí.*

114. Áiritheoidh fostóir—

(*a*) nach n-úsáidfear dréimire d'obair ar airde ach amháin má léirigh an measúnú baoil nach bhfuil call le húsáid trealaimh oibre níos oiriúnaí toisc—

(i) go bhfuil an leibhéal baoil íseal, agus

(ii) go bhfuil an tréimhse úsáide gearr, nó

(iii) nach féidir na gnéithe atá san áit oibre a athrú,

(*b*) go bhfuil aon dromchla ar a suíonn dréimire cobhsaí, daingean, láidir go leor agus de chomhshuíomh oiriúnach chun tacaíocht shábháilte a thabhairt don dréimire, sa dóigh is go bhfanfadh rungaí nó staighrí an dréimire agus aon lódáil a bhfuil sé ar intinn a chur air cothrománach,

(*c*) go gcuirfear an dréimire i suíomh chun a chinntiú go bhfanfaidh sé cobhsaí le linn a úsáide,

(*d*) go gceanglófar dréimire crochta leis ar bhealach slán sa dóigh is nach féidir, seachas dréimire solúbtha, é a chur as áit agus go gcoiscfear luascadh,

(*e*) go gcoiscfear dréimire iniompartha ó shleamhnú le linn a úsáide trí—

(i) na strapaí ag na cinn thuas nó thíos nó cóngarach dóibh a dhaingniú,

(ii) feiste fhrithshleamhnánach éifeachtach nó feistí cobhsaithe éifeachtacha eile a úsáid, nó

(iii) aon socrúchán eile d'éifeacht chóibhéiseach,

(*f*) go mbeidh dréimire a úsáidtear le haghaidh rochtana fada go leor chun gobadh suas go leordhóthanach os cionn na háite tuirlingthe ar a bhfuil sé ag tabhairt rochtana, ach amháin má rinneadh bearta eile chun greim láimhe dhaingean a chinntiú,

(*g*) nach n-úsáidfear dréimire trasghlasta nó insínte ach amháin má tá a chodanna coiscthe ó ghluaiseacht i gcoibhneas lena chéile agus é in úsáid,

(*h*) go gcoiscfear dréimire soghluaiste ó ghluaiseacht sula n-úsáidfear é,

(*i*) áit a n-ardaíonn dréimire, nó sraith dréimirí, 9 méadar nó níos mó go hingearach óna bhonn, go soláthrófar limistéir thuirlingthe shábháilte nó ardán taca leordhóthanach ag eatraimh chuí, más indéanta le réasún, agus

(*j*) go n-úsáidfear dréimire sa dóigh is—

(i) go bhfuil greim láimhe slán agus tacaíocht shlán ar fáil i gcónaí ag an bhfostaí, agus

(ii) gur féidir leis an bhfostaí greim láimhe shábháilte a choinneáil agus é/í ag iompar lód ach amháin, i gcás dréimire taca, nach bhfuil cothú greim láimhe indéanta nuair atá lód á iompar, agus gur léirigh an measúnú baoil go bhfuil call le dréimire taca mar

(I) go bhfuil an leibhéal baoil íseal, agus

(II) go bhfuil an tréimhse úsáide gearr.

*Dromchlaí sobhriste.*

115. Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) a chinntiú nach rachaidh aon fhostaí trasna nó cóngarach do dhromchla sobhriste agus nach n-oibríonn siad on dromchla sin, i gcás gur féidir obair a dhéanamh go sábháilte agus i gcúinsí eirgeanamaíocha cuí gan sin a dhéanamh,

(*b*) i gcás go bhfuil sé riachtanach go rachadh fostaí trasna dromchla sobhriste nó cóngarach dó, nó go n-oibríonn siad uaidh,—

(i) a mhéid agus atá indéanta go réasúnta, ardáin, clúdaigh, ráillí cosanta leordhóthanacha nó meáin tacaíochta nó cosanta eile a sholáthar agus a chinntiú go n-úsáidfear iad sa dóigh is go dtabharfar tacaíocht d'aon lódáil intuartha lena leithéid de thacaíochta nó go n-iompraíonn a leithéid de chosaint iad, agus

(ii) i gcás go bhfuil baol ann go dtitfidh fostaí in ainneoin na mbeart a tógadh faoin Rialachán seo, bearta iomchuí leordhóthanacha a dhéanamh chun fad na titime féideartha agus an baol go dtarlódh gortú pearsanta a íoslaghdú, agus

(*c*) i gcás gur féidir le fostaí dul trasna dromchla sobhriste nó cóngarach dó nó oibriú uaidh,—

(i) fógraí rabhaidh taibhseacha a chur san áit ina sroichtear an dromchla sobhriste lonnaithe, nó

(ii) i gcás nach bhfuil seo indéanta, an fostaí sin a chur ar an eolas maidir leis ar bhealach eile.

*Rudaí ag titim.*

116. Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) tógfaidh sé/sí bearta chun cosc a chur, a mhéid is féidir a dhéanamh le réasún, ar thitim aon ábhair nó ruda i gcás ar ghá chun gortú aon fhostaí a chosc,

(*b*) i gcás nach bhfuil sé indéanta titim aon ábhair nó ruda a chosc dá dtagraítear in alt (*a*), déanfaidh sé/sí bearta iomchuí leordhóthanacha chun cosc a chur ar bhualadh aon duine le haon ábhar nó rud a thiteann atá i mbaol duine a ghortú,

(*c*) cinnteoidh sé/sí nach gcaithfear agus nach leagfar aon ábhar nó rud ó os ard i gcúinsí ina bhfuil baol ann go ngortófaí aon duine, agus

(*d*) cinnteoidh sé/sí go ndéanfar ábhair agus rudaí a stóráil ar bhealach a choiscfeadh an baol d'aon fhostaí a eascraíonn ó hintitim, leagadh nó bogadh neamhbheartaithe na n-ábhar nó na rudaí.

*Limistéir bhaolacha.*

117. Áiritheoidh fostóir, gan dochar do na ceanglais a thagann roimhe seo sa Chuid seo, i gcás go bhfuil limistéar in áit oibre ina bhfuil baol go mbuailfí fostaí le gortú pearsanta toisc chineál na hoibre trí—

(*a*) titim fad áirithe, nó

(*b*) bhualadh le rud ag titim,

go bhfuil an áit oibre, a mhéid is indéanta, trealmhaithe le feistí a choisceann fostaithe neamhúdaraithe ó theacht isteach sa limistéar agus go bhfuil an limistéar léirithe go soiléir le comharthaí rabhaidh nó ar bhealach oiriúnach eile.

*Léiriú do Rialachán 119.*

118. (1) Faoi réir mhír (2), sa Rialachán seo agus Rialachán 119, ciallaíonn "iniúchadh" iniúchadh ó amharc nó níos déine a dhéanfaidh duine inniúil de réir mar is iomchuí chun críche sábháilteachta agus áiríonn sé aon tástáil a bheadh iomchuí chuige sin.

(2) I gcás go ndearnadh iniúchadh críochnúil ar an trealamh ardúcháin faoin cheanglas sonrach nó aon fhorálacha reachtúla iomchuí eile—

(*a*) measfar an scrúdú, chun críche Rialachán 119, ach amháin mír (1)(*c*) den Rialachán sin, a bheith ina scrúdú ar threalamh ardúcháin, agus

(*b*) i gcás gur ullmhaíodh tuarascáil ar an scrúdú faoin na forálacha reachtúla iomchuí, measfar an tuarascáil a bheith ina thaifead den scrúdú, chun críche Rialachán 119(4)(*b*).

*Iniúchadh ar threalamh oibre.*

119. (1) Áiritheoidh fostóir, i ndáil le trealamh oibre a bhfuil feidhm ag Rialachán 101 agus 104 ina leith—

(*a*) i gcás go mbraitheann sábháilteacht an trealaimh oibre ar an gcaoi a suiteáiltear nó a chuirtear le chéile an trealamh sin, nach n-úsáidfear é tar éis é a shuiteáil nó a chur le chéile in aon suíomh ach amháin má rinneadh é a iniúchadh sa suíomh sin,

(*b*) gan dochar do mhíreanna (*a*) agus (*c*), déanfar iniúchadh ar threalamh oibre a bheidh faoi lé coinníollacha a chúiseoidh meathlúchán a mbeadh baol contúirte ag baint leis—

(i) ag idirthréimhsí oiriúnacha, agus

(ii) i gcás gur tharla cúinsí eisceachtúla a mbeadh an baol ann a chuirfeadh sábháilteacht an trealaimh oibre i gcontúirt, a luaithe is indéanta i ndiaidh na gcúinsí eisceachtúla sin, agus

(*c*) gan dochar do mhír (*a*), ardán oibre—

(i) a úsáidtear le haghaidh obair thógála, agus

(ii) óna bhféadfadh fostaí titim 2m nó níos mó,

nach n-úsáidfear é in aon suíomh ach amháin má tá sé le hiniúchadh sa suíomh sin laistigh de na 7 lá roimhe sin nó, i gcás ardán oibre soghluaiste, iniúchta ar an suíomh, laistigh de na 7 lá roimh ré.

(2) I gcás duine a bheadh ag déanamh an iniúchta ar an trealamh oibre a bhfuil feidhm ag mír (1)(*c*) ina leith déanfaidh sé/sí—

(*a*) tuarascáil a ullmhú go pras ina mbeidh na sonraí arna leagan amach i Sceideal 5, agus

(*b*) laistigh de 24 uair ó chríochnú an iniúchta, tuarascáil a sholáthar, nó cóip den tuarascáil sin, don duine a ndearnadh an t-iniúchadh ar a s(*h*)on.

(3) Coinneoidh fostóir, ar fostóir é/sí a gheobhaidh tuarascáil faoi mhír (2), an tuarascáil nó cóip den tuarascáil—

(*a*) ag an suíomh áit a ndearnadh an t-iniúchadh go dtí go mbeidh an obair thógála i gcrích, agus

(*b*) ina dhiaidh sin, ag oifig an fhostóra.

(4) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) nach n-úsáidfear aon trealamh oibre faoi rialú an fhostóra ar láthair eile oibre ach amháin má tá fianaise ag gabháil leis gur cuireadh i gcrích an t-iniúchadh deireanach a bhí le déanamh faoin Rialachán sin, agus

(*b*) go dtaifeadtar toradh an iniúchta faoin Rialachán agus go gcoinneodh cigire é le haghaidh iniúchta ar feadh 5 bliana ó dháta an iniúchta.

## CUID 5

## Gníomhaithe Fisiceacha

### Caibidil 1

### *Rialú Torainn ag an Obair*

*Léiriú.*

120. Sa Chaibidil seo:

ciallaíonn “leibhéal teagmhas faoi lé torainn” sonraithe mar ($L_{EX, 8h}$) (dB)(A) re: 20 μPa) an meán am-ualaithe de theagmhas faoi lé torainn le haghaidh lá oibre ainmniúil ocht n-uaire mar a shainítear le caighdeán idirnáisiúnta ISO (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán) 1999: 1990, pointe 3.6, a chuimsíonn gach torann atá ann ag an obair, lena n-áirítear torann ríogach;

ciallaíonn “gníomhluachanna teagmhas faoi lé” an leibhéal laethúil faoi lé torainn nó an buaicleibhéal de bhrú fuaime, ar leibhéal é, má sháraítear é d’aon fhostaí, go bhfuil gá beart ar leith a ghlacadh ina leith chun riosca a laghdú;

ciallaíonn “uasluachanna teagmhas faoi lé” an leibhéal de theagmhas faoi lé torainn laethúil nó buaicbhrú fuaime nach cóir a shárú d’aon fhostaí;

ciallaíonn “fuaim” aon fhuaim inchloiste;

ciallaíonn “buaicbhrú fuaime” sonraithe mar ($p_{peak}$) an t-uasluach de bhrú torainn meandrach “C”-mhinicíocht ualaithe;

ciallaíonn “teagmhas faoi lé seachtainiú8il” sonraithe mar ($L_{EX, 8h}$) an meán am-ualaithe de leibhéil de theagmhas faoi lé torainn laethúil le haghaidh seachtain ainmniúil de chúig lá oibre ocht n-uaire mar a shainítear le caighdeán idirnáisiúnta ISO1999: 1990, pointe 3.6 (nóta 2).

*Feidhm.*

121. Baineann an Chaibidil seo, faoi réir Rialachán 122, le gníomhaíochtaí a bheadh ar siúl ag fostaithe inar dócha go mbeidís faoi lé baoil dá sábháilteacht agus sláinte ag eascairt ó bheith faoi lé torainn le linn a gcuid oibre agus, go háirithe, an baol don éisteacht.

*Idirthréimhsí.*

122. (1) I gcás fostaithe ar bord árthach ar muir, ní bheidh feidhm ag Rialachán 128 go dtí 15 Feabhra 2011.

(2) Ag cur i gcuntas Rialachán 3(1)(*z*) agus (2), ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo, i gcás earnálacha an cheoil agus na siamsaíochta, go dtí 15 Feabhra 2008.

*Uasluachanna teagmhas faoi lé agus gníomhluachanna teagmhas faoi lé.*

123. (1) Chun críche na Caibidle seo, seo a leanas na huasluachanna teagmhas faoi lé agus na gníomhluachanna teagmhas faoi lé i ndáil le leibhéil laethúla torainn teagmhas faoi lé agus buaicbhrú fuaime:

(*a*) uasluachanna teagmhas faoi lé—

$L_{EX, 8h}$ = 87 dB(A) agus $p_{peak}$ = 140dB(C) i leith 20 µPa;

(*b*) uas-ghníomhluachanna teagmhas faoi lé—

$L_{EX, 8h}$ = 85 dB(A) agus $p_{peak}$ = 137dB(C) i leith 20 µPa;

(*c*) íos-ghníomhluachanna teagmhas faoi lé—

$L_{EX, 8h}$ = 80 dB(A) agus $p_{peak}$ = 135dB(C) i leith 20 µPa.

(2) Cuirfidh fostóir i gcuntas, agus é/í ag feidhmiú na huasluachanna teagmhas faoi lé dá dtagraítear i mír (1)(*a*) i gcinneadh an méid éifeachtach theagmhas faoi lé an fhostaí, an maolú a sholáthair na cosantóirí indibhidiúla éisteachta a chaith an fostaí.

(3) Bainfidh na huasluachanna dá dtagraítear i míreanna (1)(*b*) agus (*c*) le haon chosantóirí éisteachta dá dtagraítear i mí (2) is Cuma cén éifeacht mhaolaithe a chuir na cosantóirí éisteachta sin ar fáil.

(4) Le haghaidh gníomhaíochtaí a mbíonn fíor-éagsúlacht idir an teagmhas faoi lé ó lá amháin go dtí an chéad lá eile, féadfaidh an fostóir, chun uasluachanna teagmhas faoi lé agus gníomhluachanna teagmhas faoi le, úsáid a bhaint as an leibhéal seachtainiúil teagmhas faoi lé in ionad an leibhéil laethúil teagmhas faoi lé chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal an torainn a mbeadh fostaithe an fhostaí faoina lé, ar an gcoinníoll—

(*a*) nach sáróidh an leibhéal seachtainiúil teagmhas faoi lé an t-uasluach teagmhas faoi lé de of 87db(A), arna léiriú trí mhonatóireacht leordhóthanach, agus

(*b*) go nglacfar bearta iomchuí d'fhonn laghdú chuig an leibhéal íosta ar an riosca a bhainfeadh leis na gníomhaíochtaí seo.

*Cinneadh agus measúnú na mbaol os cionn íos-ghníomhluach teagmhas faoi lé.*

124. Déanfaidh fostóir—

(*a*) gan dochar d'ailt 19 agus 20 den Acht, i gcás go mbeadh an baol ann go mbeadh fostaithe faoi lé torainn ag an obair os cionn íos-ghníomhluach teagmhas faoi lé, i gcomhairle le fostaithe an fhostóra nó a n-ionadaithe, nó iad araon, measúnú oiriúnach iomchuí a dhéanamh ar an riosca a d'eascródh as an teagmhas faoi lé sin,

(*b*) agus an measúnú baoil dá dtagraítear i mír (*a*), más gá, na leibhéil torainn a mbeadh fostaithe an fhostaí faoina lé a thomhas,

(*c*) bheith freagracht as an measúnú dá dtagraítear i míreanna (*a*) agus (*b*) a bheith pleanáilte agus déanta ag idirthréimhsí oiriúnacha agus a chinntiú go mbeadh aon sampláil ionadaíocht don méid pearsanta laethúil de thorann a mbeadh fostaí faoina lé,

(*d*) a chinntiú go gcuirfí in oiriúint na modhanna agus an gaireas a úsáidtear to thomhas na hoibre chun críche na Caibidle seo—

(i) na dálaí san am, go háirithe i bhfianaise na hairíonna a bhaineann leis an torann atá le tomhas,

(ii) fad an teagmhais faoi lé, tosca comhthimpeallacha, agus

(iii) na hairíonna a bhaineann le gaireas tomhais, agus gur féidir—

(I) na paraiméadair arna sainiú i Rialachán 120 a chinneadh, agus

(II) a chinneadh, cibé acu i gcás áirithe, ar sáraíodh na luachanna sonraithe i Rialachán 123 nó nár sáraíodh,

(*e*) aird ar leith a thabhairt agus an measúnú baoil ar siúl faoin Rialachán ar na nithe seo a leanas—

(i) leibhéal, cineál agus fad an teagmhais faoi lé, lena n-áirítear aon teagmhas faoi lé torann ríogach,

(ii) na huasluachanna teagmhas faoi lé agus na gníomhluachanna teagmhas faoi lé a shonraítear i Rialachán 123,

(iii) na héifeachtaí ag an teagmhas faoi lé torainn ar fhostaithe a bhfuil a sábháilteacht nó a sláinte i mbaol ar leith ón teagmhas faoi lé,

(iv) a mhéid is indéanta go teicniúil, aon éifeachtaí ar shábháilteacht agus sláinte na fhostaithe a tharlódh mar thoradh ar idirghníomhú idir torann agus substaintí ota-thocsaineacha a bhaineann leis an obair, agus idir torann agus tonnchreathanna,

(v) aon éifeachtaí indíreacha ar shábháilteacht agus sláinte na bhfosaithe a eascródh ó idirghníomhú idir torann agus comharthaí rabhaidh nó fuaimeanna eile a gcaithfear iad a bhreithniú d'fhonn laghdú ar an mbaol timpistí,

(vi) aon fhaisnéis maidir le hastaíocht torainn arna eisiúint ag déantóirí an trealaimh oibre de réir alt 16 den Acht,

(vii) infhaighteacht trealamh ionadúil a dearadh d'fhonn astaíocht torainn a laghdú,

(viii) teagmhas faoi lé a shíneadh chuig torann lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre a bhfuil freagracht ar an bhfostóir as,

(ix) faisnéis iomchuí a gheofaí ó fhaireachas sláinte lena n-áirítear, más féidir, faisnéis fhoilsithe, agus

(x) infhaighteacht na gcosantóirí éisteachta le hairíonna maolaithe iomchuí,

(*f*) gan dochar d'alt 19(3) den Acht, athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnú riosca a rinneadh chun críche na Caibidle seo i gcás go léireodh torthaí an fhaireachais sláinte arna dhéanamh de réir Rialachán 131 go bhfuil gá leis,

(*g*) taifead a dhéanamh de ráiteas sábháilteachta arna dhréachtú de bhun alt 20 den Acht—

(i) de thorthaí an mheasúnaithe riosca a luaithe is indéanta tar éis é a dhéanamh, agus

(ii) na céimeanna a ghlac sé/sí i gcomhlíonadh Rialacháin 125 go 130, agus

(*h*) athbhreithniú ar an measúnú, agus más gá, ar an measúnú dá dtagraítear i mír (*b*) ag idirthréimhsí oiriúnacha agus, go háirithe, i gcás go gcomhlíonfar na coinníollacha a shonraítear in alt 19(3) (*a*) agus (*b*) den Acht.

*Forálacha atá ceaptha chun teagmhas faoi lé a sheachaint nó a laghdú.*

125. Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) i gcomhlíonadh na bprionsabal ginearálta arna leagan amach i Sceideal 3 den Acht, agus i gcomhairle le fostaithe an fhostóra nó a (*h*)ionadaithe, nó i gcomhairle leo araon, a mhéid is indéanta go réasúnta, a chinntiú go ndíchuirfear ag an bhfoinse an riosca a eascraíonn ó fhostaithe an fhostóra bheith faoi lé torainn nó an teagmhas faoi lé a íoslaghdú,

(*b*) i gcomhlíonadh mhír (*a*), cur i gcuntas, go háirithe—

(i) modhanna oibre eile d'fhonn teagmhas faoi lé torainn a dhíchur nó a laghdú,

(ii) an rogha iomchuí trealaim oibre, ag cur i gcuntas cén sórt oibre atá le déanamh, an méid is lú torainn a astú, lena n-áirítear an fhéidearthacht trealamh oibre a sholáthar d'fhostaithe i gcomhlíonadh alt 16 den Acht a bhfuil mar aidhm aige éifeacht an teagmhais faoi lé torainn a theorannú,

(iii) dearadh agus leagan amach na áiteanna oibre agus na stáisiún oibre,

(iv) faisnéis agus oiliúint leordhóthanach chun na fostaithe a threorú in úsáid cheart shábháilte an trealaimh oibre d'fhonn a dteagmhas faoi lé torainn íoslaghdú,

(v) laghdú torainn trí mhodhanna teicniúil, amhail—

(I) torann aeriompartha a laghdú, mar shampla trí úsáid a bhaint as sciatha, iatáin agus clúdaigh a ionsúnn fuaim,

(II) torann a laghdú atá iompartha ag struchtúir, mar shampla maolú nó leithlisiú,

(vi) cláir chothabhála iomchuí don trealamh oibre, don áit oibre, do stáisiúin oibre agus do chórais oibre, agus

(vii) eagrúchán na hoibre d'fhonn torann a laghdú ar na bealaí seo a leanas—

(I) teorannú ar fhad agus ar dhéine an teagmhais faoi lé, agus

(II) sceidil iomchuí oibre a eagrú le tréimhsí leordhóthanacha sosa,

(*c*) i gcás go soláthraítear saoráidí sosa, toisc chineál na gníomhaíochta, a chinntiú go laghdófar an torann sna saoráidí sin chuig leibhéal atá ag luí leis an aidhm a bhí lena gcoinníollacha úsáide, agus

(*d*) aon bheart a ghlacfar i gcomhlíonadh an Rialacháin seo agus Rialacháin 126 agus 127 a chur in oiriúint chun aon fhostaí a chur i gcuntas a mbeadh a s(*h*)láinte i mbaol ar leith ó theagmhas faoi lé torainn.

*Feidhm uas-ghníomhluachanna teagmhas faoi lé.*

126. I gcás go léireoidh measúnú baoil dá dtagraíteá i Rialachán 124 gur sáraíodh an luach uasta nochta, bunóidh fostóir clár de bhearta teicniúla nó eagrúcháin, nó clár díobh araon, agus feidhmeoidh an clár sin, chun laghdú ar an torann, ag cur i gcuntas, go háirithe, na bearta dá dtagraítear i Rialachán 125.

*Cosc ar theagmhas faoi lé os cionn leibhéal torainn de 85dB(A).*

127. I gcás go léireoidh measúnú oibre go bhfuil stáisiúin oibre ar áit oibre is dócha a bheidh nochta do thorann os cionn 85dB(A), déanfaidh fostóir—

(*a*) comharthaí éigeantacha rabhaidh a chur ar taispeáint, i gcomhréir le Caibidil 1, Cuid 7, chun a chur in iúl—

(i) gur dócha go sáróidh na leibhéil torainn ag na stáisiúin oibre sin an luach uasta le nochta le haghaidh gníomhaíochta, agus

(ii) go mbeidh cosantóirí éisteachta ar fáil agus go gcaithfear iad a chaitheamh, agus

(*b*) a chinntiú go gcosnófar na stáisiúin oibre ó rochtain neamhúdaraithe trí bhacainní nó trí mhodh oiriúnach eile atá féideartha go teicniúil agus ar féidir seasamh leo toisc riosca an nochta.

*Feidhm an uas-luacha teagmhas faoi lé.*

128. Faoi réir Rialachán 122, áiritheoidh fostóir—

(*a*) nach mbeidh fosaithe an fhostóra faoi lé torainn os cionn an luach uasta nochta, nó

(*b*) má bhraitear luach nochta a sháróidh an luach uasta nochta, d'ainneoin na mbeart a glacadh i gcomhlíonadh na Caibidle seo—

(i) feidhmeofar láithreach d'fhonn an nochtadh a laghdú don torann chuig luach atá faoi bhun an luacha uasta nochta,

(ii) sainaithneofar na cúiseanna a bhfuil an luach uasta á shárú, agus

(iii) leasófar na bearta eagrúcháin agus teicniúla i gcomhréir le Rialachán 125 chun go gcoiscfear sárú an luacha uasta nochta arís.

*Cosaint phearsanta.*

129. (1) Déanfaidh fostóir—

(*a*) i gcomhréir le hailt 8, 9, 10, 13 agus 14 den Acht, agus i gcás nach féidir cosc a chur le rioscaí a eascródh ó nochtadh do thorann ar bhealach eile, cosantóirí éisteachta indibhidiúla a sholáthar, atá feistithe go cuí, a chomhlíonfaidh na forálacha reachtúla iomchuí,

(*b*) i gcás go sáróidh an nochtadh do thorann na luachanna íosta nochta le haghaidh gníomhaíochta, cosantóirí éisteachta indibhidiúla a sholáthar,

(*c*) a chinntiú go roghnófar na cosantóirí éisteachta indibhidiúla dá dtagraítear i bhfomhír (*a*) tar éis comhairliúcháin leis na fosaithe i gceist nó a n-ionadaithe, nó iad araon, chun an riosca don éisteacht a dhíchur nó a laghdú chuig leibhéal íosta, agus

(*d*) a chinntiú, a mhéid is indéanta go réasúnta,—

(i) go n-úsáidfear cosantóirí éisteachta i gcomhréir le mír (2), agus

(ii) go mbeidh na bearta arna nglacadh faoin Rialachán seo ina mbearta éifeachtacha.

(2) I gcás fostaí arb ionann a nochtadh do thorann agus luachanna uasta nochta ar ghá gníomhú orthubainfidh an fostaí sin úsáid as cosantóirí éisteachta indibhidiúla.

*Faisnéis, oiliúint agus comhairliúchán don fhostaí.*

130. Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) gan dochar d'ailt 9 agus 10 den Acht, i gcás go mbeidh fosaithe an fhostóra sin faoi lé torainn ar an áit oibre atá ag an luach uasta nochta le haghaidh gníomhaíochta, iadsan nó a n-ionadaithe, nó iad a araon, a sholáthar le faisnéis agus oiliúint leordhóthanach i ndáil leis na rioscaí a d'eascródh as bheith faoi lé torainn,

(*b*) a chinntiú, gan dochar do ghinearáltacht mhír (*a*), go n-áireoidh an fhaisnéis agus an oiliúint a sholáthrófar faoin mír—

(i) cineál na rioscaí sin,

(ii) na bearta eagrúcháin agus teicniúla atá le glacadh i gcomhlíonadh Rialachán 125,

(iii) na luachanna uasta nochta agus luachanna uasta nochta ar ghá gníomhú orthui Rialachán 123,

(iv) torthaí an mheasúnaithe agus na dtomhas torainn a rinneadh i gcomhréir le Rialachán 124 agus míniú ar a suntas agus ar a rioscaí féideartha,

(v) úsáid cheart na gcosantóirí éisteachta,

(vi) cén fáth ar chóir comharthaí de dhíobháil don éisteacht a bhrath agus an chaoi sin a dhéanamh,

(vii) na coinníollacha faoina gcuirfear faireachas sláinte ar fáil d'fhostaithe, i gcomhréir le Rialachán 131,

(viii) cleachtais shábháilte oibre chun íoslaghdú ar an nochtadh do thorann, agus

(*c*) a chinntiú go bhfeidhmeofar an comhairliúchán le fostaithe i ndáil leis an gCaibidil seo i gcomhréir le halt 26 den Acht agus go n-áireoidh sé go háirithe comhairliúchán i ndáil le Rialacháin 124(*a*), 125(*a*) agus 129(1)(*c*).

*Faireachas sláinte, taifid agus éifeachtaí.*

131. (1) Gan dochar d'alt 22 den Acht, déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) i gcás fosaithe a sháróidh an nochtadh an luach uasta nochta le haghaidh gníomhaíochta, cuirfidh seirbhísí cleachtóra leighis chláraithe ar fáil dóibh chun seiceáil éisteachta a dhéanamh faoina f(*h*)reagracht, agus

(*b*) i gcás fostaithe a sháróidh an luach íosta nochta le haghaidh gníomhaíochta, cuirfidh tástáil coisctheach closméadrachta ar fáil dóibh.

(2) An aidhm leis na seiceálacha éisteachta agus na tástálacha closmhéadrachta dá dtagraítear i mír (1) ná diagnóis luath ar aon chaillteanas éisteachta toisc torainn agus cuidiú le caomhnú na héisteachta.

(3) Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) cinnteoidh sé/sí—

(i) go ndéanfar taifead sláinte i ndáil le haon fhostaí an fhostóra a bhí faoi fhaireachas sláinte i gcomhréir le mír (1) agus go gcothófar an taifead sin, agus

(ii) go ndéanfar taifead d'aon chóip de atá á coinneáil ar fáil i bhfoirm oiriúnach ionas go mbeifear in ann rochtain a fháil uirthi níos déanaí, ag cur i gcuntas aon chúiseanna imní faoi rúndacht.

(*b*) ar iarratas ó fhostaí, tabharfaidh cead dó/di rochtain a fháil ar a t(*h*)aifead sláinte pearsanta,

(*c*) soláthróidh cóipeanna de na taifid sláinte sin, ar thaifid iad a éileodh an tÚdarás, agus

(*d*) i gcás go scorfadh an fostóir ó bheith ag trádáil, fógra a thabhairt don Údarás láithreach bonn i scríbhinn agus gach taifead sláinte a chur ar rail don Údarás ar taifid iad atá á gcoinneáil ag an bhfostóir i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

(4) I gcás, mar thoradh ar fhaireachas na feidhme éisteachta i gcomhréir leis an Rialachán seo, go bhfaighfear go bhfuil díobháil inaitheanta déanta d'éisteacht an fhostaí, cinnteoidh an fostóir go ndéanfaidh cleachtóir leighis cláraithe measúnú ar cibé acu an dócha gur tharla an díobháil sin mar thoradh ar bheith faoi lé torainn ar an áit oibre nó nár tharla, agus, má bhunaítear sin—

(*a*) cuirfidh an cleachtóir leighis cláraithe gach fostaí iomchuí ar an eolas maidir leis an toradh a bhaineann leis an bhfostaí sin go pearsanta; agus

(*b*) déanfaidh fostóir—

(i) athbhreithniú ar an measúnú baoil a rinneadh i gcomhréir le Rialachán 124,

(ii) athbhreithniú ar na bearta a soláthraíodh d'fhonn rioscaí a dhíchur nó a laghdú i gcomhréir le Rialachán 125,

(iii) cur i gcuntas ar an gcomhairle ón gcleachtóir leighis cláraithe nó ó dhuine eile atá cáilithe go hiomchuí, nó ón Údarás, i bhfeidhmiú aon bheart a éilítear d'fhonn riosca a dhíchur nó a laghdú i

gcomhréir le Rialacháin 125 go 130, lena n-áirítear an fhéidearthacht a bhainfeadh le fostaí a shannadh le hobair eile a dhéanamh i gcás nach bhfuil aon riosca breise ann a bheith nochta, agus

(iv) faireachas córasach sláinte a eagrú agus soláthar d'athbhreithniú ar stádas sláinte aon fhostaí eile a nochtadh ar an gcuma chéanna.

*Díolúintí.*

132. (1) Faoi réir mhíreanna (2) go (4), féadfaidh an tÚdarás i gcúinsí eisceachtúla, trí theastas i scríbhinn, duine nó aicme daoine a dhíolúnú ó Rialacháin 128 agus 129 i gcás, toisc chineál na hoibre, gur dócha go gcúiseodh úsáid chuí na gcosantóirí éisteachta riosca níos mó don tsábháilteachta ná mar a bheadh i gceist gan na cosantóirí sin a úsáid.

(2) Féadfar díolúine a thabhairt faoi mhír (1) faoi réir coinníollacha lena n-áirítear teorainn ama nach mó ná 4 bliana.

(3) Ní thabharfaidh an tÚdarás díolúine faoin gCaibidil seo ach amháin—

(*a*) má théann an tÚdarás i gcomhairle—

(i) le hionadaithe na bhfostóirí agus na bhfostaithe, agus

(ii) aon duine eile

a mheasann an tÚdarás is iomchuí,

(*b*) má laghdaítear na rioscaí a tharlódh mar thoradh ar dhíolúin, a mhéid is indéanta go réasúnta, chuig leibhéal íosta, agus

(*c*) má chuirtear fairseachas sláinte iomchuí ar fáil do na fostaithe i gceist.

(4) Féadfaidh an tÚdarás, trí theastas i scríbhinn, aisghairm a dhéanamh ar an díolúine faoi mhír (1) ag am ar bith a luaithe is nach mbeadh na coinníollacha is bun leis an díolúine ar fáil.

Caibidil 2

*Rialú Tonnchreatha ag an Obair*

*Léiriú.*

133. Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn "gníomhluach teagmhas faoi lé" an leibhéal laethúil de thonnchrith a mbeadh fostaí faoina lé, ar leibhéal é dá sárófaí é a éilíonn gníomhaíocht shonrach a ghlacadh d'fhonn an riosca a laghdú;

ciallaíonn "uasluach teagmhas faoi lé" an leibhéal laethúil de thonnchrith a mbeadh aon fhostaí faoina lé ar leibhéal é nach cóir a shárú ach amháin de réir mar atá leagtha amach i Rialachán 142(2);

ciallaíonn “tonnchrith lámh” an tonnchrith meicniúil, a bhfuil rioscaí sábháilteachta agus sláinte ag baint leis d’fhostaithe, i gcás go dtarchuirtear é chuig lámh-géag láimhe an duine, i neamhoird áirithe shoithíocha, cnáimhe, nó ailt;

ciallaíonn “tonnchrith meicniúil” tonnchrith a tharlaíonn i bpíosa innealra nó trealaimh, nó i bhfeithicil, mar thoradh ar a oibriú;

ciallaíonn “tonnchrith coirp uile” an tonnchrith meicniúil a tharchuirtear chuig an gcorp iomlán, a bhfuil rioscaí sábháilteacht agus sláinte ag baint leis d’fhostaithe, go háirithe galracht agus tráma don chnámh droma.

*Idirthréimhsí.*

134. (1) Faoi réir mhír (2), beidh feidhm ag Rialachán 139 ar an 6 Iúil 2010 agus dá éis, ach ní go dtí sin, i gcás go n-úsáidfear trealamh oibre—

(*a*) a sholáthraigh an fostóir den chéad uair d’fhostaithe roimh an 6 Iúil 2007,

agus

(*b*) nach gceadaíonn comhlíonadh na luachanna uasta nochta.

(2) Beidh feidhm ag Rialachán 139 ar an 6 Iúil 2014 agus dá éis, ach ní go dtí sin, i ndáil le trealamh oibre, a úsáidtear sna hearnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta amháin, agus,—

(*a*) a sholáthraigh an fostóir den chéad uair d’fhostaithe roimh an 6 Iúil 2007,

agus

(*b*) nach gceadaíonn comhlíonadh na luachanna uasta nochta.

(3) Cuirfidh fostóir i gcuntas, agus an trealamh oibre a ndéantar cur síos air i mír (1) nó (2) in úsáid, na an dul chun cinn teicniúil is déanaí agus na bearta eagrúcháin a glacadh i gcomhréir le Rialachán 137.

*Uasluachanna teagmhas faoi lé agus gniomhluachanna teagmhas faoi lé.*

135. (1) Le haghaidh tonnchreatha lámh—

(*a*) beidh an luach nochta laethúil caighdeánaithe chuig tagairt ocht n-uaire cothrom le $5 m/s^2$,

(*b*) beidh an luach nochta laethúil caighdeánaithe chuig tagairt ocht n-uaire cothrom le $2.5 m/s^2$, agus

(*c*) déanfar nochtadh a mheas nó a thomhas ar an mbunús arna leagan amach i gCuid A de Sceideal 6.

(2) Le haghaidh tonnchreatha coirp uile—

(*a*) beidh an luach nochta laethúil caighdeánaithe chuig tagairt ocht n-uaire cothrom le 1.15 $m/s^2$,

(*b*) beidh an luach nochta laethúil caighdeánaithe chuig tagairt ocht n-uaire cothrom le 0.5 $m/s^2$, agus

(*c*) déanfar nochtadh a mheas nó a thomhas ar an mbunús arna leagan amach i gCuid B de Sceideal 6.

*Cinneadh agus measúnú baol.*

136. Déanfaidh fostaí na nithe seo a leanas—

(*a*) gan dochar d'ailt 19 agus 20 den Acht, i gcás gur dócha go mbeadh fostaithe faoi lé rioscaí dá sábháilteacht agus dá sláinte a eascródh ó bheith faoi lé tonnchrith meicniúil le linn a gcuid oibre, measúnú oiriúnach iomchuí ar an riosca a d'eascródh as an nochtadh sin;

(*b*) measúnú ar an nochtadh laethúil do thonnchrith meicniúil, i ndéanamh an mheasúnaithe riosca, ar na bealaí seo a leanas—

(i) breathnú ar chleachtais shonracha oibre,

(ii) tagairt d'fhaisnéis iomchuí ar an leibhéal dóchúil de thonnchrith a bheadh ag comhfhreagairt don trealamh nó do chineálacha trealaimh a úsáidtear sna coinníollacha áirithe oibre sin, agus

(iii) más gá, tomhas ar mhéid an tonnchreatha mheicniúil a bhfuil baol ann go mbeadh fostaithe an fhostóra faoina lé, agus na tomhais sin a dhéanamh ar an mbunús arna leagan amach i Sceideal 6,

(*c*) a chinntiú go ndéanfaidh dune inniúil an measúnú dá dtagraítear i míreanna (*a*) agus (*b*) a phleanáil agus a dhéanamh ag idirthréimhsí oiriúnacha,

(*d*) aird ar leith a thabhairt ar na nithe seo a leanas agus an measúnú baoil á dhéanamh faoin Rialachán seo—

(i) leibhéal, cineál agus fad an nochta, lena n-áirítear aon nochtadh do thonnchrith eatramhach nó do thurraingí atriallacha,

(ii) na luachanna uasta nochta agus na luachanna nochta ar ghá gníomhú orthuarna sonrú i Rialachán 135,

(iii) na héifeachtaí a bheadh ag nochtadh do thonnchrith ar fhostaithe a mbeadh a sábháilteacht nó a sláinte i mbaol ar leith ón nochtadh sin,

(iv) aon éifeachtaí indíreacha ar shábháilteacht agus sláinte fostaí a bheadh mar thoradh ar idirghníomhú idir tonnchrith meicniúil agus an áit oibre nó aon trealamh oibre eile,

(v) aon fhaisnéis a sholáthródh déantóirí an trealaimh oibre i gcomhlíonadh alt 16 den Acht,

(vi) trealamh ionadaíochta a bheith ann a dearadh d'fhonn laghdú ar an nochtadh do thonnchrith meicniúil,

(vii) síneadh ar an nochtadh chuig tonnchrith coirp uile tar éis gnáthuaireanta oibre faoi fhreagracht an fhostóra,

(viii) coinníollacha sonracha oibre amhail teochtaí ísle, agus

(ix) faisnéis iomchuí a fuarthas ó fhaireachas sláinte, lena n-áirítear, más féidir, faisnéis fhoilsithe,

(*e*) taifeadadh ar na nithe seo a leanas sa ráiteas sábháilteachta a dréachtaíodh de ghun alt 20 den Acht—

(i) torthaí an mheasúnaithe riosca a luaithe is indéanta tar éis a dhéanta, agus

(ii) na céimeanna a ghlac an fostóir i gcomhlíonadh Rialacháin 137 go 141, agus

(*f*) athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú, agus más gá, ar an tomhas dá dtagraíear i mír (*b*) agus idirthréimhsí oiriúnacha agus, go háirithe, i gcás go gcomhlíonfar ceachtar de na coinníollach arna sonrú in alt 19(3)(*a*) agus (*b*), den Acht.

*Forálacha atá dírithe ar nochtadh a sheachaint nó a laghdú.*

137. Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) le haird ar phrionsabail ghinearálta an choisc i Sceideal 3 den Acht, a chinntiú, a mhéid is indéanta go réasúnta, go ndéanfar díchur ag an bhfoinse ar an riosca d'fhostaithe an fhostóra bheith faoi lé tonnchrith meicniúil, nó an riosca sin a íoslaghdú, agus

(*b*) aon bheart a glacadh i gcomhlíonadh na Caibidle seo a athrú chun aon fhostaí a chur i gcuntas a bheadh i mbaol ar leith ó thonnchrith meicniúil.

*Feidhm ghniomhluachanna teagmhas faoi lé.*

138. I gcás go léireodh an measúnú baoil a rinneadh faoi Rialachán 136 gur sáraíodh an luacht nochta le haghaidh gníomhaíochta, comhlíonfaidh an fostóir a d(*h*)ualgas laghdú ar an mochtadh do thonnchrith meicniúil agus na rioscaí a bheadh ag ghabháil leis sin chuig leibhéal íosta faoi Rialachán 137 trí chlár de bhearta teicniúla agus eagrúcháin, nó clár díobh araon, a bhunú agus a fheidhmiú, a bheadh oiriúnach don ghníomhaíocht agus i gcomhréir leis an measúnú baoil, ag cur i gcuntas go háirithe—

(*a*) modhanna oibre eile a laghdaíonn an nochtadh do thonnchrith meicniúil,

(*b*) an rogha trealaimh oibre ar dhearadh iomchuí eirgeanamaíochta is lú a chruthaíonn tonnchrith, agus an obair atá le cur i gcrích á cur i gcuntas,

(*c*) trealamh cuntas a sholáthar a laghdaíonn an bola díobhálacha a mbeadh an tonnchrith ina chúis leo, amhail suíocháin a laghdaíonn an tonnchrith iomlán coirp uile agus hanlaí a laghdaíonn an tonnchrith a tarchuirtear chuig an gcóras lámh-géag láimhe,

(*d*) cláir iomchuí chothabhála le haghaidh trealamh oibre, na áiteanna oibre, na stáisiúin oibre agus na córais oibre,

(*e*) dearadh agus leagan amach na áiteanna oibre agus na stáisiún oibre,

(*f*) faisnéis agus oiliúint leordhóthanach chun fostaithe a oiliúint in úsáid cheart shábháilte an trealaimh oibre, gan baol don tsláinte d'fhonn a mhéid atá siad faoi lé tonnchrith meicniúil a íoslaghdú,

(*g*) teorannú ar fhad agus ar dhéine an nochta do thonnchrith meicniúil,

(*h*) sceidil iomchuí oibre le tréimhse iomchuí sosa, agus

(*i*) éadaí a sholáthar chun fostaithe a chosaint ón bhfuacht agus ó thaise.

*Feidhmiú uasluachanna teagmhas faoi lé*

139. Faoi réir Rialacháin 134 agus 142, áiritheoidh fostóir—

(*a*) nach mbeidh fostaithe an fhostóra faoi lé tonnchrith meicniúil os cionn an luacha uasta nochta, agus

(*b*) má sháraítear an luach uasta nochta, d'ainneoin na mbeart a glacadh i gcomhlíonadh na Caibidle seo,

(i) go nglacfar beart d'fhonn an nochtadh do thonnchrith meicniúil a íoslaghdú faoi bhun an luacha uasta nochta,

(ii) go ndéanfar sainaithint ar an gcúis leis an luach uasta a bheith sáraithe, agus

(iii) go leasófar na bearta teicniúil agus eagrúcháin a glacadh i gcomhlíonadh Rialachán 138 d'fhonn cosc a chur lena shárú arís.

*Faisnéis agus oiliúint don fhostaí.*

140. Gan dochar d'ailt 9 agus 10 den Acht, i gcás go mbeadh fostaí faoi lé tonnchrith meicniúil, cuirfidh an fostóir faisnéis, teagasc agus traenáil leordhóthanach ar fail d'fhostaithe nó dá n-ionadaithe, lena n-áirítear—

(*a*) na bearta teicniúla agus eagrúcháin a glacadh i gcomhlíonadh na Caibidle seo,

(*b*) na luachanna uasta nochta agus na luachanna nochta ar ghá gníomhú orthu,

(*c*) torthaí an mheasúnaithe riosca agus an tomhais ar thonnchrith meicniúil a rinneadh i gcomhréir le Rialachán 136 agus an díobháil fhéideartha a d'eascródh ó threalamh oibre a úsáid,

(*d*) an chúis le comharthaí díobhála a bhrath an chaoi sin a dhéanamh,

(*e*) na coinníollacha faoina gcuirfí faireachas sláinte ar fail d'fhostaithe agus an aidhm leis sin, i gcomhréir le Rialachán 141, agus

(*f*) cleachtais shábháilte oibre chun íoslaghdú ar a mhéid a bheifí faoi lé tonnchrith meicniúil.

*Fairseachas sláinte, taifid agus éifeachtaí.*

141. (1) Gan dochar d'alt 22 den Acht, áiritheoidh fostóir go gcuirfear faireachas iomchuí sláinte ar fáil d'fhostaithe ar léirigh measúnú baoil dá dtagraítear i Rialachán 136 go bhfuil riosca ann dá sláinte, lena n-áirítear fostaithe a bhí faoi lé tonnchrith meicniúil a sháraigh an luach uasta nochta.

(2) An aidhm atá leis an bhfaireachas sláinte dá dtagraítear sa Rialachán seo ná aon neamhord a bhainfeadh le tonnchrith meicniúil a chosc nó a dhiagnóísú, agus measfar é bheith iomchuí, i gcás—

(*a*) gur nochtadh an fostaí a mhéid sin don tonnchrith meicniúil go bhféadfadh go raibh baint ag an tonnchrith meicniúil le tinneas nó éifeacht dhíobhálach sláinte,

(*b*) go bhfuil dóchúlacht réasúnta ann go dtarlóidh tinneas nó éifeacht faoi choinníollacha áirithe a c(*h*)uid oibre, agus

(*c*) go bhfuil teicníní hailí íseal-riosca ar fáil don fhostaí chun comharthaí tinnis nó a éifeacht a bhrath.

(3) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) go gcuirfear i gcuntas na torthaí ón bhfaireachas sláinte a rinneadh i gcomhlíonadh alt 22 den Acht i bhfeidhmiú na mbeart ar áit oibre ar leith,

(*b*) go ndéanfar taifead sláinte i ndáil le haon fhostaí an fhostóra a ndearnadh faireachas sláinte orthu i gcomhréir le mír (1) agus go gcoinneofar an taifead sin,

(*c*) go gcoinneofar an taifead sláinte dá dtagraítear i mír (*b*) nó cóip den taifead sin ar fáil i bhfoirm oiriúnach ionas go mbeifear in ann rochtain iomchuí a fháil uirthi níos déanaí, ag cur i gcuntas aon chúiseanna imní a bhainfeadh le rúndacht,

(*d*) ar iarratas ón bhfostaí, go dtabharfaí cead dó/di rochtain a fháil ar a t(*h*)aifead pearsanta sláinte,

(*e*) go soláthrófar cóipeanna don Údarás de thaifid sláinte a éileodh sé, agus

(*f*) i gcás go scorfaidh an fostóir de thrádáil, go dtabharfar fógra don Údarás láithreach bonn i scríbhinn agus go gcuirfidh an fostóir gach taifead sláinte atá á choinneáil aige/aici i gcomhréir leis an Rialachán seo ar fáil don Údarás.

(4) Déanfaidh cleachtóir leighis cláraithe a ndéantar faireachas sláinte ar fhostaí faoina c(*h*)úram faoin Rialachán seo na nithe seo a leanas—

(*a*) taifead indibhidiúil rúnda leighis a choinneáil ina mbeidh torthaí an fhaireachais sláinte agus, más iomchuí, torthaí scrúdaithe dochtúra a rinneadh,

(*b*) a chinntiú go gcoinneofar an taifead sin, nó cóip de, i bhfoirm oiriúnach ar fead tréimhse iomchuí óna dáta a ndearnadh an iontráil dheireanach ann,

(*c*) aon bhearta cosanta nó coisctheacha is gá i ndáil le haon fhostaí indibhidiúil a mholadh,

(*d*) rochtain a thabhairt d'fhostaí, ar iarratas ón bhfostaí sin, ar a t(*h*)aifid faireachais sláinte féin, agus

(*e*) rochtain a thabhairt ar thaifid leighis rúnda indibhidiúla do dhuine a ainmneofar faoi alt 63(1) den Acht.

(5) I gcás go bhfaighfear, ag eascairt ón bhfaireachas sláinte i gcomhréir léir an Rialachán seo, go bhfuil tinneas inaitheanta nó éifeacht dhíobhálach sláinte ar fhostaí, i dtuairim an chleachtóra chláraithe leighis, a tharla mar thoradh ar bheith faoi lé tonnchrith meicniúil ag an obair, cuirfidh an cleachtóir leighis in iúl—

(*a*) don fhostaí an tuairim agus na cúiseanna leis an tuairim sin, agus

(*b*) don fhostóir an tuairim ach ní na cúiseanna.

(6) I gcur in iúl na tuairime don fhostaí de réir mar a leagtar amach i mír (5), ní foláir don chleachtóir faisnéis agus comhairle a sholáthar i ndáil leis an bhfaireachas sláinte a chaithfidh an fostaí a fháil ag deireadh an nochta.

(7) Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas, i gcás go bhfaightear amach mar thoradh ar fhaireachas sláinte i gcomhréir leis an Rialachán seo go bhfuil tinneas nó éifeacht dhíobhálach sláinte ar fhostaí, i dtuairim cleachtóra chláraithe leighis, ar tinneas nó éifeacht dhíobhálach sláinte é a tharla mar thoradh ar bheith faoi lé tonnchrith meicniúil ag an—

(*a*) athbhreithniú ar an measúnú baoil a rinneadh faoi Rialachán 136,

(*b*) athbhreithniú ar na bearta arna soláthar d'fhonn an riosca faoi Rialacháin 137 agus 138 a dhíchur nó a laghdú,

(*c*) an chomhairle ón gcleachtóir cláraithe leighis nó ó dhuine inniúil eile a chur i gcuntas, i bhfeidhmiú aon bheart a éilítear d'fhonn riosca a dhíchur nó a laghdú i gcomhréir le Rialacháin 137 agus 138, lena n-áirítear an fhéidearthacht obair eile a shannadh don fhostaí i gceist ar obair í a chiallódh nach mbeadh an fostaí nochta a thuileadh,

(*d*) faireachas leanúnach sláinte a eagrú agus athbhreithniú a sholáthar ar stádas sláinte aon fhostaí a bhí nochta ar an gcumas chéanna, agus

(*e*) moltaí cleachtóra chláraithe leighis nó duine inniúil eile a chur i gcuntas i ndáil le scrúdú dochtúra breise.

(8) I gcás go scorfaidh gnóthas de thrádáil, áiritheoidh fostóir go gcuirfear taifid sláinte ar fáil don Údarás.

*Díolúintí.*

142. (1) Faoi réir mhíreanna (3) agus (4), féadfaidh an tÚdarás, trí theastas i scríbhinn, duine nó aicme daoine, a dhíolúnú ó Rialachán 139 i gcoinníollacha a bhfuil bonn cuí leo i ndáil le tonnchrith coirp uile i gcás iompair ar muir nó i gcás iompar aeir, i gcás nach gceadaíonn an dul chun cinn teicniúil is déanaí agus coinníollacha sonracha na láithreach oibre comhlíonadh an luacha uasta nochta d'ainneoin na mbeart teicniúil agus eagrúcháin a glacadh.

(2) Faoi réir mhíreanna (3) agus (4), féadfaidh an tÚdarás, trí theastas i scríbhinn, duine nó aicme daoine, a dhíolúnú ó Rialachán 139 i gcás go mbíonn an nochtadh a fhaigheann an fostaí don tonnchrith meicniúil faoi bhun an luacha uasta nochta de ghnáth ach a n-athraíonn an luach sin go mór ó am go chéile agus go bhféadfadh sé uaireanta an luach uasta nochta a shárú, ar an gcoinníoll—

(*a*) arb ionann an nochtadh do thonnchrithe meicniúil i seachtain amháin, ar ríomhadh a mheán thar 40 uair, níos ísle ná an luach uasta nochta, agus

(*b*) go bhfuil fianaise ann a léiríonn go bhfuil an riosca ón bpátrún iarbhír de nochtadh níos ísle ná an riosca comhfhreagrach ó bheith nochta ar bhonn leanúnach don luach uasta nochta.

(3) Ní thabharfaidh an tÚdarás aon dhíolúintí faoin Rialachán seo ach amháin—

(*a*) má théann an tÚdarás i gcomhairle leis na fostóirí agus na fostaithe i gceist nó lena n-ionadaithe, nó leo araon,

(*b*) má chuireann sé coinníollacha leis an díolúine sin, ag cur i gcuntas na coinníollacha speisialta, lena chinntiú go ndéanfar íoslaghdú ar na rioscaí a eascródh as, agus

(*c*) má tá faireach sláinte iomchuí ar fáil do na fostaithe i gceist.

(4) Déanfaidh an tÚdarás aon díolúine a cheadóidh sé faoin Rialachán seo—

(*a*) a athbhreithniú ar a laghad uair gach ceithre bliana, agus

(*b*) a aisghairm, trí theastas i scríbhinn, ag am ar bith a luaithe is nach bhfuil na coinníollacha ba bhun leis ar fáil a thuilleadh.

## CUID 6

## Grúpaí Leochaileacha Ardbhaoil

### Caibidil 1

### *Cosaint Leanaí agus Daoine Óga*

*Léiriú do Chaibidil 1.*

143. Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn "leanbh" duine atá ina c(*h*)ónaí sa Stát atá faoi bhun 16 bliana d'aois;

ciallaíonn "obair oíche"—

(*a*) i gcás linbh, aon obair idir 8 i.n. ar lá amháin agus 8 r.n. an lá dá éis, agus

(*b*) i gcás duine óig, na huaireanta a luaitear i mír (*b*) d'alt 6(1) den Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996 (Uimh. 16 de 1996), arna cháiliú ag an alt seo agus ailt 7 agus 8 den Acht sin;

ciallaíonn "measúnú baoil " an measúnú ar riosca dá dtagraíteá ia Rialachán 144;

ciallaíonn "duine óg" duine a bhfuil 16 bliana d'aois bainte amach aige/aici ach atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.

*Measúnú baoil.*

144. Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) measúnú baoil roimh leanbh nó duine óg a fhostú agus i gcás go ndéanfar athrú mór ar an áit oibre a bhféadfadh athrú a bheith aige ar shábháilteacht nó sláinte an linbh nó an duine óig sin,

(*b*) gan dochar d'fhorálacha alt 19 den Acht, measúnú a dhéanamh ar aon riosca do shábháilteacht nó do shláinte linbh nó duine óig agus aon riosca sonrach dá sábnháilteacht, sláinte agus forbairt a eascródh ó na nithe seo a leanas—

(i) a (*h*)easpa taithí, easnamh feasachta ar rioscaí poitéinsiúla atá ann cheana féin nó easpa aibíochta,

(ii) aon ghníomhaíocht oibre ar dócha a mbeadh riosca ag baint les ó thaobh bheith faoi lé díobhálach oibreáin fhisiceacha, bhitheolaíocha agus cheimiceacha a sonraítear i gCuid A de Sceideal 7, agus

(iii) na próisis agus an obair a sonraítear i gCuid B de Sceideal 7,

agus na bearta riachtanacha coisctheacha agus cosantacha a ghlacadh,

(*c*) na nithe seo a leanas a chur i gcuntas agus measúnú baoil á dhéanamh:

(i) feistiú agus leagan amach na láithreach oibre agus an stáisiúin oibre,

(ii) cineál agus fairsinge aon oibreáin fhisicigh, cheimicigh nó bhitheolaíoch ag an obair, agus a mhéid a bheadh duine faoina lé sin,

(iii) foirm, raon agus úsáid an trealaimh oibre, go háirithe oibreáin, meaisíní, gaireas agus fearais, agus an chaoi a láimhsítear iad,

(iv) eagrú na bpróiseas oibre agus na n-oibríochtaí oibre ar an áit oibre agus an chaoi a bhféadfadh siad seo a bheith eagraithe i gcomhar lena chéile d'fhonn an obair a dhéanamh, agus

(v) oiliúint, teagasc agus leibhéal na maoirseachta arna soláthar do leanbh nó do dhuine óg ar an áit oibre,

(*d*) alt 18 den Acht a chur i gcuntas agus bearta cosantacha agus coisctheacha á nglacadh i gcomhréir le mír (*a*) agus i ndáil le pleanáil le haghaidh na mbeart agus á bhfeidhmiú d'fhonn monatóireachta agus cosaint a dhéanamh ar shábháilteacht agus sláinte linbh nó duine óig,

(*e*) gan dochar d'fhorálacha alt 9 den Acht, leanbh nó duine óg a chur ar an eolas faoi aon riosca aitheanta i gcomhréir le mír (*a*) agus faoi bhearta coisctheacha agus cosantacha a glacadh agus, i gcás linbh, tuismitheoir nó caomhnóir an linbh sin a chur ar an eolas faoin riosca agus faoi na bearta coisctheacha agus cosantacha sin.

*Imthosca a choisceann fostaíocht linbh nó duine óig.*

145. Ní fhostóidh fostóir leanbh ná duine óg i gcás go léireoidh measúnú baoil go mbeadh i gceist leis an obair—

(*a*) go bhfuil sí thar chumas fisiceach nó síceolaíoch an linbh nó an duine óige i gceist,

(*b*) a bheith faoi lé oibreáin dhíobhálacha atá tocsaineach, carcanaigineach, ar oibreáin iad a chúisíonn díobháil ghéiniteach, nó ar oibreáin iad a dhéanann díobháil don leanbh sa bhroinn nó a

bheadh díobhálach go hainsealach do shláinte an duine ar aon bhealach eile,

(*c*) a bheith faoi lé radaíochta díobhálaí,

(*d*) go bhfuil rioscaí timpistí ann ar féidir glacadh leis nach n-aithneodh an leanbh nó an duine óg iad agus nach bhféadfaidís iad a sheachaint mar gheall ar aird neamhleor i leith sábháilteachta nó easpa taithí nó oiliúna, nó

(*e*) go bhfuil riosca ann don tsláinte ó bheith faoi lé teocht fhoircneach nó fuacht foircneach nó faoi lé torainn nó tonnchreatha.

*Faireachas sláinte.*

146. Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) i gcás go léireoidh measúnú baoil go bhfuil riosca ann do shábháilteacht nó sláinte nó d’fhorbairt fhisiceach nó mheabhrach linbh nó duine óige, fairseachas sláinte a chur ar fáil i gcomhréir le halt 22 den Acht,

(*b*) measúnú sláinte ar a s(*h*)láine agus a c(*h*)umais a chur ar fáil saor in aisce don leanbh nó duine óg sula sannfaí obair oíche dóibh agus ag idirthréimhsí rialta dá éis, agus

(*c*) torthaí aon fhaireachais sláinte nó aon mheasúnú sláinte a chur in iúl don leanbh nó duine óg i gcomhréir le míreanna (*a*) nó (*b*) agus, i gcás linbh, torthaí aon fhaireachais sláinte nó aon mheasúnaithe sláinte a chur in iúl don tuismitheoir nó don chaomhnóir.

## Caibidil 2

### *Cosaint Fostaithe Torracha, Iarbhreithe agus atá i mbun Beathú Cíche*

*Léiriú do Chaibidil 2.*

147. Sa Chaibidil seo:

áiríonn “oibreán, próiseas nó coinníoll oibre” an t-oibreán, an próiseas nó an choinníoll, a bhfuil liostaí díobh i gCuid A de Sceideal 8;

ciallaíonn “fostaí” fostaí torrach, fostaí atá i mbun beathú cíche nó fostaí iarbhreithe;

ciallaíonn “fostaí atá i mbun beathú cíche” fostaí a thug leanbh ar an saol laistigh de thréimhse nach nó ná 26 seachtain roimhe sin, agus atá i mbun beathú cíche;

ciallaíonn “fostaí iarbhreithe” fostaí a thug leanbh ar an saol laistigh de thréimhse nach mó ná 14 seachtaine roimh an dáta ábhartha;

ciallaíonn “fostaí torrach” fostaí atá ag iompar clainne.

*Feidhm Chaibidil 2.*

148. (1) Tá feidhm ag an gCaibidil seo i leith fostaí faoi réir na nithe seo a leanas—

(*a*) gur thug sí fógra dá fostóir i leith a reachta a luaithe agus ab fhéidir nuair a tharla sé, agus

(*b*) gur thug sí teastas dá fostóir nó gur chuir teastas ar fáil dá fostóir i ndáil le scrúdú dochtúra ag dearbhú a reachta, nuair a bhí an fógra á thabhairt aici.

(2) Níl feidhm ag Alt 6(2) den Acht i leith fheidhmiú na Caibidile seo.

*Measúnú baoil.*

149. Gan dochar d'alt 19 den Acht, déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) measúnú ar an riosca do shábháilteacht agus sláinte fostaithe agus aon éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ar thoircheas, ar chothú cíche a bheadh ar bun ag fostaithe, ar riosca é a eascródh ó aon ghníomhaíocht ag áit oibre an fhostóra ar dócha go mbeadh sé i gceist leis go mbeadh an fostaí faoi lé aon oibreáin, aon phróisí nó aon choinníollach oibre dá dtagraítear i gCuid A de Sceideal 8, agus chun na críche sin, a chinneadh cad é—

(i) cineál,

(ii) fairsinge agus

(iii) fad

a mhéid a bheadh aon fhostaí faoi lé oibreáin, próisis nó coinníollacha oibre;

(*b*) na bearta riachtanacha coisctheacha agus cosantacha a ghlacadh chun sábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe sin a chinntiú agus aon éifeacht fhéideartha ar an toircheas nó an beathú cíche sin a sheachaint; agus

(*c*) gan dochar do mhír (*a*) agus do na forálacha reachtúla iomchuí maidir le hoibreáin cheimiceacha agus do huasteorainneacha bheith faoina lé ag an obair arna leagan síos in aon chos cleachtas faofa—

(i) measúnú a dhéanamh ar aon riosca do shábháilteacht nó sláinte a d'eascródh ó fhostaí torrach a bheith faoi lé oibreáin nó coinníollach oire dá liostáiltear i gCuid B de Sceideal 8 a tharlódh de thoradh aon ghníomhaíochta ag áit oibre an fhostóra sin,

(ii) measúnú ar aon riosca sábháilteachta agus sláinte is dócha a eascródh ón bhfostaí atá i mbun beathú cíche a bheith faoi lé oibreáin nó coinníollach oibre dá liostáiltear i gCuid C de

Sceideal 8 a tharlódh de thoradh aon ghníomhaíochta ag áit oibre an fhostóra sin, agus

(iii) féachaint chuige nach n-éileofaí ar an bhfostaí sin dualgais a chomhlíonadh ar léirigh an measúnú baoil a mbeadh an riosca sin ag baint leo.

*Bearta cosanta nó coisctheacha.*

150. Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) i gcás—

(i) gur léirigh measúnú baoil a rinneadh faoi Rialachán 149 go bhfuil riosca ann do shábháilteacht nó sláinte fostaí, nó aon éifeacht dhíobhálach ar thoircheas nó ar bheathú cíche a bheadh ar bun ag an bhfostaí, agus

(ii) nach bhfuil sé indéanta sábháilteacht nó sláinte an fhostaí sin a chinntiú trí bhearta cosantacha nó coisctheacha,

coinníollacha oibre nó uaireanta oibre an fhostaí i gceist a athrú go sealadach, nó an dá bheart araon a ghlacadh, ionas nach mbeadh an fostaí faoi lé an riosca sin nó ionas go bhféadfaí an riosca sin a sheachain, agus

(*b*) i gcásanna go bhfuil sé i gceist na coinníollacha oibre nó na huaireanta, nó iad araon, a athrú, ar coinníollacha oibre nó uaireanta oibre iad dá dtagraítear i mír (*a*)—

(i) agus nach bhfuil sé indéanta go teicniúil nó go hoibiachtúil sin a dhéanamh, nó go teicniúil agus go hoibiachtúil nó

(ii) nach féidir é a éileamh ar fhorais chuí-réasúnaithe,

aon bheart riachtanach a ghlacadh chun obair eile a sholáthar don ar obair í nach bhfuil riosca ag baint léi do shábháilteacht nó sláinte an toirchis nó an bheathaithe chíche atá ar bun ag an bhfostaí, nó aon éifeacht dhíobhálach fhéideartha.

*Obair oíche.*

151. (1) Sa Rialachán seo ciallaíonn “obair oíche” obair sa tréimhse idir 11 i.n. ar aon lá amháin agus 6 r.n. ar an lá dá éis i gcás—

(*a*) gur oibrigh fostaí ar a laghad 3 huaire sa tréimhse sin mar is gnách, nó

(*b*) go ndearna an fostaí ar laghad 25 faoin gcéad dá (*h*)am míosúil oibre sa tréimhse sin.

(2) Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) i gcás go léireoidh teastas ó chleachtóir cláraithe leighis go bhfuil gá, ar mhaithe le sábháilteacht nó sláinte an fhostaí, nach n-éileofaí uirthi

obair oíche a dhéanamh le linn an toirchis i rith an 14 seachtain tar éis bhreith an linbh, ní éileoidh an fostóir uirthi obair oíche a dhéanamh i rith na tréimhse sin, agus

(*b*) i gcás a bhaineann le fomhír (*a*)—

(i) an fostaí a aistriú chuig obair lae, nó

(ii) agus i gcás nach bhfuil an t-aistriú sin indéanta go teicniúil nó go hoibiachtúil ar fhorais chuí-réasúnaithe, nó iad araon, cead a thabhairt don fhostaí saoire a ghlacadh nó síneadh a chur leis an tsaoire mháithreachais.

*Faisnéis.*

152. Glacfaidh fostóir, gan dochar d'fhorálacha alt 9 den Acht, na céimeanna iomchuí chun féachaint chuige go gcuirfear faisnéis ar fáil d'fhostaithe nó a n-ionadaithe, nó dóibh araon, i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(*a*) torthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear i Rialachán 149, agus

(*b*) na bearta atá le glacadh i ndáil le sábháilteacht agus sláinte fostaithe de bhun na Caibidle seo.

Caibidil 3

*Obair Oíche agus Sealobair*

*Léiriú do Chaibidil 3.*

153. Sa Chaibidil seo:

ciallaíonn "Acht 1997" an tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 (Uimh.20 de 1997);

tá an chiall chéanna ag "obair oíche" agus "oibrí oibre " is atá in Acht 1997;

tá an chiall chéanna ag "sealobair" agus "sealoibrí" is atá in Acht 1997.

*Feidhm Chaibidil 3.*

154. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo i ndáil le—

(*a*) fostaí agus fostóir a bhfuil feidhm ag Acht 1997 ina leith, agus

(*b*) duine féinfhostaithe.

*Measúnú baoil le haghaidh obair oíche.*

155. Chun críche alt 16(2)(*a*) d'Acht 1997, déanfaidh fostóir measúnú baoil, i gcomhlíonadh alt 19 den Acht, agus na nithe seo a leanas á gcur i gcuntas aige/aici—

(*a*) éifeachtaí agus guaiseacha sonraí na hoibre oíche, agus

(*b*) na rioscaí do shábháilteacht agus sláinte an fhostaí i gceist a bheadh ag baint leis an obair a bheadh ar bun ag oibrí oíche,

d'fhonn a chinneadh cibé acu an bhfuil guaiseacha speisialta nó ualach trom fisiceach nó meabhrach ag haint leis an obair nó nach bhfuil.

*Bearta cosanta nó coisctheacha maidir le hoibrithe oíche agus le sealoibrithe.*

156. Ag cur i gcuntas an riosca measúnaithe faoin Rialachán 155, déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) na céimeanna iomchuí ghlacadh, le haird ar chineál na hoibre i gceist, chun sábháilteacht agus sláinte oibrí oíche nó fostaí atá ina s(*h*)ealoibrí a chosaint, agus

(*b*) i nglacadh na gcéimeanna i gcomhlíonadh alt 18 den Acht, féachaint do dhualgas an fhostóra faoi mhír (*a*).

*Measúnú sláinte agus aistriú chuig obair lae.*

157. (1) Déanfaidh fostóir,

(*a*) sula bhfostóidh sé/sí duine mar oibrí oíche, agus

(*b*) ag idirthréimhsí rialta le linn na tréimhse a bhfuil an duine fostaithe ina (*h*)oibrí oíche,

measúnú a sholáthar don duine sin, saor in aisce, trí chleachtóir cláraithe leighis, i ndáil le haon éifeachtaí díobhálacha a bheadh ag an obair oíche ar shláinte an oibrí oíche.

(2) I n-urscaoileadh an dualgais faoi mhír (1)—

(*a*) féadfaidh an fostóir aon teidlíocht do mheasúnú dá dtagraítear sa mhír sin, ar teidlíocht í a sholáthraíonn an Stát, a chur i gcuntas, agus

(*b*) éascóidh an fostóir go bhfreastalódh an t-oibrí oíche ar an measúnú is gá.

(3) I gcás an duine a dhéanfaidh an measúnú dá dtagraítear i mír (1)—

(*a*) féachfaidh sé/sí le brath an bhfuil éifeacht dhíobhálach ar shláinte an fhostaí i gceist toisc go bhfuil an fostaí sin i mbun obair oíche, agus

(*b*) cuirfidh sé/sí an fostóir agus an fostaí ar an eolas, ar chríochnú an mheasúnaithe—

(i) i ndáil le tuairim an duine a dhéanfaidh an measúnú ar cibé an fostaí i gceist ábalta nó neamhábalta an obair oíche sin a dhéanamh, agus

(ii) i gcás gurb í an tuairim go bhfuil an fostaí neamhábalta obair oíche a dhéanamh toisc coinníollach áirithe a ndéantar an obair fúithi, molfaidh sé/sí athruithe ar na coinníollacha sin ionas go mbeidh an fostaí ábalta an obair oíche a dhéanamh.

(4) Ní nochtfaidh cleachtóir cláraithe leighis ná duine ag feidhmiú faoina m(*h*)aoirseacht—

(*a*) sonraí cliniciúla an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír (1) d'aon duine seachas don fhostaí i gceist nó do dhuine ainmnithe faoi alt 63 den Acht, nó

(*b*) tuairim an chleachtóra chláraithe leighis i leith an mheasúnaithe sin d'aon duine seachas don fhostaí agus don fhostóir i gceist.

(5) I gcás—

(*a*) go n-éireoidh fostaí tinn nó go léireoidh sé/sí ar shlí eile siomptóim de dhrochshláinte, agus

(*b*) go n-aithneofar go bhfuil an tinneas nó na siomptóim sin gaolta le go ndéanann an —oibrí oíche obair oíche,

déanfaidh fostóir, aon uair is indéanta, dualgais a shannadh don fhostaí nach bhfuil aon obair oíche i gceist leo agus ar obair í a bheadh feiliúnach don fhostaí.

## CUID 7

### Comharthaí Sábháilteachta agus Garchabhair

### Caibidil 1

### *Comharthaí Sábháilteachta in Áiteanna oibre*

*Léiriú do Chaibidil 1.*

158. Sa Chaibidil seo:

ciallaíonn "comhartha fuaimiúil" comhartha fuaime códaithe a scaoiltear agus a tharchuirtear trí ghléas arna dhearadh chuige sin, gan úsáid a bhaint as gut an duine nó as guth saorga;

ciallaíonn "comhartha bealaí éigeandála nó comhartha garchabhrach" comhartha a tugann faisnéis i ndáil le bealach amach éigeandála nó saoráidí garchabhrach nó tarrthála;

ciallaíonn "comhartha láimhe" gluaiseacht, suíomh, nó gluaiseacht agus suíomh, ghéag na láimhe, na lámh, nó iad araon, i bhfoirm chódaithe, chun daoine a threorú atá i mbun inlíochtaí ar guais nó contúirt iad do dhaoine ag na obair;

ciallaíonn "comhartha soilsithe" comhartha arna tháirgeadh ag gléas déanta as ábhair thrédhearcacha nó thréshoilseacha a ndéantar iad a shoilsiú ón taobh isteach nó ón cúl ar bhealach a thugann cuma lonrach don dromchla;

ciallaíonn "comhartha faisnéise" comhartha a sholáthraíonn faisnéis seachas an fhaisnéis dá dtagraítear i gcomharthaí toirmisc, rabhaidh, éigeantacha nó bealaí éalaithe nó comharthaí garchabhrach;

ciallaíonn "comhartha éigeantach" comhartha a éilíonn iompraíocht ar leith;

ciallaíonn "comhartha toirmisc" comhartha a thoirmisceann iompraíocht is dócha a thabhódh nó a chúiseodh contúirt;

ciallaíonn "dath sábháilteachta" datha a bhfuil ciall ar leith sannta dó;

ciallaíonn "comharthaí sábháilteachta nó sláinte" comharthaí a thagraíonn do rud, gníomhaíochta nó cás ar leith agus soláthraíonn siad faisnéis nó treoracha faoi shábháilteacht, sláinte, nó iad araon, ag ann obair trí chlár comharthaí, dath, comhartha soilsithe, comhartha fuaimiúil, cumarsáid bhriathartha nó comhartha láimhe;

ciallaíonn "clár comhartha forlíontach" clár comharthaí a úsáidtear maille le ceann de na comharthaí atá faoi raon an tsainmhínithe le haghaidh "clár comharthaí" agus a thugann faisnéise fhorlíontach, lena n-áirítear, más iomchuí, faisnéis i scríbhinn;

ciallaíonn "clár comharthaí" comhartha a chuireann faisnéis nó treoracha sonracha ar fail trí chruth geoiméadrach a úsáid maille le dathanna, agus siombail nó picteagram, gan focail scríofa, atá le feiceáil trí mheán soilsithe den déine leordhóthanach;

ciallaíonn "clár comharthaí forlíontach" clár comharthaí a úsáidtear maille le ceann den a comharthaí atá cuimsithe i raon an tsainmhínithe le haghaidh means "clár comharthaí" agus a thugann faisnéis fhorlíontach, lena n-áirítear, más iomchuí, faisnéis i scríbhinn;

ciallaíonn "siombail nó picteagram" fíor a chuireann síos ar chás áirithe nó a éilíonn iompraíocht ar leith agus a úsáidtear ar chlár comharthaí nó ar dhromchla soilsithe;

ciallaíonn "cumarsáid bhriathartha" teachtaireacht labhartha a chuireann guth an duine nó guth saorga in iúl;

ciallaíonn "comhartha rabhaidh" comhartha a thugann rabhadh faoi ghuais nó faoi riosca.

*Feidhm Chaibidil 1.*

159. (1) Faoi réir mhíreanna (2) agus (3) den Rialachán agus de Rialachán 160(2), beidh feidhm ag an gCaibidil seo i leith gach láithreach oibre.

(2) Níl feidhm ag an gCaibidil seo i leith comharthaí a úsáidtear chun substaintí agus ullmhóidí, táirigí nó trealamh contúirteacha a chur ar an margadh, ach acmhainn sa mhéid a dtagródh aon achtanachán eile a bhaineann le húsáid na gcomharthaí sin leis na Rialacháin seo.

(3) Faoi réir Rialachán 160(1)(*d*), níl feidhm ag an gCaibidil seo i leith comharthaí a úsáidtear chun rialú a dhéanamh ar iompar ar bhóithre, ar uiscebhealaí intíre, ar iompar ar muir agus ar aeriompar.

(4) Ní dhéanann an Chaibidil seo dochar d'ailt 8 go 11, 13, 14, 18 go 23 agus 25 go 31 den Acht.

*Soláthar comharthaí sábháilteachta.*

160. (1) Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) comharthaí sábháilteachta nó sláinte, nó sábháilteachta agus sláinte, a sholáthar ar an áit oibre i gcás nach féidir guaiseacha a sheachaint agus nó a laghdú go leordhóthanach trí theicníní, modhanna nó gnáthaimh le haghaidh bearta comhchoiteanna cosantacha a úsáidtear in eagrúchán na hoibre,

(*b*) a chinntiú go mbeidh na comharthaí sin in áit,

(*c*) le haird ar an measúnú baoil a rinneadh faoi alt 19 den Acht agus faoin ráiteas sábháilteachta a ullmhaíodh faoi alt 20 den Acht i gcinneadh cibé acu ar chóir comhartha a sholáthar faoi mhír (*a*) nó nár cóir,

(*d*) an comhartha iomchuí a úsáid, ar comhartha é arna fhorordú faoi aon achtachán a rialaíonn iompar nó gluaiseacht tráchta a bhfuil iompar ar bhóithre, ar iarnród, ar uiscebhealach intíre, ar muir nó san aeir i gceist leis, i ndáil le riosca, agus i gcás na gcineálacha iompair sin—

(i) go bhfuil siad i gceist ar an áit oibre, agus

(ii) go n-eascródh riosca do shábháilteacht agus sláinte aon fhostaí astu, agus

(*e*) féachaint chuige go gcomhlíonfaidh an comhartha sábháilteachta agus sláinte sin Sceideal 9.

(2) I gcás go raibh clár comharthaí in áit roimh thosach feidhme na Rialachán seo, nach clár comharthaí é arna shainiú i Rialachán 158, ar an aon-ábhar go bhfuil focal nó focail san áireamh ann, fágfaidh an fostóir an clár comharthaí sin in áit go dtí 1 Eanáir 2011.

*Faisnéis agus treoir d'fhostaithe.*

161. Gan dochar d'ailt 9 agus 10 den Acht, déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) faisnéis a sholáthar d'fhostaithe an fhostóra nó a n-ionadaithe, nó dóibh araon, i ndáil le bearta atá le glacadh maidir le comharthaí sábháilteachta nó sláinte a úsáidtear ag an obair, go háirithe comharthaí ar a bhfuil focail agus maidir leis an iompraíocht ghinearálta agus shonrach is gá a ghlacadh i ndáil leis na comharthaí sin, agus

(*b*) tabharfaidh treoir oiriúnach d'fhostaithe an fhostóra, go háirithe i bhfoirm treoracha sonracha a bhaineann le comharthaí sábháilteachta agus sláinte a úsáidtear ag an obair, a chaithfidh ciall na gcomharthaí a bheith san áireamh orthu.

*Cosc ar fhaisnéis neamhúdaraithe ar chomharthaí*

162. Áiritheoidh fostóir nach n-áireoidh comharthaí ag an obair atá ar taispeáint chun críche na Caibidle seo faisnéis ach amháin an fhaisnéis arna údarás ag an gCaibidil seo.

Caibidil 2

*Garchabhair*

*Léiriú do Chaibidil 2.*

163. Sa Chaibidil seo:

ciallaíonn "garchabhair"—

(*a*) i gcás go bhfuil gá ag duine le cóireáil ó chleachtóir cláraithe leighis nó alta cláraithe ginearálta, cóireáil chun an saol a chaomhnú nó íoslaghdú ar iarmhairtí gortaithe nó tinnis go dtí go bhfaighidh an duine sin seirbhísí cleachtóra nó altar, nó

(*b*) i gcás mionghortaithe nach mbeidh cóireáil ag teastáil tó ar shlí eile nó nach bhfuil gá le cóireáil ó chleachtóir cláraithe leighis nó ó altra cláraithe ginearálta, cóireáil ar an mionghorthú sin;

ciallaíonn "garchabhraí gairme" duine a oileadh agus atá cáilithe sa gharchabhair gairme.

*Feidhm Chaibidil 2.*

164. (1) Faoi réir mhír (2), beidh feidhm ag an gCaibidil seo i leith gach láithreach oibre.

(2) Níl feidhm ag Rialachán 166 leis na áiteanna oibre seo a leanas:

(*a*) cóir iompair lasmuigh den ghnóthas nó áit oibre laistigh den chóir oibre;

(*b*) bád iascaireachta;

(*c*) páirc, coill, nó talamh atá ina chuid de ghnóthas talmhaíochta nó foraoiseacha atá scoite amach ó fhoirgnimh an ghnóthais.

*Soláthar garchabhrach.*

165. (1) Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) trealamh garchabhrach atá marcáilte go cuí agus éasca rochtain a fháil air a sholáthar, de réir mar is leordhóthanach agus is iomchuí sna coinníollacha le gur féidir garchabhair a thabhairt do dhaoine ag gach láthair áit a n-éileodh na coinníollacha oibre é, ag áit oibre faoi rialú an fhostóra,

(*b*) ar gach áit oibre faoi rialú an fhostóra roinnt garchabhraithe a ainmniú de réir mar is gá chun garchabhair a thabhairt ag an áit oibre i gceist,

(*c*) a chinntiú go bhfuil an líon garchabhraithe gairme, a gcuid oiliúna agus an trealamh ar fáil dóibh leordhóthanach, ag cur i gcuntas toise nó guaiseacha gach láithreach oibre sin, nó an toise agus na guaiseacha araon, agus

(*d*) féachaint chuige—

(i) go gcuirfear san áireamh sa ráiteas sábháilteachta sonraí na socruithe a rinneadh sa soláthar garchabhrach, lena n-áirítear garchabhaithe gairme agus suíomh na seomraí garchabhrach, an trealaimh gharchabhrach agus na saoráidí garchabhrach, agus

(ii) go mbeidh ainmneacha, seoltaí agus uimhreacha teileafóin na seirbhísí éigeandála áitiúla ar taispeáint go soiléir ag gach áit oibre.

(2) I gcás go mbeadh garchabhraí gairme dá bhforáiltear faoi mhír (1)(*b*) as láthair i gcúinsí sealadacha agus eisceachtúla, beidh sé ina chomhlíonadh leor ann féin den mhír má ainmníonn an fostóir duine, nó má fhéachann an fostóir chuig go n-ainmneofar duine, chun bheith i bhfeighil an duine ghortaithe nó thinn.

*Seomraí garchabhrach.*

166. Soláthróidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) seomra amháin nó, más iomchuí, líon níos mó seomraí ar gach áit oibre faoi rialú an fhostóra i gcás go n-éileodh méid an ghnóthais, an cineál agus scála na gníomhaíochta atá ar bun an agus minicíocht timpistí amhlaidh, gan dochar do—

(i) Rialachán 165(1)(*a*), agus

(ii) ceanglais reachta i bhforálacha reachtúla iomchuí i ndáil le seomraí garchabhrach, agus

(*b*) féachaint chuige go mbeidh gach seomra garchabhrach a sholáthrófar faoi mhír (*a*) feistithe leis an trealamh agus na saoráidí garchabhrach atá riachtanach agus go mbeidh sé inrochtana do shínteáin.

## CUID 8

### Atmaisféir Phléascacha in Áiteanna oibre

*Léiriú do Chuid 8*

167. Sa Chuid seo:

ciallaíonn "ADR"—

(*a*) an Comhaontú Eorpach maidir le hiompar idirnáisiúnta earraí contúirteacha de bhóthar,

(*b*) an prótacal sínithe, arna dhéanamh sa Ghinéiv ar an 30 Meán Fómhair 1957,

(*c*) leasú an phrótacail a ghabhann leis an gcomhaontú sin arna ghlacadh sa Ghinéiv ar an 28 Deireadh Fómhair 1993, agus

(*d*) Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an ADR dá dtagraítear in Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Treoir Uimh.94/55/CE ón gComhairle den 21 Samhain 1994 arna leasú;

forléireofar "doiciméad maidir le cosaint ó phléasc" de réir Rialachán 169;

ciallaíonn "guais" airí físí-cheimiceach nó ceimiceach de shubstaint a bhfuil an poitéinseal aige a bheith ina chúis le dóiteán, le pléasc, nó le himeachtaí eile a d'fhéadfadh eascairt ó éifeachtaí fisiceacha de chineál atá comhchosúil leosan ar féidir le dóiteán a bheith ina gcúis leo, a mbeadh tionchar acu ar shábháilteacht an duine, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

ciallaíonn "baol" an dóchúlacht go mbeadh tionchar ag éifeachtaí fisiceacha díobhálacha ar shábháilteacht an duine a tharlódh dó nó di de barr dóiteáin, pléasctha nó a eascródh ó airíonna guaiseacha eile substainte a bhaineann leis an obair;

folaíonn "substaint" aon substaint nádúrtha nó shaorga, bíodh an tsubstaint sin ina substaint sholadach nó leachtach nó ina ghás nó ina gal;

ciallaíonn "áit oibre" aon áitreabh atá ina chuid den áitreabh a úsáidtear le haghaidh oibre nó atá gaolta leis an obair, agus áiríonn sé—

(*a*) aon láthair laistigh den áitreabh a mbeadh rochtain ag duine uirthi fad is atá an duine sin ag obair, agus

(*b*) aon seomra, aon chúrsalann, aon pasáiste, aon staighre, aon bhóthar, nó aon áit eile—

(i) a úsáidtear mar bhealach rochtana nó fágála isteach agus amach ón áit oibre, nó

(ii) i gcás go soláthraítear saoráidí le húsáid a bhaineann leis an áit oibre,

seachas bóthar poiblí.

*Feidhm Chuid 8.*

168. (1) Faoi réir mhír (2), baineann an Chuid seo le áit oibre ar a bhfuil baol poitéinsiúil ann d'fhostaithe ag eascairt as atmaisféar pléascach.

(2) Ní bhaineann an Chuid seo—

(*a*) le limistéir a úsáidtear go díreach le haghaidh chóireáil leighis othar nó lena linn,

(*b*) le húsáid fearas a dhónn breoslaí gásacha i gcomhréir le Treoir 90/396/CEE[3] ón gComhairle den 29 Meitheamh 1990 maidir le comhfhogasú a dhéanamh ar dhlíthe na mBallstát i ndáil le fearais a dhónn breoslaí gásacha arna leasú le Treoir 93/68/CEE[4] ón gComhairle den 22 Iúil 1993,

(*c*) déantús, láimhsiú, úsáid, stóráil agus iompar pléascán nó substaintí ceimiceacha éagobhsaí,

(*d*) tionscail eastósctha mianraí dá dtagraítear sna forálacha reachtúla iomchuí, agus

(*e*) úsáid na modhanna taistil ar tír, ar uisce agus san aer a mbaineann na forálacha iomchuí de na comhaontuithe idirnáisiúnta leo, lena n-áirítear ADR, agus treoracha ón gComhphobal Eorpach a thugann éifeacht do an comhaontuithe sin, ach bheith modhanna iompair eisiata ar modhanna iompair iad atá beartaithe le húsáid in atmaisféar a d'fhéadfadh bheith pléascach.

*Measúnú baoil phléisce agus doiciméad um chosaint ar phléasc.*

169. (1) Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) i gcás go bhfuil atmaisféar pléascach ann nó gur dócha go mbeadh sé ann, nó a d'fhéadfadh bheith ann ó am go cheile, measúnú oiriúnach iomchuí a dhéanamh ar an mbaol a d'eascródh ón atmaisféar pléascach sin do na fostaithe i gceist le haird ar gach coinníoll,

(*b*) aird a bheith aige/aici, agus é/í ag déanamh an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír (*a*), ar na nithe seo a leanas—

(i) an dóchúlacht go dtarlódh atmaisféir phléascacha agus marthanacha na n-atmaisféar sin,

(ii) an dóchúlacht go mbeadh foinsí adhainte ann, lena n-áirítear díluchtú leictreastatach agus go n-éireodh na foinsí adhainte sin gníomhach agus éifeachtach,

(iii) na suiteálacha, na substaintí a úsáidtear, na próisis oibre agus an t-idirghníomhú féideartha eatarthu,

[3] I.O. Uimh. L 196, 26.7.1990, lch15
[4] I.O. Uimh. L 220, 30.8.1993, lch1

(iv) scála na n-éifeachtaí réamh-mheasta,

(v) aon áiteanna atá nó a d'fhéadfadh bheith ceangailte trí mheán oscailtí le háiteanna ina bhfuil atmaisféir phléascacha, agus

(vi) an fhaisnéis bhreis sábháilteachta a mbeadh gá ag an bhfostóir léi d'fhonn measúnú a chur i gcrích.

(2) Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas tar éis dó/di an measúnú a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo—

(*a*) doiciméad a ullmhú maidir le cosaint ó phléasc, a luaithe is indéanta agus roimh thosach na hoibre,

(*b*) leasú a dhéanamh ar an doiciméad más gá má athraítear go suntasach an áit oibre, an trealamh oibre nó eagrúchán na hoibre, má chuirtear síneadh leo nó má dhéantar athchóiriú mór orthu,

(*c*) an doiciméad sin, nó tagairt dó, a chur san áireamh i ráiteas sábháilteachta an fhostóra agus

(*d*) an doiciméad sin, nó aon leasú air, a chur ar fáil do na fostaithe i gceist.

(3) Sonróidh an fostóir gach ceann díobh seo a leanas sa doiciméad maidir le cosaint ó phléasc—

(*a*) go ndearnadh na baoil phléisce a chinneadh agus a mheas;

(*b*) gur glacadh bearta nó go nglacfar bearta de bhun na Coda seo agus go mbeidh na bearta sin leordhóthanach i ndáil leis an baoil;

(*c*) go ndearnadh áiteanna a aicmiú ina limistéir i gcomhréir le Rialachán 170 agus, i ndáil leis na haicmiúcháin sin, i gcás go bhfuil feidhm ag Sceideal 10;

(*d*) go ndearnadh an áit oibre agus an trealamh oibre, lena n-áirítear na feistí rabhaidh, a dhearadh, a oibriú agus a chothabháil le haird chuí ar shábháilteacht agus, i gcomhréir le Cuid 2, Caibidil 1 agus Cuid 7, Caibidil 1, go ndearnadh socruithe leordhóthanacha le haghaidh úsáid shábháilte an trealaimh oibre;

(*e*) an aidhm le haon chomhordú a éilítear faoi Rialachán 175 agus na bearta agus na gnáthaimh d'fhonn sin a fheidhmiú.

(4) Féadfaidh fostóir, agus doiciméad maidir le cosaint ó phléasc á ullmhú aige/aici, measúnuithe, doiciméid nó tuarascála comhionanna riosca reatha eile a úsáid i gcomhar lena chéile, ar measúnuithe, doiciméid agus tuarascálacha iad a d'ullmhaigh an fostóir, nó a ullmhaíodh ar thar a c(*h*)eann faoi aon achtachán eile.

*Aicmiú áiteanna ina bhféadfadh atmaisféir phléascacha tarlú.*

170. (1) Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) áiteanna i áiteanna oibre a aicmiú ina bhféadfadh atmaisféar pléascach tarlú agus aid a aicmiú ina n-áiteanna guaiseacha nó neamhghuaiseacha i gcomhréir le Cuid A de Sceideal 10,

(*b*) tar éis déanamh amhlaidh, na háiteanna a aicmíodh ina n-áiteanna guaiseacha a aicmiú ina limistéir i gcomhréir le mír 2 den Chuid sin, agus

(*c*) comhartha a chomhlíonann Cuid B de Sceideal 10 a chur ar taispeáint in ionad feiceálach ag bealach isteach nó in aice leis an mbealach isteach in aon áit atá aicmithe ina áit ghuaiseach i gcomhréir le mír (*b*).

(2) Sula n-úsáidfear den chéad uair áit oibre a aicmítear ina láthair ghuaiseach de bhun mhír (1), áiritheoidh fostóir—

(*a*) go ndéanfaidh duine inniúil sábháilteacht fhoriomlán phléisce na láithreach oibre agus na háite atá laistigh den láthair sin a fhíordheimhniú, agus

(*b*) go gcothófar aon choinníoll nó aon choinníollacha atá riachtanach, de bhun na Coda seo, le féachaint chuige go mbeidh cosaint ann ó phléasc.

(3) Baineann an Chuid seo le—

(*a*) háiteanna a aicmítear ina n-áiteanna guaiseacha faoi mhír (1)(*a*), de réir mar a éilítear toisc airíonna na áiteanna oibre, na stáisiún oibre, an trealaimh nó na substaintí ina úsáid ann nó an chontúirt a tharlódh toisc na gníomhaíocha a bhaineann leis na baoil ó atmaisféir phléascacha, agus

(*b*) trealamh in áiteanna neamhghuaiseacha a éilítear le haghaidh oibriú sábháilte trealaimh atá lonnaithe in áiteanna guaiseacha nó a chuidíonn lena oibriú.

*Cosaint ar phléasc.*

171. Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) chun cosc agus cosaint ó phléascanna a sholáthar, bearta teicniúla agus eagrúcháin a ghlacadh atá iomchuí i gcás chineál na hoibríochta agus in ord tosaíochta féachaint chuige, maidir leis na bearta sin—

(i) go ndéanfar

(I) cosc ó fhoirmiú atmaisféar pléascach, nó

(II) i gcás nach gceadóidh cineál na gníomhaíochta é, adhaint atmaisféar pléascach a sheachaint i gcás go bhfeidhmíonn daoine ag an obair nó sa timpeallacht oibre ina n-iompróirí luchta nó ina dtáirgeoirí luchta, agus

(ii) maolú ar éifeachtaí díobhálacha na pléisce d'fhonn sláinte agus sábháilteacht daoine ag an obair a chosaint,

(*b*) más gá, na bearta dá dtagraítear i mír (*a*) a úsáid i gcomhar le bearta i gcoinne leathnú pléisce, nó iad a fhorlíonadh,

(*c*) athbhreithniú ar na bearta roimhe seo go rialta agus i gcás go dtarlódh athruithe suntasacha,

(*d*) na bearta riachtanacha a ghlacadh, i gcomhlíonadh Rialachán 169, le féachaint chuige—

(i) i gcas go bhféadfadh nó gur dóchúil go dtarlódh atmaisféir phléascacha i gcainníochtaí ar dócha a n-eascródh contúirt do shábháilteacht agus sláinte na ndaoine ag an obair uathu, nó do dhaoine eile, go mbeidh an timpeallacht oibre ina timpeallacht inar féidir obair go sábháilte,

(ii) i dtimpeallachtaí oibre ina bhféadfadh atmaisféir phléascacha tarlú i gcainníochtaí a bheadh ina gcontúirt do shábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe—

(I) go mbeidh maoirseacht iomchuí ann ar an fosaithe, agus

(II) go n-áireoidh an mhaoirseacht sin bearta teicniúla,

(iii) aon éalú nó scaoileadh gáis, gala, ceobhrán nó deannach so-adhainte, nó éalú agus scaoileadh araon, a bhféadfadh guaiseacha pléascacha eascairt astu a atreorú go cuí nó a bhogadh chuig áit shábháilte nó, mura bhfuil sin indéanta, ina a dhéanamh slán trí mhodh oiriúnach éigin eile, agus

(iv) má tá roinnt cineálacha éagsúla gás, gal, ceobhrán nó deannach so-adhainte nó indóite in atmaisféar pléascach, nó aon chnuasach díobh seo, go mbeidh bearta cosantacha ina mbearta a bheadh iomchuí don bhaol poitéinsiúil is mó.

*Sábháilteacht ghléasra, trealaimh agus chóras cosantach.*

172. (1) Áiritheoidh fostóir—

(*a*) nach dtabharfar gléasra, trealamh, córais chosantacha agus aon fheiste ceangail bainteach eile isteach i seirbhís má thugann an doiciméad maidir le cosaint ó phléasc gur féidir iad a úsáid go sábháilte in atmaisféar pléascach,

(*b*) go nglacfar na bearta riachtanacha chun mhearbhall a chosc idir na feistí ceangail,

(*c*) go nglacfar gach beart riachtanach le féachaint chuige go mbeidh gach áit oibre, gach trealamh oibre agus aon fheiste ceangail bainteach a chuirfear ar fáil d'fhostaithe—

(i) deartha,

(ii) tógtha,

(iii) curtha le chéile,

(iv) suiteáilte,

(v) cothaithe, agus

(vi) oibrithe,

sa chaoi is—

(I) go n-íoslaghdófar an baol pléisce, agus

(II) i gcás go dtarlódh pléasc rialú nó íoslaghdú a dhéanamh ar leathnú na pléisce laistigh den áit oibre, trealamh oibre, nó laistigh díobh araon,

(*d*) le haghaidh láithreach oibre dá dtagraítear i mír (*c*), go nglacfar bearta iomchuí d'fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar an mbaol d'fhostaithe ó éifeachtaí fisiceacha pléisce,

(*e*) i gcás go léireodh measúnú baoil go mbeadh gá leis—

(i) go mbeidh sé indéanta, i gcás go mbeadh baoil bhreise ag baint le cliseadh cumhachta agus leathnódh an cliseadh cumhachta na baoil sin, trealamh agus córais chosantacha a choinneáil i staid shábháilte oibríochta neamhspleách ar an gcuid eile den tsuiteáil i gcás cliseadh cumhachta,

(ii) cumas sáraithe de láimh a bheith indéanta ag fostaí inniúil d'fhonn an trealamh agus na córais chosantacha ionchorpraithe sna próisis uathoibríocha a mhúchadh, ar trealamh agus córais iad a imíonn ó na coinníollacha oibríochta beartaithe, ar an gcoinníoll nach gcuirfidh siad sábháilteacht i gcontúirt, agus

(iii) ar oibriú an mhúchta éigeandála, go scaipfear fuinneamh chomh gasta agus is féidir nó go ndéanfar fuinneamh a leithlisiú ionas nach mbeidh sé ina ghuais a thuilleadh,

(*f*) mura ndearbhaíonn an doiciméad maidir le cosaint ó phléasc a mhalairt, ar doiciméad é a dréachtaíodh de bhun Rialachán 169(2), roghnófar trealamh agus córais chosantacha le haghaidh áitheanna

ina bhfuil atmaisféir phléascacha ar bhonn na gcatagóirí arna leagan amach i bhforálacha reachtúla iomchuí le húsáid in atmaisféir phléascacha phoitéinsiúla, agus

(*g*) go háirithe, bainfear úsáid as na catagóirí seo a leanas i limistéir arna léiriú in i Sceideal 10, ar an gcoinníoll go bhfuil siad oiriúnach le haghaidh gás, gal, ceobhrán nó deannach, nó aon chnuasach díobh, mar is iomchuí—

(i) i limistéar 0 nó limistéar 20, catagóir 1 trealamh,

(ii) i limistéar 1 nó limistéar 21, catagóir 1 nó 2 trealamh, agus

(iii) i limistéar 2 nó limistéar 22, catagóir 1, 2 nó 3 trealamh.

(2) Bainfidh mír (1)(*a*) le haon trealamh nó córais chosanta freisin nach mbaineann na forálacha reachtúla iomchuí leo i ndáil le trealamh agus córais chosanta atá beartaithe le húsáid in atmaisféir phléascacha phoitéinsiúla leo más féidir lena n-ionchorprú i suiteáil bheith ina ghuais adhainte ann féin.

*Oiliúint, treoir, ceadanna oibre.*

173. Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) oiliúint leordhóthanach iomchuí i ndáil le cosaint ó phléasc a sholáthar do dhaoine i áiteanna oibre a bhféadfadh atmaisféir phléascacha tarlú iontu, agus

(*b*) féachaint chuige, más éilíonn an doiciméad maidir le cosaint ó phléasc é—

(i) go ndéanfar obair in áiteanna guaiseacha i gcomhréir leis na treoracha scríofa arna n-eisiúint ag na bhfostóir,

(ii) go bhfeidhmeofar córas de cheadanna oibre le haghaidh gníomhaíochtaí guaiseacha agus gníomhaíochtaí a d’fhéadfadh idirghníomhú le hobair eile a chúiseodh guaiseacha, agus

(iii) go n-eiseoidh an duine atá freagrach as an bhfeidhm ceadanna oibre le haghaidh na feidhme sin, roimh thosach na gníomhaíochta.

*Cosaint fostaithe ar phléasc.*

174. Déanfaidh fostóir na nithe seo a leanas—

(*a*) éadaí oibre a sholáthar nach dtiocfaidh díluchtú leictreastatach uathu le húsáid in áiteanna arna aicmiú mar áiteanna guaiseacha de bhun Rialachán 170(1)(*b*) d’aon fhostaí a mbeadh dualgas air/uirthi obair a dhéanamh nó dualgais a chomhlíonadh sna háiteanna sin agus atá ina m-éadaí iomchuí leis an obair nó na dualgais sin a chomhlíonadh sna háiteanna sin;

(*b*) más gá, féachaint chuige go dtabharfar rabhaidh optacha nó fuaimiúla do dhaoine, nó rabhaidh optacha agus fuaimiúla, agus go dtarraingeofar siar na daoine sin sula sroichfear na coinníollacha pléascacha; agus

(*c*) más gá trí mheán an doiciméid maidir le cosaint ó phléasc, saoráidí a sholáthar agus a chothú a chinnteoidh, i gcás contúirte, gur féidir le daoine ag obair na háiteanna atá i gcontúir a fhágáil go pras sábháilte.

*Comhordú in áiteanna oibre.*

175. Gan dochar d'alt 21 den Acht—

(*a*) i gcás go bhfuil fostaithe i láthair ar an áit oibre chéanna dá dtagraíonn an Chuid seo agus go bhfuil siad fosaithe ag fostóirí éagsúla, féachfaidh gach fostóir chuige go gcosnófar sábháilteacht fostaithe an fhostóra agus chuige sin áiritheoidh fostóir go gcomhlíonfaidh na nithe a thagann faoi rialú an fhostóra an Chuid seo, agus

(*b*) i gcás go roinneann 2 fhostaí nó níos mó an áit oibre chéanna ina bhféadfadh atmaisféar pléascach tarlú, déanfaidh an fostóir atá freagrach as an áit oibre comhordú or fheidhmiú na mbeart uile a éilítear faoin gCuid seo a ghlacadh d'fhonn fostaithe a chosaint ó bhaol ón atmaisféar pléascach.

*Rialacháin 43, 46, 52, 53, 55.*

# SCEIDEAL 1

## Ceanglais le hAghaidh Trealamh Oibre

### *Cuid A*

### Díolúine ó Fhorálacha Áirithe de Rialachán 46

| *Aicme nó cur síos ar an ardaitheoir nó ar an mbealach ardaitheora* | *Ceanglais de Rialachán 46 nach bhfuil feidhm acu* | *Coinníoll* |
|---|---|---|
| 1. Ardaitheoir cosáin le haghaidh earraí.<br><br>Bheadh bealaí ardaitheora na n-ardaitheoirí cosáin, eadhon, ardaitheoirí i gcás go ndéanfadh soláthar iatán buan ag leathcheann staighre bairr ina bhac ar shráid nó i spás oscailte eile ina n-éilítear ar dhaoine dul thar bráid, nó inar dhócha go mbeadh daoine ag dul thar bráid. | Mír (2)(*a*) a mhéid is a éilíonn sé og mbeadh an t-ardaitheoir cosanta ag iatán agus geata ag an leathcheann staighre bairr, nó os a chionn.<br><br>Mír (2)(*b*) i gcás an leathchinn staighre bairr. | Déanfar an bealach ardaitheora a chlúdach go daingean iamh ag an leathcheann staighre bairr ach amháin i gcás go bhfuil rochtain ag teastáil le haghaidh earraí nó ábhar.<br><br>Glacfar bearta chun íoslaghdú ar an mbaol go dtitfeadh daoine síos an bealach ardaitheora fad is atá an leathcheann staighre bairr ar oscailt. |
| 2. Ardaitheoirí a úsáidtear aontoisc chun ábhair a ardú díreach isteach i measín. | Mír (2)(*a*) agus *(b)*. | Glacfar bearta chun guaiseacha a chosc a tharlódh toisc rudaí a bheith ag titim nó teagmháil le páirteanna gluaisteacha. |
| 3. Ardaitheoirí a úsáidtear chun rothstoc ar leithead caighdeánach nó ar leithead níos leithne a ardú, a ísliú nó a thipeáil | Mír (2)(*a*), *(b)* agus *(h)*(ii). | A mhéid is indéanta go réasúnta, soláthrófar cóir ag gach bealach isteach san iatán chun duine a choc ó thitim síos an bhealaigh ardaitheora nó bheith greamaithe in aon pháirt ghluaisteach den ardaitheoir. |
| 4. Ardaitheoirí le haghaidh claiseanna a úsáidtear chun rothaí nó bógaithe a ardú nó a ísliú ar rothaí iad atá bainte de rothstoc ar leithead caighdeánach nó leithead níos leithne. | Mír (2)(*a*), *(b)* agus *(h)*(ii) agus (iii). | |
| 5. Bealaí ardaitheora ardaitheoirí a ndéantar earraí nó ábhair a lódáil nó a dhílódáil go huathoibríoch agus don iompróir a bhfuil rochtain ag an duine air. | Mír (2)(*a*) a mhéid is a éilíonn sé go suiteálfaí geataí ag oscailtí in iatán áit a ndéantar earraí a lódáil nó a dhílódáil | A mhéid is indéanta go réasúnta, soláthrófar cóir ag na hoscailtí seo chuig an mbealach ardaitheora duine a choc ó thitim síos an bhealaigh ardaitheora nó bheith greamaithe in aon pháirt ghluaisteach den ardaitheoir. |
| 6. Aon chrochán nó ardaitheoir a úsáidtear chun mótarfheithicil a ardú. | Mír (2)(*a*), *(b)* agus *(c)*. | |

| *Aicme nó cur síos ar an ardaitheoir nó ar an mbealach ardaitheora* | *Ceanglais de Rialachán 46 nach bhfuil feidhm acu* | *Coinníoll* |
|---|---|---|
| 7. Crocháin agus ardaitheoirí a úsáidtear mar ardán oibre, de chineál nach ngluaiseann, nach ngabhann tríd aon urlár agus a úsáidtear chun ainmhithe a mharú. | Mír (2)(*a*), *(b)* agus *(h)*(iii). | |

## *Cuid B*

## Tréimhse de Mhionscrúdú ar Threalamh Ardaithe, Trealamh Gabhálais Ardaithe nó ar Threalamh Ilghnéitheach Eile.

| **Colún 1** | **Colún 2** |
|---|---|
| *Cur Síos ar an trealamh ardaithe, trealamh cúnta ardaithe nó trealamh ilghnéitheach eile* | *Tréimhse a gcaithfidh an scrúdú críochnúil tarlú lena linn* |
| Crochán nó ardaitheoir | 6 mhí |
| Ardaitheoir d'earraí cúlchláir | 12 mhí |
| Trealamh rochtana ar crochadh | 6 mhí |
| Ardán oibre do dhreapadh crann tarchurtha | 6 mhí |
| Oiriúintí ardaithe, lena n-áirítear slabhraí, rópaí, fáinní, crúcaí, seaicilí, clampaí, sclóinte, bíomaí leatachta agus frámaí leatachta, feistí ardaithe folúis | 6 mhí |
| Míreanna a sholáthraítear chun tacú le trealamh ardaithe | 12 mhí |
| Ardán oibre soghluaiste a ardaíonn | 6 mhí |
| Craein | 12 mhí |
| Rige dreapadóireachta túrchraenach | 6 mhí |
| Craein a úsáidtear in obair dugaí, i dtógáil long agus i ndeisiú long | 12 mhí |
| Gabhailtrucail ardaithe lena n-áirítear oiriúintí in-idirmhalartaithe | 12 mhí (6 má úsáidtear chun daoine a ardú) |
| Teileláimhseoir lena n-áirítear oiriúintí in-idirmhalartaithe | 12 mhí (6 má úsáidtear chun daoine a ardú) |
| Tábla ardaithe feithicle | 12 mhí |
| Trealamh ardaitheora ar árthaigh iascaireachta | 12 mhí |
| Crain tochrais a úsáidtear chun ualaigh a ardú | 12 mhí |
| Meaisíní ardaithe eile (pearsanra) mura sonraítear i gCuid D den Sceideal seo | 12 mhí |
| Meaisíní ardaithe eile (pearsanra) mura sonraítear i gCuid D den Sceideal seo | 6 mhí |
| Trealamh lonnaithe san áitreabh a úsáidtear go príomha chun fuinneamh a ghiniúint, a chlaochlú, a lascadh nó chun fuinneamh leictreach a rialú ar shlí eile. | I gcomhlíonadh scéime d'iniúchadh agus de thástáil arna dhréachtú ag duine inniúil |
| Ardaitheoir le haghaidh othair | 6 mhí |

*Cuid C*

### Imthosca a Éilíonn Tástáil a Dhéanamh ar Threalamh Ardaithe mar chuid de Mhionscrúdú

| **Colún 1** | **Colún 2** |
|---|---|
| *Cur Síos ar an Trealamh* | *Tréimhse ina gcaithfear an tástáil a dhéanamh nó dálaí faoina gcaithfear an tástáil a dhéanamh* |
| Gach trealamh ardaithe | Tar éis athrú substainteach nó deisiúchán a mbeadh tionchar aige ar a neart agus ar a chobhsaíocht |
| Trealamh daingnithe ardaithe | Roimh a chéad úsáid |
| Túrchraein | Tar éis é a chur suas agus gach 4 bliana |
| Craein shoghluaiste | Gach 4 bliana |
| Crann tochrais | Gach 4 bliana |
| Craein féintógála | Tar éis é a chur in airde agus roimh a chéad úsáid ar a suíomh agus tar éis aon athraithe ar a chumraíocht agus ar a dhálaí tacaíochta |
| Bloc ulóige, roth ulóige, cosa snasta a úsáidtear le hualaigh de mheáchan 1,000 Cileagram nó níos mó | Roimh a gcéad úsáid i suíomh nua |

*Cuid D*

### Trealamh a Bhfuil Feidhm Ardaithe aige, faoi réir Rialachán 30 agus nach bhfuil faoi réir Rialachán 52

(*a*) Seac buidéil

(*b*) Trucail pailléide

(*c*) Nascóir tarracóra

(*d*) Comhpháirteanna d’uirlisí meaisín a athraíonn airde

(*e*) Innealra daingnithe chun pailléidí a ardú/ísliú

(*f*) Ardaitheoir feithicle cathaoireach rothaí

(*g*) Trealamh ardaithe a dearadh chun araidí rotha a ardú a bhfuil toirt acu nach nó ná 360 lítear

(*h*) Staighrí creasa agus iompróirí

(*i*) Ardaitheoirí ardáin le haghaidh athruithe leibhéil nach mó ná 1.2 m.

*Cuid E*

### Faisnéis atá le hÁireamh i dTuarascáil Mhionscrúdaithe

1 Ainm agus seoladh an fhostóra nó an úinéara a ndearnadh an scrúdú críochnúil ar a s(*h*)on.

2. Seoladh an áitribh ag a ndearnadh an scrúdú críochnúil.

3. Sonraí leordhóthanacha chun an trealamh ardaithe a shainaithin lena n-áirítear, má fios, dáta a dhéantúis.

4. Dáta na scrúdaithe seo agus dáta an scrúdaithe chríochnúil dheireanaigh má fios.

5. An t-ualach oibre sábháilte den trealamh ardaithe nó, má tá a ualach oibre sábháilte ag brath ar chumraíocht an trealaimh ardaithe, a ualach oibre sábháilte le haghaidh na gcumraíochtaí éagsúla, ar ualaigh iad a cinneadh.

6. Aidhm an scrúdaithe lena n-áirítear scrúdú roimh chur in úsáid den chéad uair, scrúdú tar éis suiteáilte nó tar éis an trealamh a chur suas ag suíomh nua, scrúdú tar éis deisiúchán nó athruithe agus scrúdú tréimhsiúil.

7. Maidir le gach scrúdú críochnúil ar threalamh ardaithe—

(*a*) sainaithint aon choda ina bhfuarthas go raibh máchail atá ina contúirt nó a d'fheadfadh bheith ina contúirt do dhaoine agus cur síos ar an máchail;

(*b*) sonraí aon deisiúcháin, athnuachana nó athraithe chun an mháchail a cheartú, ar máchail iad a fuarthas a bheadh ina contúirt do dhaoine;

(*c*) i gcás máchail nach bhfuil ina contúirt do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith—

(i) an am a bheadh sí ina contúirt;

(ii) sonraí aon deisiúcháin, athnuachana nó athraithe is gá chun é a chur in oiriúint;

(*d*) an dáta is déanaí ar a gcaithfidh an chéad scrúdú críochnúil eile a bheith déanta;

(*e*) i gcás go raibh tástáil i gceist le scrúdú críochnúil, sonraí aon tástála;

(*f*) sainaithint ar chodanna nach bhfuil inrochtana le haghaidh an scrúdaithe.

8. Ainm, seoladh agus cáilíochtaí an duine atá ag déanamh na tuarascála agus, más iomchuí, ainm agus seoladh an fhostóra indibhidiúil.

9. I gcás gur iomchuí é, ainm agus seoladh agus post an duine a shínigh nó a fhíordheimhnigh an tuarascáil thar cheann a húdair.

## SCEIDEAL 2

*Rialachán 62.*

### Trealamh Cosanta Pearsanta

### *Cuid A*

### Treoirliosta de Ghníomhaíochtaí agus de Réimsí Gníomhaíochta a d'Fhéadfadh Soláthar Trealaimh Phearsanta Chosanta a Éileamh

1. Cosaint an Chinn (Cosaint na Blaoisce)

Clogaid chosantacha

Obair thógála, go háirithe obair ar scafall nó obair ina chogar agus obair in áiteanna oibre ardaithe, cur in airde agus díchóimeáil múinleoireachta, obair chóimeála agus suiteála, obair ar scafall agus obair scartála.

Obair ar dhroichid chruach, tógáil foirgneamh cruach, crainn, túir, struchtúir hiodrálacha chruach, foirnéisí soinneáin, oibreacha curach agus muilte rollta, soithigh mhór, píblínte móra, monarchana coire agus stáisiúin chumhachta.

Obair i bpoill, i dtrinsí agus i dtolláin.

Oibreacha ithreach agus carraige.

Obair in oibreacha faoi thalamh, i gcairéil, i dtochailtí oscailt, i mbaint stoic ghuail.

Obair le huirlisí a thiomáineann boltaí.

Obair phléasctha.

Obair i gcóngar ardaitheoirí, trealamh ardaithe, craenacha agus iompróirí.

Obair le foirnéisí soinneáin, monarchana dí-ocsaídithe dhírigh, oibreacha cruach, muilte rollta, oibreacha miotail, gaibhniú, agus teilgean.

Obair le foirnéisí tionsclaíocha, soithigh, innealra, sadhlanna, buncair agus píblínte.

Obair longthógála.

Obair shiúnta iarnróidh.

Obair i seamlais.

2. Cosaint na gCos

Bróga sábháilteachta le boinn nach féidir a pholladh

Obair chreatlaí, obair ar bhunsraitheanna agus oibreacha bóthair.

Obair scartála creatlaí.

Obair scafaill.

Obair le coincréit agus le comhpháirteanna réamhdhéanta a bhfuil cur suas múnlóireachta agus baint múnlóireachta ag baint léi.

Obair i gclóis agus i stórais chonraitheoirí.

Obair ar dhíonta.

Bróga sábháilteachta le boinn nach féidir a thollad

Obair ar dhroichid chruach, tógáil foirgneamh cruach, crainn, túir, struchtúir hiodrálacha chruach, foirnéisí soinneáin, oibreacha curach agus muilte rollta, soithigh mhór, píblínte móra, monarchana coire agus stáisiúin chumhachta.

Tógáil foirnéise, téamh agus suiteáil aeraithe agus obair chóimeála miotail.

Obair chlaochlaithe agus chothabhála.

Obair le foirnéisí soinneáin, monarchana dí-ocsaídithe dhírigh, oibreacha cruach, muilte sollta, oibreacha miotail, gaibhniú, monarchana brú the agus gléasra a tharraingt.

Obair i gcairéil agus i dtochailtí oscailte, baint stoic ghuail.

Obair le carraig agus próiseáil carraig.

Obair agus próiseáil i ndáil le táirgí gloine comhréidhe agus déantús soitheach gloine.

Obair le múnlaí sa tionscal criadóireachta.

Líneáil áitheanna sa tionscal criadóireachta.

Obair mhúnlaithe i dtionscal earraí criadóireachta agus ábhar tógála.

Obair iompair agus stórála.

Obair le bloic d'fheoil reoite agus pacáistiú bia chaomhnaithe.

Obair longthógála.

Obair shiúnta iarnróidh.

Bróga sábháilteachta le sála nó dingeacha agus boinn nach féidir a tholladh.

Obair ar dhíonta.

Bróga cosantacha le boinn inslithe

Obair le hábhair atá an-te agus an-fhuar agus obair ar na hábhair sin.

Bróga sábháilteachta ar féidir iad a bhaint go héasca

Aon obair lena mbaineann baol treáite le substaintí leáite.

Bróga sábháilteachta ar a bhfuil bairbíní

Aon obair a bhfuil baol ag baint léi go mbuailfí an cos nó go mbrúfaí an cos toisc rudaí ag titim nó rudaí ag teilgean nó trí chos a bhualadh i gcoinne constaice.

3. Cosaint na Súl agus na hAghaidhe

Gloiní cosanta, sciatha nó scáileáin don aghaidh

Obair tháthaithe, meilte agus scagacháin.

Obair chalctha agus shiséalta.

Obair ar charraig agus carraig a phróiseáil.

Obair le huirlisí a thiomáineann boltaí.

Obair ar mheaisíní a bhaineann stoc le haghaidh smiotaí.

Gaibhniú

Bloghanna a bhaint agus a bhriseadh suas.

Substaintí scríobacha a spraeáil.

Obair le haigéid agus le tuaslagáin loiscneacha, agus dífhabhtáin agus le táirgí cnaíteacha.

Obair le spraeanna leachtacha.
Obair le substaintí leáite agus ina gcógar.
Obair le teas radanta.
Obair le léasair.

4. Cosaint Riospráide

Análaitheoirí/gaireas análaithe

Obair i soithigh, i limistéir shrianta agus i bhfoirnéis gás-adhainte tionsclaíocha áit a bhféadfadh gás a bheith ann nó ocsaigin neamhleor.
Obair i gcóngar foirnéis soinneáin.
Obair i gcogar tiontairí gáis agus píopaí gáis foirnéise soinneáin.
Obair i gcogar sconnaí foirnéise soinneáin áit a bhféadfadh múch throm a bheith.
Obair ar líneáil foirnéisí agus liacha áit a bhféadfadh deannach a bheith ann.
Spréiphéinteáil i gcás nach bhfuil dídhustáil leordhóthanach.
Obair i sloic, i séaraigh agus i limistéir faoi thalamh atá bainteach le séarachas.
Obair i monarchana cuisniúcháin áit a bhfuil an baol ann go bhféadfadh an cuisneán éalú.
Obair i bpróisis ina mbeadh sé dóchúil go mbeadh deannach díobhálach nó múch ann.

5. Cosaint na hÉisteachta

Cosantóirí cluaise

Obair le brúiteáin mhiotail.
Obair le haerdhruilirí.
Obair le tuirbíní.
An obair a dhéanann an fhoireann talún ag aerfoirt.
Obair sáite pílí.
Obair adhmaid agus teicstíle.

6. Cosaint an Choirp, Ghéaga na Láimhe agus na Lámh

Éadaí cosantacha

Obair le haigéid agus le tuaslagáin loiscneacha, agus dífhabhtáin agus le táirgí cnaíteacha.
Obair le hábhair the nó ina gcóngar agus in áiteanna a bhfuil a n-éifeachtaí le brath.
Obair ar tháirgí comhréidhe gloine.
Pléascadh urchair.
Obair i seomraí íosreoite.

Éadaí cosantacha dóiteán-dhíonach

Táthú i limistéir shrianta.

Naprúin nach féidir a tholladh

Obair chnámhaithe agus ghearrtha.

Obair le sceana ar obair í a bhfuil sé i gceist léi an scian a tharraingt i dtreo an choirp.

Naprúin leathair

Táthú.

Gaibhniú.

Teilgean.

Lámhainní

Táthú.

Rudaí a láimhsiú a bhfuil imill ghéara orthu, seachas meaisíní a bhfuil contúirt ag baint leo go ngreamófaí an lámhainn ann.

Obair neamhchosanta le haigéid agus le tuaslagáin loiscneacha.

Lámhainní le mogall miotail

Cnámhú agus gearradh.

Gnáthghearradh ag baint úsáide as scian láimhe le haghaidh táirgthe agus maraithe.

Sceana meaisíní gearrtha a athrú.

7. Éadaí Síondíonacha

Obair faoin aer sa bháisteach agus in aimsir fhuar.

Éadaí uiscedíonach.

Obair i bpróisis fhliucha.

8. Éadaí frithchaiteacha

Obair ina gcaithfidh fostaithe a bheith an-fheiceálach.

9. Úmacha Sábháilteachta

Obair ar scafall.

Cóimeáil comhpháirteanna réamhdhéanta.

Obair ar chrainn.

10. Rópaí Sábháilteachta

Obair i gcábáin de chraein ard.

Obair i gcábán ard de stóras ag carnadh agus ag aisghabháil trealaimh.

Obair sa cuid ard de thúr druileála.

Obair i bpoill agus i séaraigh.

11. Cosaint na Craicne

Ábhair a próiseáil agus a bhratú.

Súdaireacht.

*Cuid B*

Treoirliosta de Threalamh Cosanta Pearsanta

1. Cosaint an Chinn

    Clogaid chosantacha le húsáid i dtionscal, lena n-áirítear mianaigh, láithreáin tógála, úsáidí tionsclaíocha eile.

    Cosaint na plaite (caipíní, boinéid, líontáin ghruaige le scáth súl nó gan scáth súl)

    Ceannbheart cosantach (boinéid, caipíní, beannáin, srl. i bhfabraic le díonadh, srl.),

2. Cosaint an Chinn

    Plugaí cluaise agus feistí comhchosúla.

    Clogaid iomlána fuaimiúla.

    Cosaint cluas ar féidir í a fheistiú i gclogaid thionsclaíocha.

    Cosantóirí cluas le glacadóirí le haghaidh lúb ionduchtúcháin ísealmhinicíochta (LF).

    Cosaint cluas le trealamh idirchumarsáide.

3. Cosaint Súl agus Aghaidhe

    Spéaclaí.

    Gloiní cosanta.

    Gloiní cosanta X-gha, gloiní cosanta bíomaí léasair, ultraivialait, infridhearg, gloiní cosanta radaíochta sofheicthe.

    Sciatha aghaidhe.

    Maisc agus clogaid stuatháthaithe (maisc láimhe, stiallmhaisc, stiallmhaisc nó maisc ar féidir iad a fheistiú le clogaid chosantacha).

4. Cosaint Riospráide

    Scagairí deannaigh, scagairí deannaigh agus scagairí deannaigh radaighníomhaíochta.

    Fearais inslithe agus soláthar aeir.

    Feistí riospráide lena n-áirítear táthú maisc in-inbhainte.

    Trealamh tumadóireachta.

    Cultacha tumadóireachta.

5. Cosaint Ghéag na Láimhe agus Lámh

    Lámhainní chun cosaint a sholáthar:

    - ó innealra (tolladh, gearrthaí, tonnchreathanna, srl.).
    - ó cheimiceáin.
    - le haghaidh leictreoirí agus ó theas.

    Mitíní.

    Buadáin mhéire.

    Formhuinchillí.

    Cosaint doirn le haghaidh obair throm.

    Lámhainní gan mhéara.

    Lámhainní cosantacha.

6. Cosaint na gCos agus Ghéag na gCos

Bróga ísle, buatais alt an rúitín, buataisí ar thoise na gcolpaí, buataisí sábháilteachta.
Bróga ar féidir lásáil agus a scor go gasta.
Bróga, buataisí agus forbhuataisí atá teasdíonach.
Bróga teirmeacha, buataisí teirmeacha agus forbhuataisí teirmeacha.
Bróga, buataisí agus forbhuataisí atá tonnchrith-dhíonach.
Bróga, buataisí agus forbhuataisí atá frith-statach.
Bróga, buataisí agus forbhuataisí inslitheacha.
Buataisí cosantacha le haghaidh oibreoirí sábh slabhrach.
Paitíní.
Cosaint ghlúine.
Cosantóirí inbhainte do thrácht na coise.
Loirgneáin.
Boinn inbhainte (teas-díonach, nach féidir a tholladh nó allas-díonach).
Spící inbhainte le haghaidh oighir, sneachta nó urlárach sleamhain.

7. Cosaint Craicne

Uachtair/Ungthaí Cosanta.

8. Cosaint an Stoic agus Abdómain

Báscótaí, seaicéid agus naprúin chosantacha chun cosaint a sholáthar ó innealra, tolladh, gearradh, steallóga de mhiotal leáite, srl.
Báscótaí, seaicéid agus naprúin chosantacha chun cosaint a sholáthar ó cheimiceáin.
Báscótaí le cochaill.
Seaicéid tarrthála.
Naprúin chosantacha X-gha.
Criosanna coirp.

9. Cosaint Coirp Uile

Trealamh deartha chun titimí a chosc
Trealamh chun titim a chosc (trealamh iomlán le gach oiriúint riachtanach).
Trealamh coscánaithe chun fuinneamh cinéiteach a ionsú (trealamh iomlán le gach oiriúint riachtanach).
Feistí chun an corp a choinneáil (úim sábháilteachta).

10. Éadaí cosantacha

Éadaí oibre “sábháilteachta” (dhá-phíosa agus rabhlaeir).
Éadaí chun cosaint a sholáthar ó innealra, tolladh agus gearradh srl.
Éadaí chun cosaint a sholáthar ó cheimiceáin.
Éadaí chun cosaint a sholáthar ó steallóga de mhiotal leáite agus ó radaíocht infridhearg.
Éadaí teas-díonacha.
Éadaí teirmeacha.
Éadaí chun cosaint a sholáthar ó éilliú radaighníomhach.
Éadaí deannach-dhíonacha.

Éadaí gás-díonacha.
Comharthaíocht fhluaireasach, éadaí ais-fhrithchaiteacha agus oiriúintí (bandaí muinchille, lámhainní, srl.).
Clúdaigh chosantacha.

*Rialachán 69.*

## SCEIDEAL 3

### Fachtóirí Baoil le hAghaidh Láimhsiú Ualaí

1. Airíonna an ualaigh

D'fhéadfaí bheith i mbaol gortú droma ó láimhsiú ualaigh go háirithe:

má tá sé róthrom nó rómhór,
liobarnach nó deacair greim a bhreith air,
éagobhsaí nó má tá sé dóchúil go mbogfadh a ábhar,
suite ar bhealach a éileodh go mbéarfaí air nó go ndéanfaí é a láimhsiú ag cian-achar ón stoc, nó trí stoc a lúbadh nó a chasach, nó ar dóchúil toisc a chomhrianta nó a chomhdhéanta (nó comhrian agus comhdhéanamh araon), go dtarlódh timpiste dá bharr d'fhostaithe, go háirithe i gcás go dtarlódh imbhualadh.

2. Saothar fisiceach is gá

Féadfaidh saothar fisiceach baol a bheith ag gabháil leis go háirithe gortú droma:

má iarrann sé mórfhuinneamh,
nach féidir a bhaint amach ach trí stoc an choirp a chasadh,
ar dócha a mbeadh mar thoradh air go mbogfaí an t-ualach go tobann, nó
go ndéanfaí é agus an corp i stiadiúr éagobhsaí.

3. Airíonna na timpeallachta oibre

Féadfaidh airíonna na timpeallachta oibre cur leis an mbaol go háirithe gortú droma:

mura bhfuil dóthain spáis, go háirithe go hingearach, chun an ghníomhaíocht a dhéanamh,
má tá an t-urlár míchothrom, agus ar an gcaoi sin le guaiseacha tuisleacha, nó má tá sé sleamhain i ndáil le coisbheart an fhostaí,
má choisceann an áit oibre nó an timpeallacht oibre láimhsiú ualach ar airde shábháilte nó le staidiúir mhaith an fhostaí,
má tá éagsúlachtaí i leibhéal an urláir nó an dromchla oibre, a éilíonn go ndéanfaí an t-ualach a láimhsiú ar leibhéil éagsúla,
má urlár nó costaca éagobhsaí, nó
má tá teocht, bogthaise nó aerú mí-oiriúnach.

4. Ceanglais na gníomhaíochta

Féadfaidh baol a bheith ag gabháil leis an ngníomhaíocht go héirithe gortú droma má tá ceann amháin de na ceanglais seo a leanas nó níos mó ag baint leis:

má tá saothar fisiceach rómhinic nó rófhadréiseach ag baint leis go háirithe don dromlach,
sos neamhleor don chorp nó tréimhse neamhleor téarnaimh,
an iomarca ardaithe, íslithe nó faid iompair, nó
ráta oibre a éilíonn próiseas, ar ráta é nach féidir leis an bhfostaí é a athrú.

5. Tosca Indibhidiúla Baoil

Féadfaidh fostaí a bheith i mbaol:

i gcás nach bhfuil sé/sí oiriúnach chun an tasc i gceist a dhéanamh,

i gcás go bhfuil sé/sí ag caitheamh éadaí mí-oiriúnacha, coisbheart mí-oiriúnach nó nithe eile mí-oiriúnacha, nó

i gcás nach bhfuil dóthain eolais nó oiliúint aige/aici, nó nach bhfuil an t-eolas agus an oiliúint sin iomchuí.

*Rialachán 72.*

## SCEIDEAL 4

### Ceanglais Íosta do gach trealaimh scáileán taispeána

1. Trealamh

(*a*) Scáileán Taispeána

(i) Beidh na carachtair go léir ar an scáileán dea-shainithe agus foirmithe go soiléir, ar thoise leordhóthanach agus le spásáil leordhóthanach idir na carachtair agus na línte.

(ii) Beidh an íomhá ar an scáileán cobhsaí, gan aon chaochaíl nó aon chineálacha éagobhsaíochta.

(iii) Beidh an fostaí in ann an ghile nó an chodarsnacht (nó an ghile agus an chodarsnacht araon) idir na carachtair agus an cúlra a choigeartú go héasca agus beidh siad inchoigeartaithe go héasca chuig coinníollacha comhthimpeallacha.

(iv) Beidh an scáileán saor ó dhallach frithchaiteach agus ó fhrithchaitheamh a mbeadh an baol ann a chúiseodh míchompord don úsáideoir.

(v) Beifear in ann an scáileán an sclóineadh agus a chlaonadh go héasca agus go saor chun é a chur in oiriúint do riachtanais an úsáideora.

(vi) Beidh sé indéanta bunphláta ar leithligh a úsáid don scáileán nó tábla inchoigeartaithe.

(*b*) Méarchlár

(i) Beidh dromchla neamhlonrach ag an méarchlár chun dalladh frithchaiteach a sheachaint.

(ii) Beidh leagan amach agus airíonna ag an méarchlár a chiallóidh go mbeidh sé éasca an méarchlár a úsáid.

(iii) Beidh siombailí ar na heochracha codarsnaithe go leordhóthanach agus beidh siad inléite ón suíomh deartha oibre.

(iv) Beidh an méarchlár inchlaonta agus ar leithligh ón scáileán ionas go mbeidh an t-úsáideoir in ann suíomh compordach oibre a aimsiú a sheachnóidh tuirse i ngéaga na láimhe agus sna lámha.

(v) Beidh an spás os comhair an mhéarchláir leordhóthanach chun tacaíocht a sholáthar do lámha agus do ghéaga láimhe an úsáideora.

(*c*) Deasc oibre nó dromchla oibre

(i) Beidh an deasc oibre nó an dromchla oibre mór a dhóthain, le dromchla le frithchaitheamh íseal agus ceadóidh sé socrú an scáileáin, an mhéarchláir agus an trealaimh bhaintigh.

(ii) Beidh an gabhdán doiciméid cobhsaí agus inchoigeartaithe agus beidh sé suite sa chaoi is go n-íoslaghdófar an gá le gluaiseacht mhíchompordach an chinn nó na súl.

(iii) Beidh dóthain spáis ann le haghaidh úsáideoirí ionas gur féidir leo suíomh compordach a fháil.

(*d*) Cathaoir oibre

(i) Beidh an chathaoir oibre cobhsaí agus ceadóidh sí saorghluaiseacht agus suíomh compordach don úsáideoir.

(ii) Beidh an suíochán inchoigeartaithe ó thaobh airde de.

(iii) Beidh cúl na cathaoireach inchoigeartaithe ó thaobh airde agus claonta de.

(iv) Cuirfear costaca ar fáil dóibh siúd a mbeadh ceann de dhíth orthu.

2. Timpeallacht

(*a*) Ceanglais Spáis

Ceadóidh toisí agus dearadh an stáisiúin oibre dóthain spáis don úsáideoir chun a s(*h*)uíomh a athrú agus chun gluaiseachtaí a éagsúlú.

(*b*) Soilsiú

(i) Cinnteoidh soilsiú (lena n-áirítear soilsiú an tseomra, spotshoilsiú nó lampaí oibre) go mbeidh coinníollacha soilsithe sásúla ann agus codarsnacht iomchuí idir an scáileán agus an timpeallacht sa chúlra, ag cur i gcuntas cineál na hoibre agus riachtanais radhairc an úsáideora.

(ii) Cuirfear cosc ar dhallach agus frithchaitheamh suaitheadh féideartha ar an scáileán agus ar threalamh eile trí chomhordú a dhéanamh ar leagan amach na stáisiún oibre laistigh den áit oibre le suí agus airíonna teicniúla na bhfoinsí de sholas saorga.

(*c*) Frithchaitheamh agus dalladh

(i) Déanfar stáisiúin oibre a dhearadh ionas nach dtarlóidh aon dalladh díreach ó fhoinsí solais, amhail fuinneoga agus oscailtí eile, ballaí trédhearcacha nó tréshoilseacha agus feistí le dathanna

geala ar na mballaí agus, a mhéid in indéanta, ní bheidh aon dalladh ar an scáileán a chuirfeadh isteach ar an úsáideoir.

(ii) Déanfar fuinneoga a fheistiú le córas oiriúnach de chlúdach inchoigeartaithe chun solas an lae a thiteann ar an stáisiún oibre a mhaolú.

(*d*) Radaíocht

Déanfar gach radaíocht, ach acmhainn an chuid shofheicthe den speictream leictreamaighnéadach, a laghdú chuig leibhéil dhiomaibhseacha ó thaobh chosaint shábháilteacht agus shláinte na bhfostaithe de.

(*e*) Torann

Cuirfear i gcuntas an torann a astaíonn trealamh a bhaineann le stáisiún oibre nuair atá an stáisiún oibre á threalmhú, go háirithe sa chaoi is nach dtarraingeoidh sé aire nó nach gcuirfidh sé isteach ar labhairt.

(*f*) Teas

Ní tháirgfidh trealamh a bhaineann le stáisiún oibre iomarca teasa a chruthódh míchompord d'fhostaithe.

(*g*) Bogthaise

Bunófar leibhéal imleor bogthaise agus cothófar an leibhéal sin.

3. Comhéadan Fostaí/Ríomhaire

Cuirfidh an fostóir na nithe seo a leanas i gcuntas agus bogearraí á ndearadh, á roghnú, á gcoimisiúnú agus á n-athrú, agus nuair a bheidh tascanna á ndearadh ag baint úsáide as trealamh scáileán taispeána:

(i) beidh bogearraí oiriúnach don tasc,

(ii) beidh bogearraí éasca le húsáid agus, más iomchuí, inoiriúnaithe do leibhéal eolais nó taithí an fhostaí; ní fhéadfar aon saoráid chainníochtúil nó cháilíochtúil a úsáid gan é seo a bheith ar eolas ag na fostaithe,

(iii) cuirfidh córais aiseolas ar fáil d'fhostaithe maidir lena bhfeidhmíocht,

(iv) léireoidh córais faisnéis i bhformáid agus ag luas a chuirfear in oiriúint d'fhostaithe, agus

(v) feidhmeofar prionsabail na heirgeanamaíochta bogearraí, go háirithe i gcás próiseáil sonraí daonna.

## SCEIDEAL 5

*Rialachán 119.*

### Sonraí le cur i dTuarascáil Iniúchta

1. Ainm agus seoladh an duine a ndearnadh an t-iniúchadh ar a s(h)on.

2. Suíomh an trealaimh oibre a ndearnadh iniúchadh air.

3. Cur síos ar an trealamh oibre a ndearnadh iniúchadh air.

4. Dáta agus am an iniúchta.

5. Sonraí aon ní a sainaithníodh a bhféadfadh baol do shábháilteacht agus sláinte aon fhostaí eascairt as.

6. Sonraí aon bhirt a glacadh mar thoradh ar aon ní a sainaithníodh i mír 5.

7. Sonraí aon bhirt bhreise a measadh é a bheith riachtanach.

8. Ainm agus post an duine a rinne an tuarascáil.

*Rialachán 135, 136.*

## SCEIDEAL 6

### Tonnchrith Lámh agus Tonnchrith Coirp Uile

*Cuid A*

### Tonnchrith Lámh

1. Measúnú ar an teagmhas faoi lé

(*a*) Tá an measúnú ar an leibhéal de theagmhas faoi lé tonnchrith lámh bunaithe ar ríomhadh a dhéanamh ar an teagmhas laethúil faoi lé arna normalú chuig tréimhse thagartha ocht n-uaire arna chur in iúl mar fhréamh chearnach shuim na gcearnóg (fcsc) (luach iomlán) de luachanna luasghéaraithe minicíocht-ualaithe, arna chinneadh ar aiseanna ortagánacha ahwx, ahwy, ahwz nóa sainítear i gCaibidilí 4 agus 5 agus Aguisín A a ghabhann le Caighdeán ISO (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán) 5349-1 (2001).

(*b*) Féadfar ar measúnú ar an leibhéal teagmhas faoi lé a dhéanamh bunaithe ar an bhfaisnéis a chuireann na déantóirí ar fáil i ndáil le leibhéal na hastaíochta ón trealamh oibre a úsáidtear bunaithe ar bhreathnú ar chleachtais oibre shonracha nó ar thomhas

2. Tomhas

I gcás go ndéanfar tomhas i gcomhréir le Rialachán 136—

(*a*) féadfaidh na modhanna a úsáidfear sampláil a áireamh, a chaithfidh a bheith ionadaíoch le haghaidh theagmhas faoi lé an fhostaí don tonnchrith mheicniúil i gceist, le modhanna agus gaireas a úsáidtear curtha in oiriúint d'airíonna ar leith an tonnchreatha mheicniúil atá le tomhas, do thosca comhthimpeallacha agus d'airíonna an ghairis tomhais i gcomhréir le Caighdeán ISO 5349-2(2001), agus

(*b*) i gcás feistí ar ghá greim a bhreith orthu le dhá lámh—

(i) déanfar an tomhas ar gach lámh,

(ii) déanfar an teagmhas faoi lé a chinneadh trí thagairt don luach is airde den 2 luach, agus

(iii) cuirfear faisnéis i leith na láimhe eile ar fáil freisin

3. Cur Isteach

Beidh feidhm ag Rialachán 136, go háirithe, i gcás go gcuirfidh tonnchrith meicniúil isteach ar láimhsiú ceart rialtán nó táscairí a léamh.

4. Baoil Indíreacha

Beidh feidhm ag Rialachán 136, go háirithe, i gcás go gcuirfidh tonnchrith meicniúil isteach ar chobhsaíocht na struchtúr agus sláine na n-alt.

5. Cosantóirí Indibhidiúla

Féadfaidh trealamh cosantach pearsanta i gcoinne tonnchrith lámh cur leis an gclár de bhearta dá dtagraítear i Rialachán 138.

*Cuid B*

TONNCHRITH COIRP UILE

1. Measúnú ar an teagmhas faoi lé

(*a*) Tá an measúnú ar an leibhéal de theagmhas faoi lé tonnchrith meicniúil bunaithe ar ríomhadh a dhéanamh ar an teagmhas laethúil faoi lé A(8) arna chur in iúl mar luasghéarú coibhéiseach leanúnach thar thréimhse ocht n-uaire, arna ríomhadh mar an luach is airde (fcsc), arna chinneadh ar trí ais ortagánacha (1,4awx,1,4awy, awz le haghaidh fostaí atá ina s(*h*)uí nó ina s(*h*)easamh), i gcomhréir le Caibidlí 5, 6 agus 7, Iarscríbhinn A agus Iarscríbhinn B de Chaighdeán ISO 2631-1(1997).

(*b*) Féadfar ar measúnú ar an leibhéal teagmhas faoi lé a dhéanamh bunaithe ar an bhfaisnéis a chuireann na déantóirí ar fáil i ndáil le leibhéal na hastaíochta ón trealamh oibre a úsáidtear bunaithe ar bhreathnú ar chleachtais oibre shonracha nó ar thomhas

(*c*) I gcás loingseoireacht muirí, ní gá ach tonnchreathanna a sháraíonn an mhinicíocht 1 Hz a bhreithniú.

2. Tomhas

I gcás go ndéanfar tomhas i gcomhréir le Rialachán 13, féadfaidh na modhanna a úsáidfear sampláil a áireamh, a chaithfidh a bheith ionadaíoch le haghaidh theagmhas faoi lé an fhostaí don tonnchrith mheicniúil i gceist, le modhanna agus gaireas a úsáidtear curtha in oiriúint d'airíonna ar leith an tonnchreatha mheicniúil atá le tomhas, do thosca comhthimpeallacha agus d'airíonna an ghairis tomhais i gcomhréir le Caighdeán ISO 2631-1(1997).

3. Cur Isteach

Beidh feidhm ag Rialachán 136, go háirithe, i gcás go gcuirfidh tonnchrith meicniúil isteach ar láimhsiú ceart rialtán nó táscairí a léamh.

4. Baoil Indíreacha

Beidh feidhm ag Rialachán 136, go háirithe, i gcás go gcuirfidh tonnchrith meicniúil isteach ar chobhsaíocht na struchtúr agus sláine na n-alt.

5. Síneadh leis an teagmhas faoi lé

Beidh feidhm ag Rialachán 136 i gcás, toisc chineál na gníomhaíochta, go mbainfidh fostaí sochar as saoráidí sosa arna maoirsiú ag an bhfostóir, ar an gcoinníoll go ndéanfar an tonnchrith coirp uile sna saoráidí sin a laghdú chuig leibhéal atá ag luí le haidhm agus coinníollacha úsáide, ach amháin i gcásanna de "force majeure".

## SCEIDEAL 7

*Rialachán 144.*

### Cosaint Lenaí agus Daoine Óga

### *Cuid A*

### Treoirliosta d'Oibreáin, de Próisis agus d'Obair

Oibreáin

1. OIBREÁIN Fhisiceacha

(*a*) Radaíocht ianaithe;

(*b*) Obair in atmaisféar ardbhrú amhail soithigh bhrúchóirithe nó soithigh thumadóireachta

2. Oibreáin bhitheolaíocha

Oibreáin bhitheolaíochta de ghrúpaí baoil 3 agus 4 de réir bhrí Rialachán 2(1) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Bhitheolaíocha) 1994 (I.R. Uimh. 146 de 1994) arna leasú ag na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Bhitheolaíocha) (Leasú) 1998 (I.R. Uimh. 248 de 1998);

3. Oibreáin cheimiceacha—

(*a*) Substaintí agus ullmhóidí eile arna aicmiú faoi—

(i) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Substaintí Contúirteacha) 2003 (I.R. Uimh. 116 de 2003) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Substaintí Contúirteacha) (Leasú) 2006 (I.R. Uimh. 25 de 2006), agus

(ii) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú) 2004 (I.R. Uimh. 62 de 2004) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú) (Leasú) 2007 (I.R. Uimh. 76 de 2007) (dá dtagraítear in áiteanna eile sa Sceideal mar "Rialacháin CPL") mar thocsaineach, (T), an-tocsaineach (T+), cnaíteach (C) nó pléascach (E) agus le ceann amháin de na frásaí baoil seo a leanas nó níos mó:

Baol pléisce trí thurraing, frithchuimilt, dóiteán nó foinse eile adhainte (R2)

Ardbhaol pléisce trí thurraing, frithchuimilt, dóiteán nó foinse eile adhainte (R3)

Tocsaineach trí ionanálú (R23)

Tocsaineach má thagann sé i dteagmháil leis an gcraiceann (R24)

Tocsaineach má shlogtar (R25)

An-tocsaineach má shlogtar (R26)

An-tocsaineach má thagann sé i dteagmháil leis an gcraiceann (R27)

An-tocsaineach má shlogtar (R28)

Cúisíonn dónna (R34)

Cúisíonn dónna (R35)

Baol go dtarlódh éifeachtaí tromchúiseacha dochúlaithe (R39)

Baolgo dtarlódh díobháil thromchúiseach don tsláinte má mbeifí faoina lé go fadréimseach (R48);

(*b*) Substaintí agus ullmhóidí arna aicmiú faoi Rialacháin CPL ina substaintí agus ullmhóidí carcanaigineach, só-ghineacha nó tocsaineach don atáirgeadh agus le ceann de na frásaí baoil seo a leanas nó níos mó:

Fianaise theoranta go gcúisíonn éifeacht charcanaigineach (R40)
Féadfaidh ailse a chúisiú (R45)
Féadfaidh díobháil ghéiniteach inoidhreachta a chúisiú (R46)
Féadfaidh ailse a chúisiú trí ionanálú (R49)
Féadfaidh dochar a dhéanamh do thorthúlacht (R60)
Féadfaidh díobháil a dhéanamh don leanbh sa bhroinn (R61)
Baol féideartha de dhíobháil do thorthúlacht (R62)
Baol féideartha de dhíobháil don leanbh sa bhroinn (R63)
Baol féideartha d'éifeachtaí dochúlaithe (R68);

(*c*) Substaintí agus ullmhóidí arna aicmiú faoi Rialacháin CPL mar shubstaintí agus ullmhóidí díobhálacha (Xn) le ceann amháin de na frásaí baoil seo a leanas nó níos mó:

Baol go dtarlódh éifeachtaí an-tromchúiseacha dochúlaithe (R39)
Baol go dtarlódh díobháil thromchúiseach don tsláinte trí theagmhas fadréiseach faoi lé (R48);

(*d*) Substaintí agus ullmhóidí arna aicmiú faoi Rialacháin CPL ina substaintí agus ullmhóidí greannacha (Xi) agus ceann amháin de na frásaí baoil seo a leanas nó níos mó:

Féadfaidh íogrúchán a chúisiú trí ionanálú (R42)
Féadfaidh íogrúchán a chúisiú trí theagmháil leis an gcraiceann (R43);

(*e*) Substaintí agus ullmhóidí dá dtagraítear sna Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaigíní) 2001 (I.R. Uimh. 78 de 2001);

(*f*) Luaidhe agus comhdhúile déanta de, a mhéid is atá na hoibreáin i gceist in-ionsúite ag an duine;

(*g*) Aispeist.

*Cuid B*

Próisis agus Obair

1. Próisis ag an obair dá dtagraítear sna Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaigíní) 2001 (I.R. Uimh. 78 de 2001).

2. Déantús agus láimhsiú feistí, pléascáin do thinte ealaíne agus rudaí eile ina bhfuil pléascáin.

3. Obair le hainmhithe contúirteacha, fíochmhara nó nimhneacha.

4. Ainmhithe a mharú ar scála tionsclaíoch.

5. Obair a bhfuil i gceist léi trealamh a láimhsiú chun gáis chomhbhrúite, leachtaithe nó tuaslagtha a táirgeadh, a stóráil nó a úsáid.

6. Obair le dabhcha, umair, taiscumair nó carbáigh ina bhfuil oibreáin cheimiceacha dá dtagraíteá i gCuid A den Sceideal seo.

7. Obair lena mbaineann an baol go dtitfeadh struchtúr.

8. Obair lena mbaineann guaiseacha leictreach ardvoltais.

9. Obair a gcinntear a luas trí mheán innealra agus a bhfuil íocaíocht bunaithe ar thorthaí.

*Rialachán 147, 149.*

## SCEIDEAL 8

### Liostaí d'Oibreáin, Próisis agus de Choinníollacha Oibre a Bhaineann le Fostaithe Torracha, Iarbhreithe agus atá i mBun Cothú Cíche

### *Cuid A*

### Fostaithe Torracha, Iarbhreithe agus at i mBun Cothú Cíche

1. Oibreáin

(*a*) Oibreáin fhisiceacha

Oibreáin fhisiceacha a measta a bheith ina n-oibreáin a chúisíonn lot féatais nó ar dócha a gcuirfidís as don cheangal placainteach (nó iad araon), agus go háirithe—

(i) croitheadh, tonnchrith nó gluaiseacht,

(ii) láimhsiú ualach a mbeadh baol ag baint leo, go hairithe den chineál droim-lumbach,

(iii) torann,

(iv) radaíocht ianaithe,

(v) radaíocht neamhianaithe,

(vi) teas agus fuacht foircneach,

(vii) gluaiseachtaí agus staidiúir, taisteal, laistigh agus lasmuigh den áit oibre, tuirse mheabhrach nó fhisiceach agus ualaigh fhisiceacha eile a bhaineann le gníomhaíochta an fhostaí.

(*b*) Oibreáin bhitheolaíocha

Oibreáin bhitheolaíocha ghrúpaí baoil 2, 3 agus 4 de réir bhrí na bhforálacha reachtúla iomchuí a bhaineann le hoibreáin bhitheolaíocha, a mhéid is a thuigtear go gcuireann na hoibreáin seo nó na bearta teiripeacha a éilíonn na hoibreáin seo sláinte fostaithe torracha i mbaol agus sláinte an linbh sa bhroinn i mbaol, ach ag eisiamh na n-oibreán dá dtagraítear i gCuid B den Sceideal seo.

(*c*) Oibreáin Cheimiceacha

Na hoibreáin cheimiceacha seo a leanas a mhéid is a thuigtear go gcuireann siad sláinte fostaithe torracha agus sláinte an linbh sa bhroinn i mbaol ach ag eisiamh na n-oibreán dá dtagraítear i gCuid B den Sceideal seo—

(i) Déantar substaintí agus ullmhóidí a aicmiú faoi

(I) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Substaintí Contúirteacha) 2003 (I.R. Uimh. 116 de 2003) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Substaintí Contúirteacha) (Leasú) 2006 (I.R. Uimh. 25 de 2006), agus

(II) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú) 2004 (I.R. Uimh. 62 de 2004) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú)(Leasú) 2007 (I.R. Uimh. 76 de 2007)

le ceann amháin de na frásaí baoil seo a leanas nó níos mó—

Fianaise theoranta go gcúisíonn éifeacht charcanaigineach (R40)
Féadfaidh ailse a chúisiú (R45)
Féadfaidh díobháil ghéiniteach inoidhreachta a chúisiú (R46)
Féadfaidh ailse a chúisiú trí ionanálú (R49)
Féadfaidh díobháil a dhéanamh don leanbh sa bhroinn (R61)
Baol féideartha de dhíobháil don leanbh sa bhroinn (R63)
D'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leanaí a cothaítear ar na gcíoch. (R64)
Baol féideartha d'éifeachtaí dochúlaithe (R68);

(ii) Substaintí agus ullmhóidí dá dtagraítear i Sceideal 1 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaigíní) 2001 (I.R. Uimh. 78 de 2001),

(iii) Substaintí agus ullmhóidí a scaoilteá tri phróiseas dá dtagraítear i Sceideal 1 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaigíní) 2001 (I.R. Uimh. 78 de 2001),

(iv) mearcair agus díorthaigh mhearcair,

(v) drugaí frithmhíotóiseacha (cíteatocsaineacha),

(vi) aonocsaíd charbóin,

(vii) oibreáin cheimiceacha a dtuigtear go bhfuil ionsú díobhálach agus tréchraicneach acu.

2. Próisis

Próisis thionsclaíocha arna liostáil i Sceideal 1 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaigíní) 2001 (I.R. Uimh. 78 de 2001),

3. Coinníollacha Oibre

Obair mhianadóireachta faoi thalamh.

*Cuid B*

FOSTAITHE TORRACHA

1. Oibreáin

(*a*) Oibreáin Fhisiceacha

Obair in atmaisféar hipearbhrú, amhail in iatáin chomhbhrúite agus i dtumadóireacht uisce.

(*b*) Oibreáin Bhitheolaíocha

Na hoibreáin bhitheolaíocha seo a leanas—

Tacsaphlasma

Víreas Rubella,

ach amháin más féidir a chruthú go bhfuil fostaithe cosanta go leordhóthanach i gcoinne na n-oibreán sin trí mheán na himdíonachta.

(*c*) Oibreáin Cheimiceacha

Luaidhe agus comhdhúile déanta de, a mhéid is atá na hoibreáin i gceist in-ionsúite ag an duine.

2. Coinníollacha Oibre
Obair mhianadóireachta faoi thalamh.

*Cuid C*

FOSTAITHE ATÁ I MBUN COTHÚ CÍCHE

1. Oibreáin
Oibreáin Cheimiceacha
Luaidhe agus comhdhúile déanta de, a mhéid is atá na hoibreáin i gceist in-ionsúite ag an duine.

2. Coinníollacha Oibre
Obair mhianadóireachta faoi thalamh.

# SCEIDEAL 9

*Rialachán 160.*

## Comharthaí Sábháil Teachta agus Sláinte ag an Obair

### *Cuid A*

### Ceanglais Ghinearálta

1. Cineálacha comharthaí

1.1. Comharthaí buana

1.1.1. Bainfear úsáid as chláir chomharthaí buana le haghaidh comharthaí a bhaineann le toirmisc, le rabhaidh agus le ceanglais éigeantacha agus le suíomh agus comharthú na mbealaí fágála éigeandála agus na saoráidí garchabhrach.

Déanfar cláir chomharthaí nó dath sábháilteachta (nó astu araon) chun suíomh an trealaimh comhraicthe dóiteáin a mharcáil go buan agus a chomharthú.

1.1.2. Déanfar clár chomharthaí a chur ar shoithigh agus ar phíopaí de réir mar a leagtar síos i gCuid C den Sceideal seo.

1.1.3. Déanfar áiteanna ina bhfuil gaol go mbuailfí i gcoinne constaicí nó go dtitfí a mharcáil go nua le dath sábháilteachta nó le cláir chomharthaí (nó leo araon).

1.1.4. Déanfar bealaí tráchta a mharcáil go bua le dath sábháilteachta.

1.2. Comharthaí ócáideacha

1.2.1. Bainfear úsáid as comharthaí soilsithe, as comharthaí fuaimiúla nó as cumarsáid bhriathartha (nó astu araon) i gcás go n-éilíonn an ócáid é, ag cur i gcuntas na bhféidearthachtaí comharthaí a idirmhalartú agus a úsáid i gcomhar lena chéile mar atá leagtha amach i Mír 2, chun contúirt a chomharthú, chun gairm ar dhaoine beart ar leith a ghlacadh agus chun daoine a aslonnú i gcás éigeandála.

1.2.2. Bainfear úsáid as comharthaí láimhe nó cumarsáide bhriathartha (nó astu araon) i gcás go n-éileodh an ócáid é, chun daoine a threorú atá i mbun inlíochta atá guaiseach nó contúirteach.

2. Comharthaí a idirmhalartú nó a úsáid i gcomhar lena chéile

2.1. Féadfaidh aon cheann díobh seo a leanas a bhí díreach chomh héifeachtach céanna—

—dath sábháilteachta ar chlár comharthaí chun áiteanna a mharcáil ina bhfuil constaic nó titim,

—comharthaí soilsithe, comharthaí fuaimiúla, nó cumarsáid bhriathartha,

—comharthaí láimhe nó cumarsáid bhriathartha.

2.2. Féadfar cineálacha éagsúla comharthaí a úsáid i gcomhar lena chéile—

—comharthaí soilsithe agus comharthaí fuaimiúla,

—comharthaí soilsithe agus cumarsáid bhriathartha,

—comharthaí láimhe agus cumarsáid bhriathartha.

3. Baineann na treoracha sa tábla thíos le gach comhartha a ionchorpraíonn dath sábháilteachta—

| **Dath** | **Brí nó Aidhm** | **Treoracha agus Faisnéis** |
|---|---|---|
| Dearg | *Comhartha toirmisc* | *Iompraíocht chontúirteach* |
| | Aláram Contúirte | Feistí chun nithe a stad, a mhúchadh agus a scoitheadh ar bhonn éigeandála |
| | Trealamh Comhraicthe Dóiteáin | Comharthú agus Suíomh |
| Buí nó Ómra | Comhartha rabhaidh | Bí cúramach, glac réamhchúraimí, Scrúdaigh |
| Gorm | Comhartha éigeantach | Iompraíocht nó beart ar leith. Caith trealamh cosantach pearsanta. |
| Glas | Bealach éalaithe éigeandála, comhartha garchabhrach | Doirse, bealaí amach, bealaí, trealamh, saoráidí. |
| | Gan aon chontúirt | Fill ar an ngnáthrud |

4. Ní dhéanfar dochar d'éifeachtacht chomhartha ar na bealaí seo a leanas:

4.1. foinse astaíochta eile den chineál céanna a chuirfeadh isteach ar shofheictheacht nó ar inchloisteacht; mar sink go háirithe—

4.1.1. seachnófar an iomarca comharthaí a chur róchóngarach dá chéile,

4.1.2. ní úsáidfear dhá chomhartha shoilsithe ag an am ceanna ar dócha go ndéanfaí iad a mheascadh,

4.1.3. ní úsáidfear comhartha soilsithe i gcóngar foinse shoilsithe chomhchosúil eile,

4.1.4. ní úsáidfear dhá chomhartha fhuaimiúla ag an am céanna,

4.1.5. ní úsáidfear comhartha fuaimiúil má tá an iomarca fuaime comhthimpeallaí ann.

4.2. droch-dhearadh, líon neamhleor, suí mícheart, droch-dheisriocht nó feidhmiú mícheart na gcomharthaí nó na bhfeistí comharthaíochta.

5. Ag brath ar cheanglais, déanfar comharthaí agus feistí comharthaíochta a ghlanadh, a chothabháil, a sheiceáil, a dheisiú agus más gá a ionadú ar bhonn

rialta chun féachaint chuige go gcoinneoidh siad a gcáilíochtaí intreacha nó feidhmiúla (nó intreacha agus feidhmiúla araon).

6. Beidh líon agus suíomh na gcomharthaí nó na bhfeistí comharthaíochta atá le suiteáil ag brath ar fairsinge na nguaiseacha nó na gcontúirtí nó ar an limistéar atá le clúdach.

7. I gcás comharthaí a éilíonn cineál éigin soláthair chumhachtach cuirfear iad ar fáil le soláthar leictreachais bharántaithe i gcás cliseadh cumhachta, mra bhfuil an ghuais dhíchurtha tríd sin.

8. Má dhéantar truicearú ar comhartha soilsithe nó ar chomhartha fuaimiúil (nó orthu araon) léiríonn sin gur chóir tús a chur leis an mbeart a éilítear agus gur chóir an comhartha a ghníomhachtú chomh fada agus a éilíonn an beart é. Déanfar athghníomhachtú láithreach i ndiaidh úsáide.

9. Déanfar comharthaí soilsithe agus comharthaí fuaimiúla a sheiceáil le féachaint chuige go bhfeidhmeoidh siad i gceart agus go mbeidh siad éifeacht sula gcuirfear iad i seirbhís agus ina dhiaidh din ag idirthréimhsí atá minic a ndóthain.

10. I gcás go bhfuil lagú radhairc ar dhaoine i gceist, lena n-áirítear lagú mar gheall ar threalamh cosantach pearsanta a chaitheamh, glacfar bearta chun forlíonadh a dhéanamh ar na comharthaí i gceist nó chun iad a ionadú.

11. Déanfar limistéir, seomraí nó iatáin a úsáidtear chun méideanna suntasacha de substaintí contúirteacha nó ullmhóidí contúirteacha a stóráil déanfar iad a chomharthú le comhartha oiriúnach rabhaidh ón rogha i mír 3.2 de Chuid B, nó marcáilte mar a fhoráiltear i mír 1de Chuid C den Sceideal seo, mar bhfuil an lipéadú ar na pacáistí nó na soithigh indibhidiúla leordhóthanacha chuige sin.

## *Cuid B*

### Cláir Chomharthaí

1. Airíonna Intreacha

1.1. Leagtar amach cruth agus dathanna i mír 3, i gcomhréir leis an rud sonrach (cláir comharthaí a léiríonn toirmeasc, rabhadh, beart éigeantach, bealach éalaithe, trealamh éigeandála nó comhraicthe dóiteáin).

1.2. Beidh picteagraim chomh simpliú agus is féidir agus ní bheidh ach na sonraí riachtanacha iontu.

1.3. Féadfaidh na picteagraim a úsáidfear a bheadh beagán éagsúil ó na picteagraim a léirítear i mír 3, ar an gcoinníoll go gcuireann siad in iúl an bhrí chéanna agus nach ndéanann aon éagsúlacht nó aon athleagan an bhrí a dhéanamh doiléir.

1.4. Déanfar cláir chomharthaí as ábhar turraing-dhíonach agus aimsirdhíonach atá oiriúnach don timpeallacht.

1.5. Beidh toisí agus airíonna dathmhéadracha agus fótaimhéadracha na clár comharthaí den chineál a dhéanfaidh an clár comharthaí éasca le feiceáil agus le tuiscint.

2. Coinníollacha úsáide

2.1. Déanfar cláir chomharthaí a shuiteáil ar airde oiriúnach agus i suíomh iomchuí in amharclíne, ag cur i gcuntas aon chonstaicí, bíodh siadsan ag an bpointe rochtana chuig an limistéar i gcás guais ghinearálta, nó i bhfíórchógar guais nó rud sonrach, agus beidh sé dea-shoilsithe agus éasca le rochtain a fháil air agus beidh sé i suíomh feiceálach.

Gan dochar d'fhorálacha Chuid 2, Caibidil 1, úsáidfear dathanna méarnálacha, ábhair fhrithchaiteacha nó soilsiú saorga I gcás go bhfuil an solas nádúrtha lag.

2.2. Déanfar an clár comharthaí a bhaint i gcás ina dtiocfaidh deireadh leis an suíomh.

3. Cláir chomharthaí le húsáid

3.1. Comharthaí Toirmisc—

Airíonn intreacha:

Cruth ciorclach;

Picteagram dubh ar chúlra bán, ciumhais dhearg agus líne thrasnánach (an chuid dhearg le ar a laghad 35% de limistéar an chomhartha a ghlacadh);

Tá an téacs faoi bhun gach picteagraim áirithe anseo chun brí an chomhartha a léiriú ach níl an téacs sin le háireamh sa chlár comharthaí.

Féadfar an téacs nó aon téacs iomchuí eile a léiriú ar chlár comharthaí forlíontach.

Comharthaí le húsáid



**Ná caith tobac**



**Cosc ar chaitheamh tobac agus ar lasracha gan chosaint**



**Cosc ar choisithe**



**Ná múch le huisce**



**Neamh-inólta**



**Cosc ar dhaoine neamhúdaraithe**



**Cosc ar rochtain d'fheithiclí tionsclaíocha**



**Ná leag do lámh air**

3.2. Comharthaí rabhaidh—

Airíonna intreacha:

Cruth triantánach;

Picteagram dubh ar chúlra buí, ciumhais dhubh (an chuid bhuí le ar a laghad 50% de limistéar an chomhartha a ghlacadh);

Tá an téacs faoi bhun gach picteagraim áirithe anseo chun brí an chomhartha a léiriú ach níl an téacs sin le háireamh sa chlár comharthaí.

Féadfar an téacs nó aon téacs iomchuí eile a léiriú ar chlár comharthaí forlíontach.

Comharthaí le húsáid


**Ábhar inlasta nó teocht ard**


**Ábhar pléascach**


**Ábhar tocsaineach**


**Ábhar cnaíteach**


**Ábhar radaighníomhach**


**Ualach lastuas**


**Feithiclí tionsclaíocha**


**Dainséar — leictreachas**


**Dainséar ginearálta**


**Bíoma léasair**


**Ábhar ocsaídeáin**


**Radaíocht neamhianaithe**

Nóta eolais —An comhartha "Ábhar inlasta nó teocht ard" in éagmais comhartha sonrach le haghaidh teocht ard


**Réimse láidir maighnéadach**


**Constaicí**


**Titim**


**Baol bitheolaíoch**


**Teocht iseal**


**Ábhar díobhálach nó greannach**

Nóta: Féadfar, i gcásanna eisceachtúla agus bonn maith leis, cúlra ómra a bheith ar an gcomhartha "Ábhar díobhálach nó greannach" d'fhonn é a éagsúlú ó chomhartha sábháilteachta comhchosúil bóthair ach, go ndéanfaí é, nó téacs ábhar eile, a léiriú ar chomhartha forlíontach.

3.3. Comharthaí éigeantacha

Airíonna intreacha:

Cruth ciorclach;

Picteagram bán ar chúlra gorm, (an chuid ghorm le ar a laghad 50% de limistéar an chomhartha a ghlacadh);

Tá an téacs faoi bhun gach picteagraim áirithe anseo chun brí an chomhartha a léiriú ach níl an téacs sin le háireamh sa chlár comharthaí.

Féadfar an téacs nó aon téacs iomchuí eile a léiriú ar chlár comharthaí forlíontach.

Comharthaí le húsáid



**Caithfear cosaint súl a chaitheamh**



**Caithfear clogad sábháilteachta a chaitheamh**



**Caithfear Cosaint Cluas a chaitheamh**



**Caithfear trealamh riospráide a chaitheamh**



**Caithfear buataisí sábháilteachta a chaitheamh**



**Caithfear lámhainní sábháilteachta a chaitheamh**



**Caithfear rabhlaeir a chaitheamh**



**Caithfear cosaint aghaidhe a chaitheamh**



**Caithfear úim sábháilteachta a chaitheamh**



**Caithfidh coisithe seo a úsáide**



**Comhartha éigeantach ginearálta (comhartha eile le gabháil leis má gá)**

3.4. Comharthaí do bhealach éalaithe éigeandála nó garchabhrach

Airíonna intreacha:


Cruth dronuilleogach nó cearnógach;

Picteagram bán ar chúlra glas (an chuid ghlas le ar a laghad 50% de limistéar an chomhartha a ghlacadh);


Tá an téacs faoi bhun gach picteagraim áirithe anseo chun brí an chomhartha a léiriú ach níl an téacs sin le háireamh sa chlár comharthaí.

Féadfar an téacs nó aon téacs iomchuí eile a léiriú ar chlár comharthaí forlíontach.

Comharthaí le húsáid



**Bealach éalaithe éigeandála/bealach éalaithe**



**An treo seo (comhartha forlíontach faisnéise)**



**Pointe garchabhrach** **Sínteán** **Cith Sábháilteachta** **Súilfholcadh**



**Teilefón éigeandála le haghaidh garchabhrach nó éalaithe**

3.5. Comharthaí comhraicthe dóiteáin

Airíonna intreacha:

Cruth dronuilleogach nó cearnógach;

Picteagram bán ar chúlra dearg (an chuid dhearg le ar a laghad 50% de limistéar an chomhartha a ghlacadh);

Tá an téacs faoi bhun gach picteagraim áirithe anseo chun brí an chomhartha a léiriú ach níl an téacs sin le háireamh sa chlár comharthaí.

Féadfar an téacs nó aon téacs iomchuí eile a léiriú ar chlár comharthaí forlíontach.



**Píobán dóiteáin**



**Dréimire**



**Múchtóir dóiteáin**



**Teileafón éigeandála dóiteáin**









**An treo seo (comhartha forlíontach faisnéise)**

*Cuid C*

COMHARTHAÍ AR SHOITHIGH AGUS AR PHÍOPAÍ

1. Cuirfear lipéid (picteagram nó siombail ar chúlra daite) ar shoithigh a úsáidtear ag an obair le haghaidh substaintí nó ullmhóidí a mbaineann na forálacha iomchuí reachtúla leo agus soithigh a úsáidtear chun na substaintí agus ullmhóidí contúirteacha sin a stóráil, maille leis na píopaí sofheicthe ina bhfuil substaintí agus ullmhóidí contúirteacha nó a iompraíonn iad i gcomhréir leis na forálacha.

Ní bhaineann an mhír seo le soithigh a úsáidtear ag an obair ar feadh tréimhsí gearra ná ar shoithigh a n-athraíonn a n-ábhar go minic, ar an gcoinníoll go nglactar bearta leordhóthanacha, le haghaidh faisnéise nó oiliúna, nó haghaidh faisnéise agus oiliúna araon, a ráthaíonn an leibhéal céanna cosanta.

I gcás na lipéid dá dtagraítear sa mhír seo féadfar—

(*a*) iad a ionadú le comharthaí rabhaidh dá bhforáiltear i gCuid b den Sceideal seo, ag baint úsáide as na picteagraim nó na siombailí céanna,

(*b*) iad a fhorlíonadh trí fhaisnéis bhreise a sholáthar, amhail ainm, foirmle, nó ainm agus foirmle araon, na substainte nó na hullmhóide contúirtí agus sonraí na guaise, agus

(*c*) chun soithigh a iompar ar an áit oibre, iad a fhorlíonadh le comharthaí a bhfuil feidhm acu ar fud an Aontais Eorpaigh d'iompar substaintí nó ullmhóidí contúirteacha.

2. Déanfar comharthaí a chrochadh mar seo a leanas—

(*a*) ar thaobhanna sofheicthe, agus

(*b*) i bhfoirm neamh-sholúbtha, féinghreamaitheach nó péinteáilte.

3. I gcás inar iomchuí é, beidh na hairíonna intreacha ag na comharthaí dá dtagraítear i mír 1 den Chuid seo, ar airíonna intreacha iad a sonraítear i mír 1.4. de Chuid B agus comhlíonfaidh siad na coinníollacha úsáide le haghaidh cláir chomharthaí arna leagan síos i mír 2 de Chuid B.

4. Gan dochar do mhíreanna 1, 2 agus 3, déanfar na lipéid a úsáidtear ar phíopaí a shuí go sofheicthe i gcóngar na bpointí is contúirtí, amhail comhlaí agus ailt, agus ag eatraimh réasúnta.

5. Déanfar limistéir, seomraí nó iatáin a úsáidtear le haghaidh stóráil méideanna suntasacha de shubstaintí nó d'ullmhóidí contúirteacha a léiriú trí úsáid a bhaint as comharthaí oiriúnach tógtha ó mhír 3.2 de Chuid B, nó déanfar iad a mharcáil mar a fhoráiltear i mír 1 den Chuid seo, mura bhfuil an lipéadú ar na pacáistí nó na soithigh indibhidiúla leordhóthanach chuige sin, ag cur i gcuntas mír 1.5 de Chuid B, i ndáil le toisí.

Féadfar stóir de roinnt substaintí agus ullmhóidí contúirteacha a léiriú ag baint úsáide as comhartha rabhaidh le haghaidh contúirt ghinearálta.

Caithfear na comharthaí nó na lipéid dá dtagraítear thuas a suí, mar is iomchuí, in aice an limistéir stórála ar an doras isteach sa seomra stórála.

*Cuid D*

### Sainaithint agus Suíomh Trealaimh Chomhraicthe Dóiteáin a Úsáidtear chun Dóiteáin a Chomhrac

1. Déanfar trealamh comhraicthe dóiteáin a comharthú ag baint úsáide as dath sonrach le haghaidh an trealaimh agus cuirfear clár comharthaí ann ag léiriú na háite ina bhfuil an trealamh suite, nó úsáidfear dath sonrach don trealamh agus don suíomh araon, nó dá bpointí rochtana.

2. Chun críche mhír 1 is é dearg an dath sonrach.

Beidh an limistéar dearg mór a dhóthain chun gur féidir an trealamh a aithint go héasca.

3. Bainfear úsáid as na cláir chomharthaí a bhforáiltear dóibh i mír 3.5 de Chuid B chun suíomh an trealaimh seo a mharcáil.

*Cuid E*

### Comharthaí a Úsáidtear do Chonstaicí agus do Shuíomhanna Contúirteacha chun Bealaí Tráchta a Mharcáil

1. Comharthaí le haghaidh constaicí agus suíomhanna contúirteacha

1.1 Déanfar marcáil ar áiteanna a bhfuil baol ann go mbuailfí i gcoinne constaicí, go dtitfí nó go dtitfeadh rudaí le straidhpeanna buí agus dubha ailtéarnacha, nó straidhpeanna dearga agus bána ailtéarnacha i limistéir chomhthógtha i áit oibre a bhfuil rochtain ag fosaithe air le linn a gcuid oibre.

1.2. Beidh toisí na marcanna ar cóimhéid le scála na constaice nó an tsuímh chontúirtigh i gceist.

1.3. Beidh na straipeanna buí agus dubha nó dearga agus bána ag uillinn tuairim is 45 agus beidh siad isteach is amach ar cóimhéid.

1.4. Sampla:



2. Bealaí tráchta a mharcáil

2.1. I gcás go n-éileodh úsáid seomraí trealaimh é chun daoine a chosaint, déanfar bealaí tráchta a mharcáil go soiléir le straipeanna leanúnacha i ndath feiceálach, bán nó buí más féidir, ag cur i gcuntas dath na talún.

2.2. Déanfar na straidhpeanna a suí ionas go léireoidh siad an fad sábháilte idir feithiclí agus aon rud a bheadh ina gcóngar, agus idir coisithe agus feithiclí.

2.3. Déanfar bealaí buana tráchta, i limistéir chomhthógtha lasmuigh, a mhéid in indéanta, a bheith marcáilte ar an gcaoi chéanna, mura bhfuil bacainní nó cosáin oiriúnacha soláthartha ann.

*Cuid F*

Comharthaí Soilsithe

1. Airíonna intreacha

1.1. Cruthóidh an solas a astóidh an comhartha codarsnacht lonrach a bheith iomchuí dá thimpeallacht, i gcomhréir leis na coinníollacha a bhí beartaithe don chomhartha, ach gan dalladh a chruthú nó an iomarca solais nó droch-fheicseanacht mar thoradh ar sholas neamhleor.

1.2. Féadfaidh an chuid soilsithe de chomhartha a bheith den dath amháin nó picteagram a bheith air le cúlra sonrach.

1.3. Comhfhreagróidh an dath amháin leis an tábla dathanna agus a mbríonna arna leagan amach i mír 3 de Chuid A.

1.4. I gcás go bhfuil picteagram ar chomhartha, comhlíonfaidh sé gach ceanglas iomchuí de Chuid B.

2. Rialacha sonracha ag rialú úsáide

2.1. Más féidir le feiste idir chomharthaí leanúnacha agus chomharthaí uaineacha a astú, bainfear úsáid as an gcomhartha uaineach chun leibhéal níos airde contúirte a chur in iúl nó gá níos práinní an idirghabháil nó an beart a éilítear sa chomhartha leanúnach a dhéanamh.

Beidh fad agus minicíocht gach splaince leordhóthanach ionas gur féidir an teachtaireacht a fheiceáil agus aon mhearbhall a sheachaint idir na comharthaí soilsithe éagsúla nó le comhartha soilsithe leanúnach.

2.2. Má úsáidtear comhartha ag splancadh in ionad comhartha fuaimiúil nó in éineacht le comhartha fuaimiúil, bainfear úsáid as na cóid chéanna.

2.3. Déanfar faireachs speisialta ar fheistí chun comharthaí ag splancadh a astú i gcás contúirt trhomchúiseach nó déanfar iad a fheistiú le lampa cúntach.

*Cuid G*

Comharthaí Fuaimiúla

1. Airíonna intreacha

1.1. I gcás comharthaí fuaimiúla:

(*a*) beidh leibhéal fuaime acu atá roinnt mhaith níos airde ná an leibhéal de thorann comhthimpeallach, ionas go mbeifear ábalta é a chlos gan é bheith iomarcach ná pianmhar, agus

(*b*) beidh sé soaitheanta go héasca, go háirithe ó thaobh fhad an bhuille de agus an t-eatramh idir na buillí nó grúpaí de bhuillí, agus beidh sé ar leithligh ó aon chomhartha fuaimiúil nó aon fhuaimeanna comhthimpeallacha eile.

1.2. Más féidir le feiste comhartha fuaimiúil a astú ag minicíochtaí athraitheacha agus tairiseacha, bainfear úsáid as an minicíocht athraithe chun an leibhéal níos airde contúirte a chur in iúl agus an gá níos práinní an idirghabháil nó an beart a éilítear sa mhinicíocht chobhsaí a dhéanamh.

2. Cód

Beidh An comhartha le haghaidh aslonnaithe ina chomhartha leanúnach.

*Cuid H*

CUMARSÁID BHRIATHARTHA

1. Airíonna intreacha

1.1. Beidh an chumarsáid bhriathartha idir an cainteoir nó an t-astóir agus éisteoir amháin nó níos mó i bhfoirm (uaireanta códaithe) téacsanna gearra, frásaí, grúpaí focal agus focail indibhidiúla.

1.2. Beidh teachtaireachtaí labhartha chomh gearr simplí soiléir agus is féidir i dteanga sothuigthe ag na daoine i gceist; ba chóir go mbeach an chumarsáid bhriathartha ag teacht le scileanna briathartha an chainteora agus chumais éisteachta na n-éisteoirí.

1.3. Féadfaidh an chumarsáid bhriathartha a bheith díreach (trí mheán ghuth an duine) nó indíreach (trí mheán ghuth an duine nó le guth saorga a chraoltar ar pé modh is iomchuí).

2. Rialacha sonracha ag rialú úsáide

2.1. Ní foláir do na daoine i gceist eolas maith a bheith acu ar an teanga a úsáidtear ionas go mbeidh siad in ann an teachtaireacht labhartha a fhuaimniú agus a thuiscint i gceart agus ina dhiaidh sin iad féin a iompar a bhealach a bheadh iomchuí ó thaobh na sábháilteachta agus na sláinte de (nó na sábháilteachta agus na sláinte araon).

2.2. Má úsáidtear cumarsáid bhriathartha in ionad gothaí, nó in éineacht leo, ba chóir códfhocail a úsáid amhail:

| | |
|---|---|
| -*'tosaigh'* | chun tús an ordaithe a chur in iúl |
| -*'stad'* | chun cur isteach ar an ngluaiseacht nó deireadh a chur léi |
| -*'críoch'* | chun deireadh a chur leis an mbeart |
| -*'ardaigh'* | chun ualach a ardú |
| -*'ísligh'* | chun ualach a ísliú |
| -*'ar aghaidh'* | le bheith comhordaithe leis na comharthaí láimhe comhfhreagracha |
| -*'siar'* | le bheith comhordaithe leis na comharthaí láimhe comhfhreagracha |
| -*'ar dheis'* | le bheith comhordaithe leis an gcomhartha láimhe comhfhreagrach |
| -*'ar chlé'* | le bheith comhordaithe leis na comharthaí láimhe comhfhreagracha |
| -*'dainséar'* | le haghaidh stad éigeandála |
| -*'gasta'* | chun gluaiseacht a bhrostú ar mhaithe le sábháilteacht. |

*Cuid I*

Comharthaí Láimhe

1. Airíonna:

1.1 Beidh comharthaí láimhe beacht, simplí, leitheadach, éasca le déanamh agus éasca le tuiscint, agus ar leithligh ó aon chomhartha eile dá leithéid.

1.2 I gcás ina bhfuil an dá ghéag láimhe le húsáid ag an am céanna, déanfar iad a bhogadh go siméadrach agus ní úsáidfear iad ach chun comhartha amháin a thabhairt.

1.3 Han dochar do chóid eile is infheidhme ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, a úsáidtear le haghaidh na ngluaiseachtaí céanna in earnálacha ar leith, beith comharthaí láimhe i gcomhréir le haon chód cleachtais iomchuí.

2. Rialacha sonracha ag rialú úsáide:

2.1. Bainfidh an duine ag tabhairt na gcomharthaí, dá ngairtear an "comharthóir" anseo feasta, úsáid as gluaiseachtaí le géag na láimhe nó leis an lámh chun treoracha maidir le gluaiseachtaí a thabhairt don duine atá ag fáil na gcomharthaí, dá ngairtear an "t-oibreoir" anseo feasta.

2.2. Beidh an comharthóir ábalta monatóireacht a dhéanamh ar gach gluaiseacht ó amharc gan bheith i gcontúirt uaidh sin.

2.3. Áireoidh dualgais an chomhartheora gluaiseachtaí a threorú, agus é sin amháin, agus sábháilteacht na ndaoine uile sa chóngaracht a chinntiú.

2.4. I gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha a gcuirtear síos orthu i mír 2.2. bainfear úsáid as comhartheoir amháin breise nó níos mó comhartheoirí.

2.5. Cuirfidh an t-oibreoir isteach ar an ngluaiseacht leanúnach d'fhonn treoracha nua a iarraidh mura bhfuil sé/sí ábalta na horduithe a fuair sé/sí a comhlíonadh gan na ráthaíochtaí sábháilteachta cuí.

2.6. Oiriúintí:

2.6.1 Beidh an t-oibreoir ábalta an comharthóir a aithint gan deacracht.

2.6.2 Caithfidh an comhartheoir mír amháin nó níos mó atá saintréitheach, m.sh. seaicéad, clogad, muinchillí, nó bataí a iompar.

2.6.3 Beidh dathanna geala ar na míreanna saintréitheacha, den dath amháin más féidir, agus ní bhainfidh ach na comharthóirí úsáid as na míreanna sin.

3. Comharthaí códaithe le húsáid

Réamheolas breise

Ní dhéanann na comharthaí códaithe seo a leanas dochar do chóid eile is infheidhme ag leibhéal an Chomhphobail Eorpaigh, agus baintear úsáid astu les haghaidh na ngluaiseachtaí céanna i roinnt earnálacha:

| Brí | Cur Síos | Léiriú |
| --- | --- | --- |
| A. Comharthaí ginearálta | | |
| TÚS<br>Aird<br>Tosaigh an t-ordú | An dá ghéag láimhe sínte amach go cothrománach le bosa na lámh casta chun tosaigh |  |
| STAD<br>Cur isteach<br>Deireadh na gluaiseachta | Géag na láimhe deise ag pointeáil in airde agus bos na láimhe casta chun tosaigh. |  |
| CRÍOCH<br>Deireadh leis an mbeart | An dá lámh fáiscthe ar airde an bhrollaigh |  |
| B. Gluaiseachta ingearacha | | |
| ARDAIGH | Géag na láimhe deise ag pointeáil in airde agus bos na láimhe casta chun tosaigh agus ciorcal á dhéanamh go mall |  |
| ÍSLIGH | Géag na láimhe deise ag pointeáil síos agus bos na láimhe casta ar cúl agus ciorcal á dhéanamh go mall |  |
| FAD INGEARACH | Na lámha ag léiriú an fhaid iomchuí. |  |

| Brí | Cur Síos | Léiriú |
|---|---|---|
| A. Gluaiseachtaí Cothrománacha | | |
| AR AGHAIDH | An dá ghéag láimhe lúbtha le bosa casta in airde, agus na rítheacha ag déanamh gluaiseachtaí malla i dtreo an choirp |  |
| SIAR | An dá ghéag láimhe lúbtha le bosa casta síos, agus na rítheacha ag déanamh gluaiseachtaí malla amach ón gcorp |  |
| AR DHEIS | Géag na láimhe deise sínte go cothrománach le bos na láimhe casta síos agus gluaiseachtaí beaga á ndéanamh ar dheis |  |
| AR CHLÉ | Géag na láimhe clé sínte go cothrománach le bos na láimhe casta síos agus gluaiseachtaí beaga á ndéanamh ar chlé |  |
| FAD COTHROMÁNACH | Na lámha ag léiriú an fhaid iomchuí. |  |
| D. Contúirt | | |
| CONTUIRT Ghnáthamanna stadta | An dá ghéag láimhe ag pointeáil in airde leis na bosa casta chun tosaigh |  |
| GASTA | Gach gluaiseacht níos gasta | |
| MALL | Gach gluaiseacht níos gasta | |

# SCEIDEAL 10

*Rialacháin 169 agus 170.*

## Atmaisféir Phléascacha

### *Cuid A*

### Aicmiú Suíomhanna ina bhFéadfadh a Atmaisféir Phléascacha Tarlú

1.Áiteanna ar féidir le hatmaisféir phléascacha tarlú:

(*a*) Meastar áit ina bhféadfadh a leithéidí d'atmaisféar pléascach tarlú go mbeadh gá réamhchúraimí a thógáil chun sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe i gceist a chosaint a bheith ina háit ghuaiseach de réir bhrí Chuid 8 de na Rialacháin seo.

(*b*) Meastar áit nach bhféadfadh a leithéidí d'atmaisféar pléascach tarlú go mbeadh gá réamhchúraimí a thógáil chun sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe i gceist a chosaint a bheith ina háit neamhghuaiseach de réir bhrí Chuid 8 de na Rialacháin seo.

Meastar ábhair sho-adhainte nó indóite a bheith ina n-ábhair, a d'fhéadfadh atmaisféar pléascadh a chruthú murar léiríodh trí iniúchadh ar a n-airíonna nach féidir leo pléascadh a fhorleathadh i meascáin le haer.

2. Aicmiú áiteanna guaiseacha

Déantar áiteanna guaiseacha a aicmiú i dtéarmaí limistéir ar bhonn minicíochta agus faid an tarlaithe d'atmaisféar pléascach.

Bíonn méid na mbearta atá le glacadh i gcomhréir le Cuid 8 ag brath ar an aicmiú seo.

Limistéar 0:

Áit ina bhfuil atmaisféar pléascach le meascán d'aer agus de substaintí so-adhainte i bhfoirm gháis, ghaile, nó cheobhráin ar feadh tréimhsí fada nó minice.

Limistéar 1:

Áit inar dócha go dtarlóidh atmaisféar pléascach le meascán d'aer agus de substaintí so-adhainte i bhfoirm gháis, ghaile, nó cheobhráin le linn gnáthoibríochta ó am go chéile.

Limistéar 2:

Áit inar dócha go dtarlóidh atmaisféar pléascach le meascán d'aer agus de substaintí so-adhainte i bhfoirm gháis, ghaile, nó cheobhráin le linn gnáthoibríochta ach má tharlaíonn sé, nach mairfidh sé ach ar feadh tréimhse ghearr.

Limistéar 20:

Áit ina bhfuil atmaisféar pléascach i bhfoirm scamaill de dhéanach indóite san aer go leanúnach ar feadh tréimhsí fada nó go minic.

Limistéar 21:

Áit ar dócha go dtarlóidh atmaisféar pléascach i bhfoirm scamaill de dhéanach indóite san aer le linn gnáthoibríochta ó am go chéile.

Limistéar 22:

Áit ar dócha go dtarlóidh atmaisféar pléascach i bhfoirm scamaill de dhéanach indóite san aer le linn gnáthoibríochta, ach má tharlaíonn sé, nach mairfidh sé ach ar feadh tréimhse ghearr.

Nótaí:

1. Caithfear cisil, deascáin nó cairn de dheannach a mheas mar aon fhoinse eile a d'fhéadfadh atmaisféar pléascadh a chruthú.

2. Ciallaíonn "Gnáthoibríocht" nuair a úsáidtear suiteálacha laistigh dá bparaiméadair dearaidh

*Cuid B*

Comhartha Rabhaidh le hAghaidh Áiteanna ina bhFéadfadh Atmaisféir Phléascacha Tarlú




**Áit ina bhféadfadh atmaisféar pléascach tarlú**

Airíonna saintréitheacha:

cruth triantánach,

litir dhubh ar chúlra buí le ciumhais dhubh (an chuid bhuí le ar a laghad 50% de limistéar an chomhartha a ghlacadh).

ARNA thabhairt faoi mo láimh,
14 Meitheamh 2007.

TONY KILLEEN,
An tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

## NÓTA MÍNIÚCHÁIN

*(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo agus ní airbheartaíonn sé bheith ina léiriú dlíthiúil.)*

1. Déanann na Rialacháin seo, i measc nithe eile, aisghairm agus ionadú ar—

(*a*) fhorálacha na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 1993 (I.R. Uimh. 44 de 1993) (seachas Cuid X den Dara Sceideal Déag a bhaineann le fógra a thabhairt i leith timpistí agus tarluithe contúirteacha, atá fós i bhfeidhm) nach ndearnadh a aisghairm faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2005 (I.R. Uimh. 392 de 2005) tar éis a n-ionchorprú san Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005), agus ar

(*b*) na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) 2001 (I.R. Uimh. 188 de 2001).

2. Déanann na Rialacháin seo aisghairm agus ionadú ar 20 shraith iomlán agus 4 pháirt d'fhorálacha díobh seo a leanas —

(*a*) Na Rialacháin Mhonarchan (Tuarascáil ar Scrúdú Crocháin agus Ardaitheoirí) 1956 (I.R. Uimh. 182 de 1956),

(*b*) An tOrdú um an Acht Monarchan 1955 (Díolúine) (Crocháin) 1957 (I.R. Uimh. 80 de 1957),

(*c*) An tOrdú um An Acht Monarchan 1955 (Ardaitheoirí) (Díolúine) 1960 (I.R. Uimh. 129 de 1960),

(*d*) Rialacháin 22 go 35 agus 37 agus 38 agus an Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin um na Dugaí (Sábháilteacht, Sláinte agus Leas) 1960 (I.R. Uimh. 279 de 1960),

(*e*) An tOrdú um an Acht Monarchan 1955 (Bealaí Ardaitheora) (Díolúine) 1962 (I.R. Uimh. 211 de 1962),

(*f*) Na Rialacháin Cairéal (Leictreachas) 1972 (I.R. Uimh. 50 de 1972),

(*g*) Na Rialacháin (Leictreachas) Mianach 1972 (I.R. Uimh. 51 de 1972),

(*h*) Na Rialacháin Cairéal (Ginearálta) 1974 (I.R. Uimh. 146 de 1974) go feadh an méid i Rialachán 3, na sainmhínithe le haghaidh "fearas ardaithe" agus "ualach sábháilte oibre", Rialacháin 40 agus 41, sa Chéad Sceideal "FOIRM Uimh.3" agus "FOIRM Uimh.5" agus an Dara Sceideal,

(*i*) Na Rialacháin um Thógáil agus Cóiriú Long (Sábháilteacht, Sláinte agus Leas) 1975 (I.R. Uimh. 322 de 1975) go feadh an méid i Rialachán 3(1), na sainmhínithe le haghaidh “trealamh ardaithe” agus “gléasra ardaithe” agus Rialacháin 32 go 48,

(*j*) An tOrdú um an Acht Monarchan 1955 (Bealaí Ardaitheora) (Díolúine) 1976 (I.R. Uimh. 236 de 1976),

(*k*) An tOrdú um an Acht Monarchan (Crocháin) (Díolúine) 1977 (I.R. Uimh. 13 de 1977),

(*l*) Na Rialacháin Mianach (Leictreachas) (Leasú) 1979 (I.R. Uimh. 125 de 1979),

(*m*) Na Rialacháin Cairéal (Leictreachas) (Leasú) Cairéal 1979 (I.R. Uimh. 126 de 1979),

(*n*) Ordú (Díolúine) (Ardaitheoirí) 1985 Achtanna Sábháilteachta sa Tionscal 1955 agus 1980 (I.R. Uimh. 132 de 1995),

(*o*) Na Rialacháin (um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Comharthaí) 1995 (I.R. Uimh. 132 de 1995),

(*p*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Forálacha Ilghnéitheacha Leasa) (I.R. Uimh. 358 de 1995),

(*q*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Leanaí agus Daoine Óga) 1998 (I.R. Uimh. 504 de 1998),

(*r*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Obair Oíche agus Uain-Obair) 2000 (I.R. Uimh. 11 de 2000),

(*s*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Fostaithe Torracha, srl.) 2000 (I.R. Uimh. 218 de 2000),

(*t*) Rialacháin 80 go 123 de Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2001 (I.R. Uimh. 481 de 2001),

(*u*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Atmaisféir Phléascacha) 2003 (I.R. Uimh. 258 de 2003),

(*v*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Obair ar Airde) 2006 (I.R. Uimh. 318 de 2006),

(*w*) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialú Creathaidh ag an Obair) 2006 (I.R. Uimh. 370 de 2006), agus

(*x*) Na Rialacháin (um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialú Torainn ag an Obair) 2006 (I.R. Uimh. 371 de 2006), seachas Rialacháin 11(3) de na Rialacháin sin.

Déanfar Rialachán 11(3) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialú Torainn ag an Obair) 2006 (I.R. Uimh. 371 de 2006) a chúlghairm ar an 14 Feabhra, 2008.

Déantar na cúlghairmeacha seo a fhorlíonadh leis an Ordú um an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Aisghairmeacha) (Tosach Feidhme) 2007 (I.R. Uimh. 300 de 2007) a dhéanann, i gcomhréir le hailt 1(2) agus 4(2) den of Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005), aisghairm na n-alt 33 go 35 agus 115 agus 116 den Acht Monarchan 1955 (Uimh. 10 de 1955) a ghníomhachtú chomh maith le hailt 28 agus 29 den Acht um Sábháilteacht i dTionscal 1980 (Uimh. 9 de 1980).

Trí ionadú a dhéanamh ar na forálacha reachtúla thuas, tá na Rialacháin seo á gcur i láthair ar bhealach níos féinchuimsithí, níos éasca a rochtain agus níos éasca a úsáid, mar shampla, trí athstrcuthúrú a dhéanamh ar leagan amach na Rialachán agus trí laghdú ar líon foriomlán na Sceideal trí ionchorprú a dhéanamh i bpríomhthéacs an Rialacháin seo ar fhorálacha a bhíodh leagtha amach i Sceidil roimhe seo. Coinníodh an phríomhéirim agus na ceanglais shubstainteacha mar an gcéanna tríd is tríd agus tá toirmisc na Rialachán atá á n-ionadú coinnithe sna Rialacháin seo.

3. Déanann na Rialacháin na 14 Treoir seo a leanas ón AE a thrasuí, ar treoracha iad a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas:

(*a*) Treoir 89/654/CEE ón gComhairle den 30 Samhain 1989 i ndáil leis na ceanglais íosta sábháilteachta agus sláinte don áit oibre [Caibidil 1 de Chuid 2, tag.];

(*b*) Treoir 89/655/CEE ó gComhairle den 30 Samhain 1989 i ndáil leis na ceanglais íosta sábháilteachta agus sláinte le haghaidh úsáid trealaimh oibre ag oibrithe ag an obair, arna leasú ag Treoir 95/63/CE ón gComhairlke den 5 Nollaig 1995, a leasaíonn Treoir 89/655/CEE ón gComhairle [Caibidil 2 de Chuid 2 agus Sceideal 1, tag.];

(*c*) Treoir 89/656/CEE ón gComhairle de 30 Samhain 1989 i ndáil leis na ceanglais íosta sábháilteachta agus sláinte le haghaidh úsáid trealaimh chosantaigh ag pearsanta [Caibidil 3 de Chuid 2 agus Sceideal 2, tag.];

(*d*) Treoir 90/269/CEE ón gComhairle den 29 Bealtaine 1990 i ndáil leis an gceanglas íosta sábháilteachta agus sláinte le haghaidh láimhsiú ualach i gcás go bhfuil baol ann go háirithe go ngortófaí droim na n-oibrithe [Caibidil 4 de Chuid 2 agus Sceideal 3 tag.];

(*e*) Treoir 90/270/CEE ón gComhairle den 29 Bealtaine 1990 i ndáil leis an gceanglas íosta sábháilteachta agus sláinte le bheith ag obair ar threalamh scáileán taispeána [Caibidil 5 de Chuid 2 agus Sceideal 4, tag.];

(*f*) Treoir 2001/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 27 Meitheamh 2001 a leasaíonn Treoir 89/655/CEE ón gComhairle i ndáil le húsáid trealaimh oibre nuair atá obair ar airde á déanamh [Cuid 4 de Sceideal 5, tag.];

(*g*) Treoir 2003/10/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 6 Feabhra 2003 i ndáil leis na ceanglais íosta sláinte agus sábháilteachta i ndáil le hoibrithe ag fáil teagmhas faoi lé oibreán fisiceach (torann) [Caibidil 1 de Chuid 5, tag.];

(*h*) Treoir 2002/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 25 Meitheamh 2002 i ndáil leis na ceanglais íosta sláinte agus sábháilteachta i ndáil le hoibrithe ag fáil teagmhas faoi lé baol a d'eascródh ó oibreáin fhisiceacha (tonnchrith) [Caibidil 2 de Chuid 5 agus Sceideal 6, tag.];

(*i*) na gnéithe sláinte agus sábháilteachta de Threoir 94/33/CE ón gComhairle den 22 Meitheamh 1994 i ndáil le daoine óga ag an obair a chosaint [Caibidil 1 de Chuid 6 agus Sceideal 7, tag.];

(*j*) forálacha sláinte agus sábháilteachta gairme de Threoir 92/85/CEE ón gComhairle den 19 Deireadh Fómhair, 1992 i ndáil le tabhairt isteach beart chun feabhsúcháin a spreagadh i sábháilteacht agus sláinte oibrithe torracha a raibh leanbh acu le déanaí nó atá i mbun beathú cíche [Caibidil 2 de Chuid 6 agus Sceideal 8, tag.];

(*k*) i ndáil le hoibrithe oíche agus sealoibrithe, forálacha cosanta sábháilteachta agus sláinte ó Airteagal 9 de Threoir 93/104/CE ón gComhairle den 23 Samhain 1993 i ndáil le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre [Caibidil 3 de Chuid 6, tag.];

(*l*) Treoir 92/58/CEE ón gComhairle den 24 Meitheamh 1992 i ndáil leis na ceanglais íosta le foráil do shábháilteacht agus sláinte agus/nó comharthaí sláinte ag an obair [Caibidil 1 de Chuid 7 agus Sceideal 9, tag.];

(*m*) Treoir 1999/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle de 16 Nollaig 1999 i ndáil leis na ceanglais íosta d'fhonn feabhas a chur ar chosaint sábháilteachta agus sláinte oibrithe a bheadh i mbaol ó theagmhas faoi lé atmaisféar pléascach [Cuid 8 agus Sceideal 10, tag.].

4. Déanann na Rialacháin seo nuachóiriú ar na ceanglais dlí i ndáil le húsáid shábháilte leictreachais ar an áit oibre [Cuid 3, tag.] agus foráil do shaoráidí garchabhrach ar an áit oibre [Caibidil 2 de Chuid 7, tag.].

5. Clúdaíonn Cuid 1 de na Rialacháin seo Léiriú Caighdeánach agus forálacha Ginearálta a chuimsíonn lua, léiriú agus aisghairmeacha agus agúis.

6. Baineann Cuid 2 de na Rialacháin leis an Áit oibre agus le húsáid Trealaimh Oibre ag an obair.

Leagtar amach i gCaibidil 1 de Chuid 2 de na Rialacháin na ceanglais a bhaineann le háiteanna oibre mar a mbaineann le nithe lena n-áirítear cobhsaíocht struchtúrth, aerú, teocht, soilsiú, urláir, ballaí, síleálacha agus díonta, fuinneoga agus spéirléasacha, doirse agus geataí, bealaí agus bealaí amach éalaithe éigeandála agus brath dóiteáin agus comhrac dóiteáin, gluaiseacht coisithe agus limistéir chontúirte feithiclí, bánna lódála agus rampaí, toisí seomra agus aerspás, ceanglais ghinearálta leasa, saoráidí sláintíochta agus níocháin.

Chun críche Chaibidil 1 de Chuid 2 de na Rialacháin ciallaíonn "áit oibre" áit oibre a bhfuil sé beartaithe stáisiúin oibre na n-oibrithe a bheith, ach amháin (*a*) cóir iompair a úsáidtear lasmuigh den ghnóthas nó áit oibre laistigh de chóir iompair, (*b*) láithreáin tógála, (*c*) tionscail eastóscthacha, (*d*) báid iascaireachta agus (*e*) páirceanna, coillte agus talamh atá ina cuid de ghnóthas talmhaíochta nó foraoiseachta ach atá scoite amach ó fhoirgnimh an ghnóthais.

I gCaibidil 2 de Chuid 2 agus Sceideal 1 de na Rialacháin leagtar amach na ceanglais a bhaineann le húsáid trealaimh oibre ag an obair i ndáil le nithe éagsúla lena n-áirítear dualgais an fhostóra maidir le trealamh oibre a bheith á úsáid ag a bhfostaithe, faisnéise agus oiliúint, iniúchadh ar threalamh oibre, cothabháil ar fheistí rialaithe, gardaí agus feistí cosantacha, nascadh le foinsí fuinnimh, teagmháil le rothaí nó rianta de threalamh oibre soghluaiste, córais tiomána ag trealamh oibre soghluaiste, innill dócháin de threalamh oibre soghluaiste, gabhailthrucail ardaithe, trealamh sábháilteachta de threalamh feintiomáinte oibre, rialacha tráchta le haghaidh trealamh oibre soghluaiste, trealamh oibre chun ualaigh a ardú, craenacha, trealamh oibre chun earraí agus daoine a ardú, ardaitheoirí, oiriúintí ardaithe, comharthaíocht agus oibriú trealamh ardaithe, iniúchadh agus tástáil thréimhsiúil ar lifting threalamh ardaithe, tuarascálacha ag daoine inniúla, taifid agus cláir de threalamh ardaithe, ualaigh sábháilte oibre le haghaidh tochaltóirí, teileláimseoirí agus lódálaithe, ceanglais le haghaidh creanacha 'scotch and guy' agus tógáil, tástáil agus iniúchadh agus lódáil shábháilte oibre d'oiriúintí ardaithe.

Chomh maithe le Treoir 89/655/CEE ón gComhairle agus Treoir 95/63/CE ón gComhairle, déanann Caibidil 2 de Chuid 2 de na Rialacháin nuachóiriú freisin agus ionadaíonn na forálacha de na "forálacha reachtúla iomchuí" a bhaineann le húsáid trealaimh oibre ag an obair trí cheanglais chaighdeánaithe agus aimrialtachtaí a bhaint nó míréireachtaí i ndáil le húsáid roinnt trealaimh oibre ag láithreacha éagsúla oibre.

I gCaibidil 3 de Chuid 2 agus Sceideal 2 de na Rialacháin leagtar amach na ceanglais i ndáil le foráil agus úsáid a bhaintear as Trealamh Cosantach Pearsanta (PPE) maidir le nithe éagsúla lena n-áirítear soláthar agus úsáid, measúnú ar PPE, coinníollacha úsáide agus comhoiriúnacht PPE, úsáid phearsanta PPE, cothabháil agus ionadú PPE agus faisnéis, oiliúint agus traenáil.

I gCaibidil 4 de Chuid 2 agus Sceideal 3 de na Rialacháin leagtar amach na ceanglais a bhaineann le Láimhsiú Ualaich i ndáil le dualgais an fhostóra bearta eagrúcháin a ghlacadh chun go seachnófaí an gá le haghaidh láimhsiú na n-ualach nach féidir a sheachaint, bearta iomchuí a ghlacadh nó modhanna iomchuí a úsáid d'fhonn laghdú ar an mbaol d'fhostaithe i mbun láimhsiú na n-ualach.

I gCaibidil 5 de Chuid 2 agus Sceideal 4 de na Rialacháin leagtar amach na ceanglais i ndáil le Trealamh Scáileán Taispeána (DSE) a sholáthar i ndáil le dualgais an fhostóra maidir le hanailís ar an stáisiún oibre, ar phleanáil oibre, ceanglais íosta le haghaidh DSE, faisnéis, oiliúint agus tástálacha sula a sholáthar maille le gaireas ceartaitheach.

7. Leagtar amach i gCuid 3 de na Rialacháin i ndáil le Leictreachas réimse ceanglas lena n-áirítear oiriúnacht an trealaimh leictrigh agus na suiteálacha leictreacha, timpeallachtaí díobhálacha nó guaiseacha, comharthú agus marcáil, cosaint i gcoinne turraing leictreach, trealamh iniompartha, ceangail agus cáblaí, cosaint forshrutha, trealamh cúnta agus soláthar leictreachais, lascadh agus leithlisiú le haghaidh oibre ar threalamh atá déanta neamhbheo, réamhchúraimí le haghaidh oibre ar threalamh leictreach, spás oibre, rochtain agus soilsiú, daoine inniúla, tástáil agus iniúchadh, cosaint ó ligean go talamh le haghaidh voltais níos airde, lascsheomraí, fálú ar threalamh lasmuigh agus línte lastuas agus cáblaí faoi thalamh.

8. Leagtar amach i gCuid 4 agus Sceideal 5 de na Rialacháin i ndáil le hObair ar airde réimse ceanglas maidir le nithe éagsúla lena n-áirítear eagrúchán, pleanáil agus measúnú baoil ar obair ar airde seiceáil ar áiteanna oibre ar airde, dálaí aimsire, baoil a sheachaint ó bheith ag obair ar airde, cosaint ag láithreacht oibre ar airde, trealamh oibre a roghnú le haghaidh oibre ar airde, caoi na ndromchlaí taca le haghaidh struchtúr, cobhsaíocht an struchtúir thaca, ráillí cosanta, coschláir, bacainní srl, cobhsaíocht na n-ardán oibre, sábháilteacht ar ardáin oibre, ualaí a chur ar ardán oibre agus struchtúir thaca, ceanglais bhreise le haghaidh scafaill, cosaintí comhchoiteanna chun titimí a chosc, córais chosanta do thitim phearsanta, córais suite oibre, rochtain rop nó teiníc suite, córais chun cosc a chur le titim, córais srianta oibre, dréimirí, dromchlaí leochaileacha, rudaí ag titim, limistéir chontúirte agus iniúchadh ar threalamh oibre.

9. Baineann Cuid 5 de na Rialacháin le bheith faoi lé Oibreán Fisiceach ag an obair.

Leagtar amach i gCaibidil 1 de Chuid 5 de na Rialacháin na ceanglais a bhaineann le Rialú Torainn ag an Obair lena n-áirítear luachanna teagmhas faoi lé agus gníomhluach teagmhas faoi lé, forálacha atá dírithe ar an teagmhas faoi lé a laghdú, feidhmiú na ngníomhluachanna uasta teagmhas faoi lé, cosc ar theagmhas faoi lé de leibhéal torainn 85dB(A), feidhmiú uasluach teagmhas faoi lé, cosaint phearsanta, faisnéis, oiliúint agus comhairliúchán don fhostaí, fairseachas sláinte, taifid agus éifeachtaí agus díolúintí.

Leagtar amach i gCaibidil 2 de Chuid 5 agus Sceideal 6 de na Rialacháin ceanglais a bhaineann le Rialú ar Thonnchrith ag an Obair lena n-áirítear teagmhas faoi lé uasluachanna de theagmhas faoi lé agus gníomhluachanna, cinneadh agus measúnú na mbaol, forálacha atá díthe ar theagmhas faoi lé a sheachaint, feidhmiú na ngníomhluachanna teagmhas faoi lé, faisnéis agus oiliúint d'fhostaithe, faireachas sláinte, taifid agus éifeachtaí agus díolúintí.

10. Baineann Cuid 6 de na Rialacháin le Grúpaí Baoil Íogaire.

Leagtar amach i gCaibidil 1 de Chuid 6 agus Sceideal 7 de na Rialacháin na ceanglais a bhaineann le Cosaint Leanaí agus Daoine Óga lena n-áirítear measúnú baoil, cúinsí a thoirmiscfeadh fostú linbh nó duine óig agus fairseachas sláinte. An aidhm atá leis na forálacha seo tá ath-thrasuí a dhéanamh ar is Threoir 94/33/CE ón gComhairle i ndáil le cosaint daoine óga ag an obair. Cuireadh na ceanglais eile ón Treoir seo i bhfeidhm san Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996.

I gCaibidil 2 de Chuid 6 agus Sceideal 8 den Rialachán leagtar amach na ceanglais a bhaineann le Cosaint Fostaithe Torracha, Iarbhreithe agus Fostaithe atá i mbun Cothú Cíche, lena n-áirítear measúnú baoil, bearta cosantacha nó coisctheacha, obair oíche agus faisnéis. An aidhm atá leis na forálacha seo ná trasuí a dhéanamh ar fhorálacha sábháilteachta agus sláinte na Treoracha 92/85/CEE ón gComhairle, den 19 Deireadh Fómhair, 1992 i ndáil le tabhairt isteach beart chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus sláinte oibrithe torracha atá tar éis leanbh a bheith acu le déanaí nó atá i mbun cothú cíche.

I gCaibidil 3 de Chuid 6 de na Rialacháin leagtar amach na ceanglais a bhaineann le hObair Oíche agus Sealobair lena n-áirítear dualgais ghinearálta atá ar fhostóirí maidir le hoibrithe oíche agus sealoibrithe, measúnú a dhéanamh ar obair oíche agus meaúnú sláinte agus aistriú chuig obair lae. An aidhm leis na forálacha seo ná éifeacht a thabhairt, i ndáil le sealoibrithe, d'fhorálacha cosantacha Airteagal 9 de Threoir 93/104/CE den 23 Samhain, 1993 i ndáil le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre. I measc nithe eile éilíonn siad ar fhostóirí, a fhostaíonn oibrithe oíche, measúnú a dhéanamh, chun críche na n-uaireanta uasta oibre oíche atá ceadaithe faoi ailt 16(2)(*a*) agus 16(2)(*b*) den Acht um Eagrú Ama Oibre 1997 (Uimh. 20 de 1997) (i. an tAcht trína cuireadh príomhfhorálacha na Treorach i bhfeidhm in Éirinn), ar an mbaol do shábháilteacht agus sláinte a bhaineann le hobair na n-oibrithe oíche atá fostaithe acu ag féachaint le cinneadh a dhéanamh cibé acu an bhfuil guaiseacha speisialta nó brú mór fisiceach nó meabhrach ag baint leis na obair. Éilíonn siad freisin ar fhostóir, a n-éiríonn a bhfostaithe tinn nó a léiríonn comharthaí de dhrochshláinte mar thoradh ar bheith ag obair istoíche, obair i rith an lae a athshannnadh do na hoibrithe sin atá níos feiliúnach dóibh, i gcás inar féidir é.

11. Baineann Cuid 7 de na Rialacháin le Comharthaí Sábháilteachta agus Garchabhrach

I gCaibidil 1 de Chuid 7 agus Sceideal 9 de na Rialacháin leagtar amach ceanglais i ndáil le Comharthaí Sábháilteachta ar Áiteanna oibre a sholáthar, lena n-áirítear comharthaí sábháilteachta, faisnéis agus oiliúint a sholáthar

d'fhostaithe, comharthaí neamhúdaraithe faisnéise a thoirmeasc, cláir chomharthaí, comharthaí soilsithe, comharthaí fuaimiúla agus comharthaí láimhe. Baineann na forálacha seo le gach áit oibre agus tagraíonn siad do rud, gníomh nó cás ar leith a chuireann faisnéis ar fáil faoi shábháilteacht agus sláinte ag an obair.

Leagtar amach i gCaibidil 2 de Chuid 7 de na Rialacháin na ceanglais a bhaineann le garchabhair ar áiteanna oibre lena n-áirítear trealamh garchabhrach a sholáthar, garchabhraithe gairme agus seomraí garchabhrach.

12. Baineann Cuid 8 agus Sceideal 10 de na Rialacháín le hAtmaisféir Phléascacha ag Áiteanna oibre agus leagann amach ceanglais éagsúla lena n-áirítear ceanglais i ndáil le measúnú ar an mbaol go dtarlódh pléasc, aicmiú ar áiteanna ina bhféadfadh atmaisféar pléascach tarlú, cosc ar phléasc, sábháilteacht innealra, trealamh agus córais chosantacha, oiliúint, treorach, ceadanna oibre, cosaint fostaithe ó phléasc agus comhordú ag áiteanna oibre. Déanann na forálacha seo de na Rialacháín trasuí ar Threoir 1999/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 16 Nollaig 1999 i ndáil le ceanglais íosta d'fhonn feabhas a chur ar shábháilteacht agus sláinte na n-oibrithe a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó atmaisféir phléascacha. I dTreoir 1999/92/CE sainmhíniú ar "atmaisféar pléascach" mar seo a leanas: 'meascán d'aer faoi dhálaí atmaisféaracha, de shubstaintí so-adhainte i bhfoirm gás, gal agus ceobhrán nó deannaigh ina leathann an dó amach, tar éis a lasta, chuig an meascán neamhdhóite go léir ".

Éilítear ar fhostóirí áiteanna ar an áit oibre a aicmiú ina bhféadfadh atmaisféir phléascacha tarlú ina n-áiteanna guaiseacha agus neamhghuaiseacha. Caithfidh siad na háiteanna sin a aicmítear ina n-áiteanna guaiseacha a roinnt ina limistéir agus bearta sonracha coisctheacha a fheidhmiú iontu. Áiríonn na bearta seo trealamh agus córais chosantacha a roghnú de réir na gcatagóirí arna leagan amach i gCuid 8 agus Sceideal 10 de na Rialacháin. Sainítear an trealamh agus na córais sin i dTreoir 94/9/CE (a trasuíodh in Éirinn trí mheán na Rialachán (Trealamh agus Córais Chosantacha Beartiahte le hÚdáid in Atmaisféar Pléascach Féideartha) 1999 ón gComhphobal Eorpach (I.R. Uimh. 83 de 1999)) mar seo a leanas:

(*a*) Ciallaíonn "Trealamh" meaisíní, gaireas, feisí daingnithe nó soghluaiste, comhpháirteanna rialaithe agus ionstraimiú orthusan agus córais bhraite nó choisc atá bearta, ar leithligh nó i gcomhar lena chun fuinneamh a ghiniúint, a aistriú, a stóráil, a thomhas, a rialú agus a thiontú chun próiseáil a dhéanamh ar ábhar agus ar córais iad a bhfuil de chumas acu bheidh ina gcúis le pléasc, trí mheán a bhfoinsí adhainte poitéinsiúla féin.

(*b*) Ciallaíonn "córais chosantacha" aonaid deartha atá beartaithe chun pléascanna tosaigh a stad láithreach agus/nó raon lasracha na pléisce agus brúnna na pléisce a theorannú. Féadfar córais chosantacha a chomhtháthú le trealamh nó a chur ar an margadh ina n-aonar le húsáid mar chórais neamhspleácha.

13. Faoi réir na dtréimhsí sonracha dá dtagraítear i Rialacháin 9, 122 agus 134, tiocfaidh na Rialacháin seo um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 i bhfeidhm an 1 Samhain 2007.

Wt. (B24673). 35. 1/10. Cahill. Gr.30-15.